# Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn

# 2013-2023*





**Pleanáil chun Cinn**
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh

Arna ghlacadh an 25 Márta 2013

I bhfeidhm ó 21 Aibreain 2013

Iarchur Fógra de bhun Alt 19(1)(d) do thréimhse de chúig bliana ó 26 Feabhra 2018

## Clár


Leathanach

**1. Réamhrá ... 3**

1.1 Brollach ... 3
1.2 Léargas ar Mhaigh Cuilinn ... 3
1.3 Plean Ceantair Áitiúil ... 4
1.4 Príomh-Fhaisnéiseoirí agus Breithnithe an Phlean ... 5

**2. Réamhrá ... 8**

2.1 Fís Straitéiseach ... 8
2.2 Straitéis Forbartha ... 9

**3. Beartais, Cuspóirí agus Treoirlínte Forbartha ... 14**

3.1 Bainistiú Talamhúsáide ... 14
3.2 Forbairt Chónaitheach ... 14
3.3 Forbairt Shóisalta agus Pobail ... 24
3.4 Forbairt Eacnamaíoch ... 26
3.5 Bonneagar Iompair ... 29
3.6 Fóntais agus Bonneagar Comhshaoil ... 34
3.7 Deafradh Uirbeach agus Tírdhreach ... 43
3.8 Oidhreacht Thógtha agus Oidhreacht Chultúrtha ... 45
3.9 Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht ... 49

**4. Léarscáileanna an Phlean Ceantair Áitiúil ... 54**

# 1. Réamhrá

## 1.1 Brollach

Is plean talamhúsáide agus straitéis fhoriomlán le haghaidh Maigh Cuilinn a fhorbairt sa tréimhse 2013-2019 atá sa phlean seo. Beidh feidhm leis an bplean ón dáta a nglacfaidh baill Chomhairle Contae na Gaillimhe leis agus beidh deireadh lena fheidhm nuair a bheith sé bliana caite ón dáta sin, ach amháin má dhéantar síneadh ar an bhfráma ama le rún, de réir Alt 12 (d) den Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010. Beidh tionchar dearfa ag feidhmiú rathúil an phlean ar Mhaigh Cuilinn, cinnteoidh sé go ndéanfar forbairt inbhuanaithe air, agus beidh sé ina chomhlánú ar fheidhmiú Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe mar atá faoi láthair.

## 1.2 Léargas ar Mhaigh Cuilinn

Is sráidbhaile beag é Maigh Cuilinn atá suite timpeall 10km siar ó thuaidh ó lár Chathair na Gaillimhe, ag acomhal an bhóthair den dara grád N59 go dtí An Clochán agus an bóthar áitiúil ón Spidéal go Cnoc (Knockferry). Tá an sráidbhaile i gceantar Gaeltachta chomh maith. Tá sé suite idir fánaí Droma Bheag agus Cruach Chill Ogula, ag breathnú síos ar Loch Coirib ar an taobh thoir, le coillte ó thuaidh agus tailte ardaithe ar an taobh thiar, tá roinnt foirgneamh dúchasacha scaipthe timpeall lár an tsráidbhaile, agus forbairtí nua cónaithe agus measctha le feiceáil ar na bóithre isteach sa sráidbhaile Tá siopaí, áitribh tráchtála agus saoráidí éagsúla i Maigh Cuilinn, a chuireann réimse seirbhísí agus fóntas ar fáil dóibh siúd a chónaíonn sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird. Bunscoil amháin atá sa sráidbhaile, agus níl iarbhunscoil ar bith ann - de ghnáth taistealaíonn daltaí go Cathair na Gaillimhe le meánoideachas a fháil. Cuirtear beagán fostaíochta ar fáil go háitiúil i miondíol, seirbhísí agus in earnála beaga tionsclaíochta/fiontraíochta. Suite mar atá sí i gceantar álainn agus in aice le Cathair na Gaillimh, tá Maigh Cuilinn tarraingteach mar áit chónaithe




Tá patrún agus cuma na forbartha sa sráidbhaile faoi thionchar ag an tírdhreach, an topagrafaíocht agus gnéithe nádúrtha an cheantair le blianta anuas. Rinneadh athfhorbairt ar chroí tráchtála na háite le blianta beaga anuas, ach is beag forbartha a rinneadh ar na ceantair foraoise atá tábhachtach ó thaobh bithéagsúlachta agus éiceolaíochta. Rinneadh an chuid is mó den fhorbairt nua cónaitheach in iardheisceart agus in oirthuaisceart an tsráidbhaile.

Is cuid de cheantar Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe é Maigh Cuilinn, limistéir a shíneann timpeall 20km go 25km timpeall ar theorainn Chathair na Gaillimhe, áit a raibh fás suntasach i dtréimhse Daonáireamh roimhe seo mar gheall ar a bheith gar do Chathair na Gaillimhe agus an bonneagar straitéiseach agus na deiseanna fostaíochta atá sa cheantar. Dá bharr sin, tá daonra Mhaigh Cuilinn ag fás le blianta anuas. Dar le Daonáireamh 2006, bhí daonra 1,237 sa sráidbhaile, méadú 40.1% ar fhigiúr na bliana 2002. Léiríonn Daonáireamh 2011 go raibh daonra 1,559 sa sráidbhaile, méadú 26% ar leibhéal 2006. Tá Maigh Cuilinn aitheanta mar cheann de na Sráidbhailte Eile sa Chroí-Straitéis agus i Straitéis Lonnaíochta Phlean reatha Forbartha Contae na Gaillimhe. Is ionann Sráidbhailte Eile agus lonnaíochta a chuireann réimse seirbhísí níos teoranta ar fáil do

chúlchríocha atá níos lú ná moil seirbhísí, bíonn réimse seirbhísí miondíola agus oideachais ar fáil iontu go minic ach raon srianta de sheirbhísí airgeadais, sláinte agus pobail. Tá sé tábhachtach mar sin go mbíonn an fás atá á thuar faoi stiúir ag plean, ionas go mbeidh Maigh Cuilinn in ann cur lena bheocht agus fás ar bhealach inbhuanaithe.

## 1.3 Plean Ceantair Áitiúil

### 1.3.1 Cúlra an Phlean Ceantair Áitiúil

Tá an Plean Ceantair Áitiúil seo ullmhaithe ag Comhairle Contae na Gaillimhe le creat reachtúil a sholáthar d'fhás agus d'fhorbairt Mhaigh Cuilinn sna blianta atá romhainn. Tá sé ag teacht leis na beartais agus na cuspóirí atá i bPlean Forbartha reatha Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear Croí-Straitéis, agus déantar iarracht ann dul i ngleic le riachtanais agus le mianta an phobail áitiúil, na soláthraithe seirbhísí agus na bpáirtithe leasmhara eile. Is é is cuspóir don Phlean Ceantair Áitiúil forbairt an tsráidbhaile sa todhchaí a threorú ar bhealach inbhuanaithe cothrom agus eolas a thabhairt do bhaill den phobal, don phobal áitiúil, do pháirtithe leasmhara agus do lucht forbartha faoi na beartais agus na haidhmeanna a rachaidh i bhfeidhm ar fhorbairt an tsráidbhaile sna 6 bliana atá romhainn. Áirítear sna beartais agus sna haidhmeanna ar son fhorbairt an tsráidbhaile forálacha maidir le bainistiú Talamhúsáide, saoráidí pobail, fóntais, iompar, bonneagar, dearadh uirbeach, oidhreacht chultúrtha, oidhreacht nádúrtha agus an comhshaol.

Tréimhse 6 bliana a bheidh ag an bplean, ón dáta a nglacann Comhairle Contae na Gaillimhe leis, ach amháin má chuirtear síneadh leis an bhfráma ama le rún de réir Alt 12 (d) den Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010. Tá ceantar an phlean comhdhéanta den sráidbhaile agus do cheantar mórthimpeall air agus meastar go gcuireann sé imchlúdach oiriúnach ar fáil don bhfás a bhfuiltear ag súil leis sa sráidbhaile le linn tréimhse an phlean.

### 1.3.2 An Próiseas Reachtúil

Ullmhaítear Plean Ceantair Áitiúil faoi fhorálacha Ailt 18, 19 & 20 den Acht um Phleanáil & Forbairt 2000, arna leasú ag an Acht Pleanála agus Forbartha 2002, an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, na Rialacháin um Phleanáil & Forbairt Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004 go 2011 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 go 2011. Tá dualgas reachtúil ar Phlean Ceantair Áitiúil a bheith ag réiteach le cuspóirí Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus tá sé comhdhéanta de ráiteas scríofa agus pleananna, ina bhféadfaí cuspóirí maidir le criosú talún de réir pleanáil cheart agus de réir fhorbairt inbhuanaithe a cheantair a áireamh. Faoin reachtaíocht chomh maith ní mór sonraí faoi shaoráidí agus fóntais an phobail, agus sonraí faoi na caighdeáin deartha le haghaidh forbairtí agus struchtúir a chur ar fáil.

Bíonn Pleananna Ceantair Áitiúla faoi réir ag measúnuithe éagsúla comhshaoil le measúnú a dhéanamh ar thionchair ionchasacha an Phlean Ceantair Áitiúil ar an gcomhshaol; bíonn Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Treoir Gnáthóga san áireamh. Maidir le Maigh Cuilinn tá Scagthástáil Straitéiseach Measúnú Comhshaoil déanta, de réir Treoir an AE um MSC (2001/42/EC), na Rialacháin Náisiúnta um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (IR Y+Uimh. 436 de 2004 `agus (IR Uimh. 201 de 2011) agus Treoirlínte Measúnú Straitéiseach Comhshaoil 2004 , Feidhmiú Threoir MSC (2001/42/EC): Measúnú Timpeallachta ar Phleananna agus Chlár áirithe ar an gComhshaol eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) agus cheadaigh sé ciorclán PSSP 6/2011 'Trasuíomh Breise ar Threoir AE 2011/42/EC ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil. Deimhníodh ón scagthástáil nach dócha go mbeadh tionchar suntasach comhshaoil ag an Plean Cheantair Áitiúil do Mhaigh Cuilinn agus dá bhrí sin níor ghá Tuarascáil Chomhshaoil a ullmhú.

Is ionann Measúnú Treoir Gnáthóga (ar a dtugtar chomh maith 'Measúnú Cuí') agus measúnú ar impleachtaí phlean nó tionscadail, ann féin nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar shláine suíomh Eorpaigh atá ina chuid den líonra Natura 2000, i bhfianaise a chuspóirí caomhnaithe. Tá Scagthástáil Measúnú Cuí ullmhaithe mar chuid den Mheasúnú Treoir Gnáthóga de réir Alt 6(3) de Threoir an AE um Ghnáthóga (92/43/EEC), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 agus Measúnú Cuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Pleanála 2010 a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil agus an tAcht

Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe). Dheimhnigh an Scagthástáil nach mbeadh tionchar díobhálach ag an Plean Cheantair Áitiúil leis féin, agus/nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar shláine suímh Eorpacha i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na suíomh.

Tá Measúnú ar Riosca Tuilte ullmhaithe do Chontae na Gaillimhe, agus tá an riosca tuilte i gCeantar an Phlean áirithe ann. Tá an Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte ullmhaithe de réir Treoir Tuilte an AE (2007/60/CE) Rialacháin Náisiúnta na gComhphobal Eorpach (Measúnú agus Bainistiú Rioscaí Tuilte) 2010 (IR Uimh 122 de 2010) agus an Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca Tuile d'Údaráis Phleanála 2009 a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá na ceantair le riosca tuilte a aithníodh mar chuid den Réamh-Mheasúnú Riosca Tuilte scrúdaithe agus deimhnithe ag an mapáil Measúnú Straitéiseach Riosca atá foilsithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus áirítear ann freisin na ceantair bhreise a aithníodh trí na cleachtaí Groundtruthing a rinneadh, a mheastar a bheith i mbaol tuilte riosca chomh maith. Tá na sonraí ábhartha maidir le riosca tuilte, mar aon le moltaí agus bearta maolaithe ón Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte agus an Réamh-Mheasúnú Riosca Tuilte áirithe sa Phlean Ceantair Áitiúil.

### 1.3.3 Struchtúr an Phlean

Tá ceithre roinn déanta de struchtúr an Phlean Ceantair Áitiúil mar a imlínítear thíos:

| | |
|---|---|
| Roinn 1 | Réamhrá<br>Brollach<br>Gearrchuntas ar Mhaigh Cuilinn<br>Plean Ceantair Áitiúil<br>Faisnéiseoirí agus Breithnithe an Phlean |
| Roinn 2 | Fís Straitéiseach agus Straitéis Forbartha<br>Fís Straitéiseach<br>Straitéis Forbartha |
| Roinn 3 | Beartais, Cuspóirí agus Treoirlínte Forbartha<br>Bainistiú Talamhúsáide<br>Forbairt Chónaitheach<br>Forbairt Shóisialta agus Phobail<br>Forbairt Eacnamaíoch<br>Bonneagar Iompair<br>Bonneagar Fóntas agus Comhshaoil<br>Dearadh Uirbeach agus Tírdhreach<br>An Oidhreacht Thógtha agus an Oidhreacht Chultúrtha<br>Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht |
| Roinn 4 | Léarscáileanna an Phlean Ceantair Áitiúil<br>Léarscáil 1A & 1B – Aicmiú Talamhúsáide<br>Léarscáil 2A & 2B – Cuspóirí Sonracha<br>Léarscáil 3A & 3B – Bainistiú Riosca Tuilte |

Tá an Scagthástáil Measúnú Cuí, an Scagthástáil Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte do Chontae na Gaillimhe 'Conclúidí maidir le Criosanna Riosca Tuilte Táscacha Mhaigh Cuilinn ar na cáipéisí tacaíochta atá ar fáil ar leithligh ón bplean.

## 1.4 Príomh-Fhaisnéiseoirí agus Breithnithe an Phlean

### 1.4.1 Faisnéiseoirí an Phlean

Tá ullmhúchán an Phlean Ceantair Áitiúil bunaithe ar fhaisnéis ó raon leathan ionchur, lena n-áirítear:

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán Poiblí | Saincheisteanna a thóg an pobal áitiúil agus páirtithe leasmhara eile trí fhoilsiú an Pháipéir ar Shaincheisteanna Cúlra, dréacht comhairliúchán poiblí agus aighneachtaí scríofa. |

| | |
|---|---|
| An Comhthéacs Reachtaíochta | An reachtaíocht ábhartha pleanála agus comhshaoil uile Éireannach agus Eorpach, go háirithe an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000-2010, na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001-2011; Treoracha AE, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉin (2009/147/EEC); an Treoir Gnáthóga (92/43/EEC); an Chreat-Threoir Uisce (2000/60/EC), Treoir SEA (2001/42/EC), an Treoir um Thuilte (2007/60/EC) agus na Rialacháin ábhartha a bhaineann leo. |
| An Comhthéacs Straitéiseach Pleanála | Cáipéisí agus treoirlínte polasaí náisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe: an Straitéis Forbartha Inbhuanaithe d'Éirinn 1997}; Ár dTodhchaí Inbhuanaithe - Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn 2012, an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013; an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2022, na Treoirlínte um Phleanáil Réigiúnach do Réigiún an Iarthair 2010-2022, Athrú Aeráide Náisiúnta in Éirinn 2007-2012, Taisteal Níos Cliste - Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009-2020, agus raon de threoirlínte lena n-áirítear na Treoirlínte SEA 2004, Forbairt Inbhuanaithe Chónaitheach i gCeantair Uirbeacha 2009, Pleanáil Córas agus Treoirlínte Bainistíochta Baol Tuilte d'Údaráis Phleanála 2009, Cur i bhFeidhm Threoir SEA: Measúnú ar Éifeachtaí Phleananna agus Chláir Áirithe ar na Treoirlínte Comhshaoil 2004, Measúnú Cuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn - Treoir do Údaráis Phleanála 2010 , Pleanáil Miondíola - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 2012, Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, agus Pleananna Ceantair Áitiúla Dréacht -Dréacht-Threoirlínte Comhairliúcháin Phoiblí d'Údaráis Phleanála 2012. |
| An Comhthéacs Reachtúil Pleanála | Pleananna reachtúla, go háirithe an Plean Ceantair Áitiúil a bhí ann roimhe seo don sráidbhaile agus an gá atá le comhlíonadh agus comhleanúnachas le Plean Forbartha comhaimseartha Chontae na Gaillimhe agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010-2022. |
| An Comhthéacs Pleanála Áitiúil | Pleananna, straitéisí agus staidéir áitiúla, lena n-áirítear Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2014, an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2008-2013; Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2009-2014; Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe 2002; Turasóireacht Inbhuanaithe a Fhorbairt do Ghaillimh: Creat Gníomhaíochta 2003-2012; Turasóireacht Uisce: Fís Straitéiseach do Ghaillimh 2001; agus Ar Scáth a Chéile : Ár dTodhchaí á Múnlú: Straitéis Forbartha Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha do Chontae na Gaillimhe 2002-2012. |
| Measúnú Comhshaoil | Measúnú ar thionchair ionchasacha an Phlean Ceantair Áitiúil, lena n-áirítear Measúnú Straitéiseach Comhshaoil, Scagthástáil Measúnú Cuí agus Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte do Chontae na Gaillimhe. |

### 1.4.2 Saincheisteanna, Breithnithe agus Dúshláin an Phlean

Cuimsítear raon leathan saincheisteanna, breithnithe agus dúshlán i bpleanáil agus i bhforbairt inbhuanaithe Mhaigh Cuilinn agus cuireadh béim ar go leor díobh seo le linn an phróiseas comhairliúcháin. Déantar iarracht sa phlean riachtanais éagsúla an phobail, úinéirí talún, agus an chomhshaoil, atá ag teacht salach ar a chéile uaireanta, a réiteach le chéile, agus ról tábhachtach Mhaigh Cuilinn i gContae na Gaillimhe a chur chun cinn ag an am céanna. Bhí siad seo a leanas i measc saincheisteanna, breithnithe agus dúshláin mhóra an phlean:

- **Fís Choitianta** Ní mór fís straitéiseach choitianta a fhorbairt a chuirfidh creatlach dearfa ar fáil d'fhás, do chomhdhlúthú agus d'fheabhsú an tsráidbhaile sa todhchaí de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

- **Croí-Straitéis** Dar le Croí-Straitéis Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe beidh spriocfhás suas le 408 duine ar dhaonra Mhaigh Cuilinn faoi 2015, agus beidh gá dá réir le 11.78ha de thalamh criosaithe le haghaidh cuspóirí cónaithe (bunaithe ar ró-aicmiú 50%). Ceann de phríomhghnéithe an Phlean is ea na láithreacha is fearr a roghnú mar ionaid chónaitheacha sa sráidbhaile le freastal ar an bhfás seo agus le cinntiú go dtarlóidh an fhorbairt chónaitheach ar bhealach ordúil seicheamhach.

- Fás daonra: Tá daonra Mhaigh Cuilinn ag fás go leanúnach sa dá thréimhse Daonáirimh atá caite. Is gné thábhachtach den phleanáil don todhchaí patrúin lonnaíochta inbhuanaithe a chinntiú, lena n-áirítear an creat riachtanach pleanála a sholáthar, le háiseanna oideachais, pobail, fóillíochta agus caitheamh aimsire a chur in oiriúint go sásúil d'fhás an daonra.

- **Suíomh Straitéiseach** Tá Maigh Cuilinn suite ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta N59 in aice le Cathair na Gaillimhe agus ar an mbealach isteach i mórcheantar Chonamara. Chuirfí bonn láidir bonneagair ar fáil le leas a bhaint as suíomh straitéiseach Mhaigh Cuilinn leis an Seachbhóthar atá beartaithe agus na moltaí le haghaidh bealach Faoisimh Laistigh, agus an sráidbhaile ag fás amach anseo.

- **Bonneagar agus Iompar Inbhuanaithe:** Obair d'fhonn a chinntiú go ndéanfar an bonneagar a fhorbairt ar bhonn leanúnach le freastal ar fhorbairtí sa todhchaí agus ar an bhfás atá beartaithe sa daonra, agus a chinntiú san am ceanna go gcomhlíontar na dualgais reachtúla maidir le stádas caighdeán maith uisce a bhaint amach faoi Chreat-Threoir Uisce an A E agus an reachtaíocht náisiúnta a ghabhann léi. Cé go bhfuil deiseanna don iompar poiblí teoranta i Maigh Cuilinn, le Seachbhóthar agus b'fhéidir bealach Faoisimh Laistigh bheadh deis shuntasach ann le díriú ar mhodhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn agus a chothú, ar nós siúl agus rothaíocht, i gceantar an tsráidbhaile agus mórthimpeall air, agus d'fhéadfaí an ráille traenach idir An Clochán agus Gaillimh a chur san áireamh. Tugtar an-aird chomh maith ar sheirbhís bus a sholáthar mar aon leis na saoráidí a ghabhann léi le spleáchas ar charrana a laghdú trí Talamhúsáide agus iompar a chomhtháthú agus trí thograí Taisteal Cliste níos leithne.

- **Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus Turasóireacht** Ról Mhaigh Cuilinn mar lárionad fostaíochta le haghaidh áitritheoirí an tsráidbhaile an cheantair máguaird a chinntiú trí uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a eascraíonn as a fhogasacht do Chathair na Gaillimhe agus a shuíomh mar gheata go limistéar leathan Chonamara. Tá sé tábhachtach gnólachtaí áitiúla agus mionscála a chothú trí bheocht agus bríomhaireacht lár an bhaile a chosaint, fiontair oiriúnacha turasóireachta a chur chun cinn agus a éascú, agus a chinntiú i gcónaí go mbíonn Maigh Cuilinn tarraingteach mar áit oibre agus chónaithe, agus mar ionad cuairteoireachta agus gnó.

- Oidhreacht agus Comhshaol Fás cuí an tsráidbhaile a chur chun cinn agus a éascú, agus oidhreacht thógtha, chultúrtha agus dúlra Mhaigh Cuilinn a chosaint ag an am céanna le reachtaíocht agus beartais infheidhmithe. Cuirtear san áireamh an t-ainmniú comhshaoil in aice le teorainn an phlean agus laistigh di.

- Tuilte Bhí saincheisteanna ionchasacha tuilte i gceantar an phlean tábhachtach mar chuid d'ullmhúchán Plean Ceantair Áitiúil nua, go háirithe agus talamh le criosú le haghaidh úsáid chuí ags mar-sin, tá an Plean Forbartha Áitiúil faoi threoir ag Réamh-mheasúnú Baol Tuilte Oifig na nOibreacha Poiblí, An Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte do Chontae na Gaillimh lena n-áirítear Conclúidí Measúnú Baol Tuilte do Mhaigh Cuilinn agus an Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009.

# 2. Réamhrá

## 2.1 Fís Straitéiseach

Tá fís straitéiseach mar bhonn don Phlean Ceantair Áitiúil, mar threoir d'fhás agus d'fhorbairt Mhaigh Cuilinn ar bhealach inbhuanaithe, leis an gcuspóir foriomlán atá leagtha amach don sráidbhaile i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a bhaint amach, ar bhealach a léiríonn carachtar agus fóntas an cheantair mar atá, an tírdhreach máguaird, an oidhreacht agus an comhshaol agus a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do na háitritheoirí agus don phobal áitiúil. Tá na bunphrionsabail treoracha seo a leanas laistiar den bhfís straitéiseach:

- Cumas agus ról an tsráidbhaile sa chontae a bhaint amach agus an sprioc daonra atá bunaithe sa Chroí-Straitéis a mhealladh suas go 2015 agus ina dhiaidh sin.

- Riachtanais agus mianta na bpobal áitiúla, lucht gnó agus grúpaí leasmhara eile a léiriú, mar a cuireadh in iúl iad sa phróiseas comhairliúcháin poiblí.

- Talamhúsáid agus iompar inbhuanaithe a chur chun cinn trí leas a bhaint as an deis a chuirfear ar fáil leis an Seachbhóthar atá beartaithe do Mhaigh Cuilinn, an bealach Faoisimh Laistigh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an cumas chun deiseanna siúil agus rothaíochta a fhorbairt sa sráidbhaile agus ar nó i ngar don seanlíne iarnróid ón Chlochán go Gaillimh, ionas mbeidh taisteal inbhuanaithe ar nós siúl, rothaíocht agus tograí cliste taistil eile, chomh maith le talamhúsáid agus iompar comhtháite lárnach i bhforbairt na gcomharsanachtaí nua agus i bhforbairt Mhaigh Cuilinn amach anseo.

- Lár sráidbhaile láidir bríomhar a chothabháil agus a chur chun cinn a choinneoidh an cumas chun gnóthaí nua a mhealladh agus freastal ar riachtanais miondíola agus seirbhísí an tsráidbhaile agus an cheantair máguaird, chomh maith le timpeallacht thaitneamhach tharraingteach a sholáthar le haghaidh siopadóireachta, gnó, turasóireachta, caitheamh aimsire agus cónaí.

- A chinntiú go mbíonn réimse áiseanna, fóntas agus seirbhísí tacaíochta oideachais, caitheamh aimsire, creidimh, sóisialta, pobail agus riachtanais shibhialta ar fáil do leanaí, daoine óga, daoine fásta agus daoine aosta, le freastal ar phobal a bheidh ag fás.

- Cumas suíomh straitéiseach an tsráidbhaile, in aice le Cathair le Gaillimhe agus le ceantar leathan Chonamara, a bharrfheabhsú, trí fhorbairt chuí ar an gcumas eacnamaíoch agus turasóireachta a éascú agus a chothú, trí chreatlach dearfa solúbtha a fheabhsóidh Maigh Cuilinn mar ionad fostaíochta agus deiseanna turasóireachta.

- Tacú le seachadadh an bhonneagair riachtanach le fás agus forbairt inbhuanaithe an tsráidbhaile sa todhchaí a éascú.

- Sócmhainní nádúrtha, comhshaol, oidhreacht thógtha agus réim phoiblí an tsráidbhaile a chosaint, lena n-áirítear a charachtar áitiúil, ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.

- Mothúchán láidir pobail, bród sibhialta, féiniúlacht áitiúil agus iniamh sóisialta a chur chun cinn sa phobal áitiúil agus stádas na Gaeilge agus oidhreacht na Gaeltachta a chur chun cinn i Maigh Cuilinn.

**Ráiteas Físe**

"Maigh Cuilinn a chur chun cinn mar shráidbhaile inbhuanaithe bríomhar, a charachtar tarraingteach a chaomhnú, leas a bhaint as a inrochtaineacht láidir anois agus sa todhchaí, timpeallacht thaitneamhach a sholáthar do phobal atá ag fás, mar áit chónaithe, siopadóireacht, oideachais, gnó, caitheamh aimsire agus turasóireachta, le haird ar an ghá atá le híogaireacht chomhshaoil an cheantair a chosaint agus a bhreisiú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht ".

## 2.2 Straitéis Forbartha

### 2.2.1 Comhthéacs don Chroí-Straitéis

Tá Croí-Straitéis riachtanach faoin Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2000 le cinntiú go mbíonn na cuspóirí forbartha i bPleananna Forbartha/Pleananna Ceantair Áitiúla ag réiteach an oiread agus is féidir le cuspóirí forbartha réigiúnacha agus náisiúnta mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Spáis 2002-2020 agus le Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála Réigiún an Iarthair 2010-2022. Leagtar amach sna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála go mbeidh 15,760 duine breise ina gcónaí sa Chontae (gan Cathair na Gaillimhe a áireamh) faoin mbliain 2016.

I bhfianaise na spriocanna atá i dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála Réigiún an Iarthair tá an fás fortheilgthe do Chontae na Gaillimhe, do Mhol Thuama, do na príomh-shráidbhailte, do sráidbhailte eile, agus do lonnaíochta eile lena n-áirítear ceantair tuaithe leagtha amach go dtí 2016. Ainmníodh Maigh Cuilinn in earnáil na Sráidbhailte Eile i gCroí-Straitéis/Straitéis Lonnaíochta an Chontae, mar lonnaíocht a thugann raon seirbhísí níos teoranta do chúlcheantair bheag, ar nós raon seirbhísí miondíola agus oideachais, ach seirbhísí teoranta airgeadais, sláinte agus pobail.

Is eochair-ghné de Phlean Ceantair Mhaigh Cuilinn 2013-2019 é a chinntiú go mbíonn sé ag teacht leis an gCroí-Straitéis/Straitéis Lonnaíochta sa Chontae mar atá molta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Tugtar le fios i gCroí-Straitéis an Chontae go bhfuil sprioc fás daonra de 408 duine sannaithe go Mhaigh Cuilinn faoin mbliain 2015 le riachtanas talamh tithíochta de 11.78ha (le róchriosú 50% san áireamh) d'fhonn freastal ar fhorbairt chónaitheach i rith tréimhse an Phlean. Faoi Phlean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2005-2011, bhí timpeall 100ha de thalamh chónaitheach neamhfhorbartha laistigh de theorainn an phlean. Breithnítear roghanna éagsúla forbartha, criosaithe agus pleanála sa Phlean d'fhonn an Chroí-Straitéis atá i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh agus tailte oiriúnacha a thabhairt chun tosaigh le haghaidh forbartha le linn tréimhse an Phlean.

### 2.2.2 Roghanna Forbartha

Leis an bhfís staitéiseach do Mhaigh Cuilinn a bhaint amach, tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar roinnt Roghanna Forbartha Straitéiseacha le fáil amach cén rogha is éifeachtaí leis an bhfís don sráidbhaile a sheachadadh.


Ní ghlactar leis go mbeadh sé cuí leanúint ar aghaidh leis an bPlean Ceantair Áitiúil a bhí ann roimhe seo mar nach gcuirtear san áireamh ann na hathruithe i dtreoirlínte pleanála, deachleachtais, i reachtaíocht ná i dTreoracha AE. Bheadh cur chuige mar seo ag teacht salach chomh maith ar na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála agus ar Chroí-Straitéis an Chontae agus mar sin ní bheadh sé ag réiteach le pleanáil cuí ná le forbairt inbhuanaithe an tsráidbhaile.

Breithníodh roghanna éagsúla ionchasacha forbartha le haird ar an gCroí-Straitéis, ar ordlathas lonnaíochta agus ar ról an tsráidbhaile mar atá beartaithe i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, ar threochtaí daonra agus fáis agus ar chumas an tsráidbhaile, an patrún forbartha atá ann cheana agus carachtar an tsráidbhaile, saoráidí atá ann cheana agus íogaireacht chomhshaoil agus na tailte agus na seirbhísí atá ar fáil le haghaidh forbartha amach anseo. Tá na roghanna seo tuairiscithe agus léirithe sna léarscáileanna thall, léarscáileanna táscacha nach bhfuil ach feidhm léirithe acu. Úsáidtear gnéithe coitianta sna léarscáileanna roghanna ar mhaithe le soiléireacht, lena n-áirítear teorainn an phlean (imlíne dhearg), príomhbhóithre atá ann faoi láthair (línte dubha), bealaí molta (dais bhándearg), íogaireacht chomhshaoil (línte glasa), agus ceantair baol tuilte (haisteáil ghorm), lár an tsráidbhaile faoi láthair (ciorcal liath dorcha), treo fáis (saigheada dearga), tionsclaíocht/fiontraíocht (dais chorcra), ceantair fáis (ciorcail bhándearga) agus ceantair chónaitheacha an phlean (oráiste).

Roghanna Straitéis Fhorbartha


Rogha Forbartha 1 -
Forbairt Mhaigh Cuilinn a choinneáil laistigh den Seachbhóthar atá molta agus an Phríomhshráid.

Faoi Rogha 1 bheadh gach forbairt nua lonnaithe laistigh de bhealach an tSeachbhóthair agus molta agus an Phríomhshráid, rud a chuirfeadh forbairt inlíontach agus fás dlúth chun cinn, agus a fheabhsódh an nascacht laistigh de lár an bhaile agus sa cheantar idir an dá bhealach. Chinnteodh an rogha seo go mbeadh cosaint ag feidhm straitéiseach bhealach an tSeachbhóthair mar artaire tráchta agus mar bhealach náisiúnta. Chuirfeadh an rogha seo srian le leathnú an tsráidbhaile agus ní thabharfadh sé aitheantas don fhorbairt chónaitheach atá bunaithe sa sráidbhaile anois ar an taobh thiar, ná don cheantar tionsclaíoch atá bunaithe ar an taobh thoir den bhealach Seachbhóthair atá molta.




Rogha Forbartha 2 -
Lár an tSráidbhaile a choinneáil agus Gach Forbairt Nua a dhíriú ar an taobh Thiar.

Faoi Rogha 2 bheadh gach forbairt nua lonnaithe ar an taobh thiar den Phríomhshráid. Faoin leagan amach seo bheifí ag comhdhlúthú agus ag ailíniú leis an bhforbairt nua a tharla sa cheantar seo le blianta beaga anuas; ach d'fhéadfadh an leagan amach seo fás a bhogadh amach ó lár an tsráidbhaile mar atá sé agus ceantair fáis nua a lonnú níos faide ó bhunáiteanna fostaíochta agus ó roghanna scoile sa sráidbhaile, agus bheadh sé níos deacra forbairt chothrom chomhtháite a spreagadh sa sráidbhaile.




Rogha Forbartha 3 -
Lár an tSráidbhaile a chomhdhlúthú le Forbairt Sheicheamhach timpeall ar an Lár.

Dhéanfaí iarracht i Rogha 3 lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú mar atá sé, forbairt sheicheamhach a chur chun cinn timpeall ar an lár agus forbairt imeallach ó thuaidh agus ó dheas a sheachaint. Faoin leagan amach seo bheadh forbairt chónaitheach sheicheamhach á spreagadh ó lár an tsráidbhaile amach, ar mhaithe leis an toradh ar infheistíocht i seirbhísí a uasmhéadú agus a chinntiú go mbeadh tailte optamacha cónaitheacha ar fáil don bhfás atá á thuar. Bheadh leathnú i dtreo an oirdheiscirt ó lár an tsráidbhaile agus i dtreo an iarthair i gceist sa leagan amach seo Spreagfaí na hionaid tráchtála atá ag teacht chun cinn, ar nós na tailte tionsclaíocha ar an taobh thoir thuaidh den sráidbhaile agus crios gnó agus fiontraíochta ar an taobh ó dheas, mar aon le forbairt fhócasaithe sa lár, le forbairt a dhéanamh a chinnteodh go mbeadh réimse deiseanna fostaíochta coinnithe agus curtha chun cinn sa sráidbhaile. Bheadh gá le hathmhúnlú agus leasuithe ar chriosú an phlean roimhe seo ionas go mbeadh sé ag teacht leis an gcroí-straitéis agus ag tacú leis an mbeartas forbartha seo.



### 2.2.3 An Rogha Forbartha atá á Mholadh




Meastar gurb é Rogha 3 an rogha is fearr Tugtar tacaíocht ann do chomhdhlúthú lár an tsráidbhaile d'fhonn freastal ar fhás sa todhchaí, cuireann sé forbairt sheicheamhach an chuid eile den chroí uirbeach chun cinn, lena n-áirítear forbairt inlíontach agus forbairt ar láithreáin athfhorbraíochta folmha agus ar láithreáin bheagúsáide i lár an tsráidbhaile le cinntiú go ndíreofar go príomha ar thailte seirbhísithe gar don lár agus do na roghanna iompair poiblí sa ghearrthéarma agus sa bhfadtéarma. Ainmnítear nó aithnítear na hionaid fostaíochta atá sa sráidbhaile sa rogha seo chomh maith agus déantar iarracht an cumas a bhaineann leo a bharrfheabhsú le beartais agus cuspóirí oiriúnacha sa phlean. Cé go bhfuil na roghanna iompair poiblí teoranta sa cheantar, beidh deis uathúil ann leis na tionscadail bonneagair atá beartaithe don bhaile, má chuirtear i gcrích iad nó nuair a chuirtear, roghanna inbhuanaithe iompair ar nós siúl agus rothaíocht a chur chun cinn i lár an tsráidbhaile agus mórthimpeall air. Tá an cur chuige seo ag teacht le cuspóirí na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha sa mhéid is go dtugann siad tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe bailte agus sráidbhailte leis an bhforbairt ainsrianta a shrianadh agus cruth comhtháite a thabhairt do bhailte agus do shráidbhailte. Tá Rogha Forbartha 3, atá á mholadh, faoi threoir chomh maith ag an Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuilte do Chontae na Gaillimhe agus ag an Scagthástáil

Straitéiseach Measúnú Comhshaoil agus ag Scagthástáil Measúnú Cuí a rinneadh mar riachtanas reachtúil agus é d'aidhm aige freisin riachtanais na Croí-Straitéise a chomhlíonadh mar atá leagtha amach do Mhaigh Cuilinn sa Phlean Forbartha Contae ar bhealach pleanáilte inbhuanaithe.

### 2.2.4 Bainistiú agus Aicmiú Talamhúsáide

Cuireadh cásanna éagsúla san áireamh maidir le bainistiú agus aicmiú talún ar mhaithe leis an Straitéis Forbartha seo a sheachadadh.

**1.** Athchriosú Tailte
**2.** Forbairt chéimiúil a shonrú/ a thabhairt isteach ar thalamh atá criosaithe le haghaidh úsáid chónaitheach.
**3.** Dí-chriosú tailte

Faoi láthair meastar gurb é céimniú na forbartha cónaithí an cur chuige is oiriúnaí. Go ginearálta tá céimniú déanta ar thailte cónaitheacha ar bhealach seicheamhach, aithnítear tailte cónaitheacha Céim 1 le haghaidh fáis sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i láithreacha oiriúnach ar féidir seirbhísí a chur iontu agus atá in-rochtain agus a sheachnaíonn íogaireacht shuntasach chomhshaoil. Tá láithreáin inlíontacha uirbeacha, síneadh ar an ngréasán cónaitheach atá ann cheana féin, agus ceantair fáis in iardheisceart agus in oirdheisceart Cheantar an Phlean san áireamh. Tá solúbthacht áirithe ceadaithe sa chéimniú mar a shonraítear i mbeartais agus i gcuspóirí an Phlean, ach beidh sé ag cloí le leithdháileadh na Croí-Straitéise do Mhaigh Cuilinn.

Tá criosú le haghaidh Bainistiú Comhshaoil déanta ar tailte ar imeall Cheantar an Phlean atá suite laistigh de láithreacha ainmnithe comhshaoil Eorpacha .i. an Ceantar Speisialta Caomhnaithe, agus criosú Spás Oscailte/Fóillíocht agus Fóntas déanta ar na tailte atá laistigh den Cheantar Oidhreachta Nádúrtha - Coill Dhroim Chonga.

Go ginearálta tá tailte neamhfhorbartha sna ceantair baol tuilte (Crios Tuilte A agus B go háirithe) ach-aicmithe mar Spás Oscailte de réir An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009 ar mhaithe le forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair le baol ard nó measartha tuilte agus le aghaidh a thabhairt ar thionchair ionchasacha athrú aeráide. Tá beartais agus cuspóirí sa Phlean chomh maith le cinntiú go ndéanfar íogaireacht na gceantar éagsúla comhshaoil agus baol tuilte a bhreithniú, a chosaint, a bhainistiú, mar is cuí, le linn bainistiú na forbartha.

Beidh ceantair fostaíochta móra dírithe fós i gceantar thoir agus thoir-theas an phlean ar an gcriosú Gnó/Fiontraíochta, agus díreofar ar fhorbairtí nua miondíola a lonnú i lár an tsráidbhaile. Tá tuilleadh treorach faoi úsáid chuí ar fáil sa mhaitrís criosú talamhúsáide.

Nuair a chuirtear torthaí an Scagthástáil Straitéiseach Comhshaoil, Measúnú Cuí, agus baol tuilte san áireamh, meastar ar an iomlán gurb é seo an cur chuige talamhúsáide is oiriúnaí i leith bainistiú agus criosú d'fhonn an straitéis forbartha atá molta a bhaint amach agus le forbairt ordúil sheicheamhach Mhaigh Cuilinn a dheimhniú, de réir phrionsabail na deaphleanála agus na forbartha inbhuanaithe.

### 2.2.5 Beartas agus Cuspóirí

| **Beartas don Straitéis Forbartha** |
| --- |
| **Beartas DS 1 - Straitéis Forbartha**<br>Tá sé mar bheartas uileghabhálach ag Comhairle Contae na Gaillimhe a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe Cheantar an Phlean agus é a áisiú de réir an rogha forbartha atá á mholadh, Rogha 3 - Lár an tSráidbhaile a Dhaingniú le Forbairt Sheicheamhach timpeall ar an Lár, a ligfidh do Mhaigh Cuilinn forbairt ar bhealach a choinneoidh agus a bhreiseoidh cáilíocht na beatha do na pobail áitiúla, a chuirfidh deiseanna forbartha eacnamaíocha chun cinn, mar aon le roghanna inbhuanaithe iompair agus lánpháirtíochta, a chosnóidh an oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha agus a chomhlíonfaidh na riachtanais ábhartha reachtúla. |

**Cuspóirí don Straitéis Forbartha**

**Cuspóir DS 1 - Forbairt Ordúil Sheicheamhach**
Tacú le forbairt ordúil sheicheamhach Cheantar an Phlean, díriú ar bheocht agus ar bhailíocht lár an tsráidbhaile a dhaingniú agus suíomh tírdhreacha, carachtar agus féiniúlacht ar leith an tsráidbhaile faoi láthair a chosaint agus a bhreisiú

**Cuspóir DS 2 - Comhleanúnachas le Croí-Straitéis**
(Féach Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe)
Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe cinnte go mbeidh aon fhorbairt a cheadaítear i gCeantar an Phlean ag teacht leis an leithdháileadh criosú talún sa Chroí-Straitéis agus leis na forálacha atá ag gabháil leis i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Fanfaidh an méid forbartha a cheadófar do shaolré an Phlean laistigh den leithdháileadh daonra a thugtar do Mhaigh Cuilinn i gCroí-Straitéis an Phlean Forbartha Contae agus aon leagan nuashonraithe den Phlean sin.

**Cuspóir DS 3 - Líonra Natura 2000 agus Measúnú faoin Treoir um Ghnáthóga**
Suímh atá i líonra Natura 2000 (lena n-áirítear Ceantair Chosanta Speisialta agus Ceantair Chaomhnaithe Speisialta) a chosaint de réir na Riachtanais i dTreoir um Ghnáthóga an AE (92/43/EEC), Treoir um Éin an AE (2009/147/EC), san Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (IR Uimh. 477 de 2011) (agus aon leasuithe dá éis nó aon reachtaíocht nuashonraithe) agus le haird chuí ar an treoir sna Treoirlínte Measúnaithe Cuí 2010 (agus aon treoir nuashonraithe a thagann ina áit). Ní dhéanfar plean nó tionscadal (m.sh. forbairt bheartaithe) a údarú go mbíonn cinneadh déanta ag an údarás inniúil (Comhairle Contae na Gaillimhe), bunaithe ar fhianaise eolaíoch, scagthástáil le haghaidh Measúnú Cuí, agus Measúnú faoin Treoir um Ghnáthóga déanta de réir mar is gá go bhfuil an plean nó an tionscadal:
**1.** Saor ó thionchair dhíobhálacha indíreacha nó tánaisteacha ar shláine aon láithreán Eorpach (as féin nó i gcomhar le haon phlean nó tionscadal eile); nó

**2.** Má bhíonn tionchair shuntasacha díobhálacha ag an bplean nó an tionscadal ar shláinte aon suíomh Eorpach (ina bhfuil cineál tosaíochta gnáthóige agus/nó speiceas tosaíochta) ach nuair nach mbíonn aon réiteach malartach ann agus má chaitear dul ar aghaidh leis an tionscadal mar sin féin mar gheall ar leas sáraitheach an phobail, lena n-áirítear leas sóisialta agus eacnamaíochta. Sa chás sin, beidh sé riachtanach nósanna imeachta a leanúint mar atá leagtha síos sa reachtaíocht agus tabhairt faoi gach beart cúiteach atá riachtanach le comhleanúnachas foriomlán Natura 2000 a chosaint, nó

**3.** Má bhíonn tionchar suntasach díobhálach ag an bplean nó ag an tionscadal ar aon suíomh Eorpach (ina bhfuil gnáthóg tosaíochta agus/nó speiceas tosaíochta ach nuair nach mbíonn aon réiteach malartach ann agus má chaitear dul ar aghaidh leis an tionscadal mar sin féin mar gheall ar leas sáraitheach an phobail, ar chúiseanna sláinte dhaonna nó sábháilteachta poiblí amháin, d'iarmhairtí leasmhara atá fíorthábhachtach don chomhshaol, nó tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún, mar gheall ar chúiseanna eile atá riachtanach do leas sáraitheach an phobail. Sa chás seo, beidh sé riachtanach nósanna imeachta a leanúint mar atá leagtha síos sa reachtaíocht agus tabhairt faoi gach beart cúiteach atá riachtanach le comhleanúnachas foriomlán Natura 2000 a chosaint.

**Cuspóir DS 4 - Caighdeáin agus Treoirlínte le haghaidh Bainistiú Forbraíochta**
Beidh feidhm ag na caighdeáin agus na treoirlínte ginearálta forbraíochta atá leagtha amach faoi Phlean Forbartha láithreach Chontae na Gaillimhe, nó aon leasú/athbhreithniú dá éis, i gCeantar an Phlean mar is cuí. Chomh maith leis sin, cuirfear treoirlínte sonracha bainistiú forbraíochta mar atá in Alt 3 den Phlean seo i bhfeidhm, mar is cuí, ar mholtaí forbraíochta i gCeantar an Phlean. Chomh maith leis sin, cuirfear aon treoirlínte sonracha bainistiú forbraíochta atá leagtha amach in Alt 3 den phlean seo i bhfeidhm, mar is cuí, i leith moltaí forbraíochta Cheantar an Phlean.

**Cuspóir DS 5 - Forbairt faoi threoir Seirbhísí**
Sula ndéanfar forbairt faoin bPlean cuirfear cumas dóthanach sa bhonneagar dramhuisce poiblí agus sa bhonneagar fíoruisce.

**Cuspóir DS 6 - Céimniú le haghaidh Forbairt Chónaitheach**
Treorófar forbairt dhíreach chónaitheach isteach i gceantair a bhfuil criosú agus seirbhísiú cuí déanta orthu de réir an chreat d'fhorbairt chéimiúil atá leagtha amach in Alt 3.1 agus 3.2 agus ar Léarscáil 1A/1B - Aicmiú Talamhúsáide.

**Cuspóir DS 7 - Bainistiú agus Measúnú Baol Tuilte (Léarscáil 3A agus 3B)**
Cinnteofar go ndéanfar moltaí le haghaidh forbairtí nua lonnaithe laistigh de cheantair baol tuilte aitheanta nó ionchasacha, nó a d'fhéadfadh baol tuilte a mhéadú in áit eile, a mheas de réir fhorálacha Threoir an Rialtais An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009 (nó aon leagan nuashonraithe de) agus na beartais agus cuspóirí cuí an Phlean seo.

# 3. Beartais, Cuspóirí agus Treoirlínte Forbartha

## 3.1 Bainistiú Talamhúsáide

### 3.1.1 Comhthéacs

Leagtar amach an comhthéacs agus na paraiméadair forbartha do Mhaigh Cuilinn i gCroí-Straitéis Phlean Forbartha reatha Chontae na Gaillimhe. De réir na dteilgean atá á dtuar ag Údarás an Iarthair agus leagtha amach faoi Chroí-Straitéis, tá an méid talamh chónaitheach criosaithe a bheith ag teastáil d'fhonn an Chroí-Straitéis a chomhlíonadh don tréimhse ama go 2015 cothrom le 11.78ha. Tá tailte criosaithe sa Phlean Ceantair Áitiúil le haghaidh talamhúsáide eile, bunaithe ar ainmniú Mhaigh Cuilinn mar 'Sráidbhaile Eile' sa Chroí-Straitéis/ Straitéis Lonnaíochta, ar phatrúin talamhúsáide faoi láthair, riachtanais fhortheilgthe as spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha daonra agus úsáid optamach an bhonneagair atá ann agus atá beartaithe. Is mar seo a leanas a rangaítear na criosanna talamhúsáide a ndéantar foráil ar a son sa Phlean: C1 Lár an tSráidbhaile/Tráchtáil R-Cónaitheach, I-Tionsclaíoch, BE-Fiontar Gnó, CF-Saoráidí Pobail, A-Talmhaíocht, PU-Fóntais Phoiblí, TI-Iompar agus Bonneagar agus OS-Spás Oscailte/Caitheamh Aimsire agus Fóntas

### 3.1.2 Beartais agus Cuspóirí

**Beartas Bainistiú Talamhúsáide**

**Beartas LU 1 - Bainistiú Talamhúsáide**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe creat criosú talamhúsáide a sholáthar do Cheantar an Phlean, le cineál, dlús agus láthair na forbartha a stiúradh ar bhealach a chuireann le comhdhlúthú an tsráidbhaile, a cheadaíonn forbairt ordúil sheicheamhach ar an mbaile, a chosnaíonn agus a bhreisíonn an suíomh tírdhreacha, an carachtar agus an fhéiniúlacht uathúil atá ann agus a chomhlíonann riachtanais na nAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe). Tá an creat criosú talamhúsáide á thacú ag scéim chéimiú chónaitheach le géilliúlacht don Chroí-Straitéis a chinntiú agus forbairt ordúil sheicheamhach an tsráidbhaile a chur chun cinn.

**Cuspóirí Criosú Talamhúsáide**

**Cuspóir LU 1 - Lár an tSráidbhaile/ Tráchtáil (C1) (Féach Léarscáil 1A/1B)**
Forbairt Lár an tSráidbhaile a chur chun cinn mar thimpeallacht dhlúth, ardchaighdeáin, le tírdhreachú maith, ar scála daonna agus inrochtain, le meascán oiriúnach úsáidí, lena n-áirítear cónaitheach, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontraíochta, poiblí agus pobail mar is cuí, a chuireann réimse seirbhísí miondíola, áiseanna agus fónta ar fáil don phobal áitiúil agus do chuairteoirí chuig an sráidbhaile. Fanfaidh lár an tsráidbhaile agus na príomhshráideanna timpeall air mar phríomhfhócas le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola agus seirbhísí i Maigh Cuilinn.

**Cuspóir LU 2 – Cónaitheach (R)** (**Féach léarscáil 1A/1B & Cuspóir RD1)**
Forbairt tailte oiriúnacha seirbhísithe a chur chun cinn d'fhonn soláthar a dhéanamh do phobail chónaitheacha inbhuanaithe d'ardchaighdeán a bheidh leagtha amach go maith agus le tírdhreachú maith, leis an meascán cuí de chineálacha agus de dhlús tithíochta, mar aon le talamhúsáid chomhlántach ar nós saoráidí pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair poiblí, le freastal ar dhaonra an cheantair.

Fóntais chónaitheacha atá ann cheana a chosaint agus forbairt inlíontach chomhoiriúnach a aisiú a bheidh deartha go cuí, agus ag teacht le forbairt chuí inbhuanaithe an cheantair.

Beidh scéim chéimithe i bhfeidhm le haghaidh úsáidí cónaitheacha ar thailte le criosáil Cónaitheach (R), mar atá leagtha amach faoi Chuspóir RD1 i Roinn 3.2.2.

**Cuspóir LU 3 – Tionsclaíoch (I)** **(Féach Léarscáil 1A/1B)**
Úsáidí tionsclaíocha agus a bhaineann le tionsclaíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil chomhábhar, trádstóráil agus dáileachán ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí imleor agus ardleibhéal rochtana ar líonraí mórbhóthar agus saoráidí iompair poiblí.
Beidh cóireáil shásúil imill agus/nó foscadh ag teastáil le comhéadain d'ardcháilíocht le spásanna poiblí agus le haon cheantar cónaitheach nó aon talamhúsáid íogair eile atá i dtadhall, mar a oireann, a chinntiú.

**Cuspóir LU 4 – Gnó & Fiontraíocht (BE)** **(Féach Léarscáil 1A/1B)**
Forbairt úsáidí gnó agus fiontraíocht, tionsclaíocht éadrom/trádstóráil, a chur chun cinn chomh maith le húsáidí de chineál páirceanna fiontraíochta/páirceanna oifige agus Fiontraíochtaí Beaga agus Meánmhéide, ar thailte oiriúnacha le seirbhísí agus saoráidí sásúla agus le hardleibhéal rochtana ar an líonra mórbhóithre agus saoráidí iompair poiblí.

**Cuspóir LU 5 – Saoráidí Pobail (CF)** **(Féach Léarscáil 1A/1B)**
Forbairt saoráid pobail a chur chun cinn ar thailte oiriúnacha, le hardleibhéal rochtana don phobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachasúla, pobail, sibhialta, poiblí, institiúideacha, cultúrtha agus úsáidí comhlántacha eile, mar is cuí.

**Cuspóir LU 6 – Spásanna Oscailte Caitheamh Aimsire agus Fóntais (OS) (Féach Léarscáil 1A/1B)**
Bainistiú, úsáid agus/nó forbairt, mar is cuí, ar thailte OS a chur chun cinn. Beidh na forbairtí seo a leanas san áireamh:
Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire a fhorbairt de réir an chleachtais is fearr ar thailte oiriúnacha le rochtain shásúil don phobal áitiúil agus spásanna oscailte agus saoráidí caitheamh aimsire atá ann cheana a choinneáil, murar féidir a léiriú go soiléir chun sásaimh do Chomhairle Contae na Gaillimhe nach bhfuil na húsáidí seo riachtanach don phobal níos mó.
Bainistiú agus úsáid chuí ar aon cheantar baol tuilte laistigh den Chrios OS le baol agus tionchar ionchasach tuilte a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú mar is cuí.
Bainistiú agus úsáid chuí ar aon cheantar ard-bhithéagsúlachta lena n-áirítear Ceantair Oidhreachta Nádúrtha molta.

**Cuspóir LU 7 – Talmhaíocht (A)** **(Féach Léarscáil 1A/1B**)
Carachtar tuaithe an cheantair a chosaint ó fhorbairt mhíchuí agus soláthar a dhéanamh le haghaidh úsáidí talmhaíochta agus úsáidí oiriúnacha neamh-uirbeacha.

**Cuspóir LU 8 – Bainistiú Comhshaoil (EM)** **(Féach Léarscáil 1A/1B)**
Tailte agus suímh le luach ard bithéagsúlachta agus/nó íogaireacht chomhshaoil a chosaint agus bainistiú agus úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn.. Tabharfar cosaint do shláine suímh Eorpacha i líonra Natura 2000, go háirithe Ceantair Speisialta Caomhnaithe, de réir cuspóirí bainistiú caomhnaithe na suíomh seo agus riachtanais Threoir Gnáthóga an AE (92/43/EEC).

**Cuspóir LU 9 – Fóntais Phoiblí (PU)** **(Féach Léarscáil 1A/1B)**
Soláthar agus cothabháil an bhonneagar fóntas poiblí a áisiú, comh maith leis na saoráidí agus na húsáidí coimhdeacha mar is cuí.

**Cuspóir LU 10 – Bonneagar Iompair (TI)** **(Féach léarscáil 1A/1B)**
Soláthar agus cothabháil bhonneagar riachtanach iompair a áisiú.. Cuirfear tailte ar leataobh ar mhaithe le bóithre poiblí, cosáin, bealaí rothar, bus-stadanna agus tírdhreachú, chomh maith leis na hoibreacha riachtanacha a ghabhann leo, mar is cuí.

**Cuspóir LU11 –Ceantair Bhaol Tuilte agus Criosanna Talamhúsáíde (Féach Léarscáil 1A/1B & 3A/3B)**
A chinntiú go ndéanfar measúnú baol tuilte ar aon fhorbairt bheartaithe a bheadh ag réiteach le cuspóirí/maitris talamhúsáid ach ina n-áirítear úsáid nach bhfuil oiriúnach do Chrios Tuilte (mar a thugtar le fios ar Léarscáil 3A/3B - Bainistiú Baol Tuilte) ***Léarscáil 3A/3B – agus/nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte, de réir Treoirlínte Bainistíochta Baol Tuilte an Chóras Pleanála agus beartais agus cuspóirí an Phlean seo.***

**Cuspóir LU12 – Maitris Criosú Talamhúsáide (Féach Treoirlíne DM LU 2)**
Talamhúsáidí éagsúla a threorú isteach i gcrios/anna talamhúsáide cuí de réir cuspóirí criosú talamhúsáide atá leagtha amach faoi Threoirlínte DM LU2. A chinntiú go mbeidh aon talamhúsáid a mholtar ag réiteach le talamhúsáid atá ann cheana agus de réir charachtar an cheantair.

## Cuspóirí Dlús Talamhúsáide

**Cuspóir LU13 – Dlús Forbartha**
A chinntiú go mbeidh dlús na bhforbairtí nua oiriúnach don chrios talamhúsáide agus do chomhthéacs an láithreáin, go bhfuil sé de réri patrún forbartha an cheantair, nach gcuireann sé isteach an iomarca ar fhóntais an cheantair agus go mbíonn gaol dearfach idir na forbairtí nua agus aon spásanna poiblí atá i dtadhall leo mar thoradh orthu. Forbairtí ard-dhlúis a chur chun cinn i láithreáin oiriúnacha, ar nós láithreán oiriúnacha laistigh de lár an tsráidbhaile agus in aice le háiseanna iompair poiblí, nuair a bhíonn an fhorbairt sin ag réiteach leis an oidhreacht thógtha agus nádúrtha agus le cuspóirí dearadh uirbeach agus cumas an bhonneagair. Beidh dlús na bhforbairtí ag réiteach go ginearálta leis an treoir atá leagtha amach faoi Threoirlíne DM LU1, cé gur féidir leis an Údarás Pleanála forbairtí de dhlús níos airde a bhreithniú má mheastar é sin a bheith oiriúnach leis an dearadh uirbeach nó cuspóirí eile an Phlean a shlánú.

**Cuspóir LU 14 – Dlús Cónaitheach**
Raon de dhlús uirbeach a chur chun cinn i gCeantar an Phlean atá oiriúnach don phatrún forbartha atá chun cinn ann, ag tacú le bonneagar, carachtar uirbeach agus acmhainní oidhreachta de réir na treorach i 'Forbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha: Treoirlínte 2000' (nó de réir aon nuashonrú a dhéantar le linn saolré an phlean seo). Is ceart dlús cónaitheach níos airde a spreagadh i láithreacha ina bhfuil sé oiriúnach don chomhthéacs reatha agus do dhlús cheantar an Phlean, mar shampla, timpeall ar lár an tsráidbhaile agus laistigh d'achar áisiúil siúil do shaoráidí iompair poiblí, agus mar nach mbeidh an iomarca tionchair aige ar an oidhreacht thógtha nó nádúrtha ná tionchar díobhálach aige ar shláine suíomh Natura 2000. Beidh dlús forbairtí cónaitheacha go ginearálta de réir na treorach atá leagtha amach faoi Threoirlínte DM LU1, ach féadfaidh an tÚdarás Pleanála dlús cónaitheach níos airde a bhreithniú má mheastar é sin a bheith oiriúnach don chomhthéacs agus riachtanach leis an dearadh uirbeach nó cuspóirí eile an Phlean a shlánú. Ní cheadófar forbairt ach nuair atá an cumas ann agus/nó más féidir seirbhísí sásúla a chur ar fáil.

### 3.1.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

## Dlús Forbartha

**Treoirlíne DM LU1 – Dlús Forbartha**
Ní mór d'fhorbairtí ar dhlús níos airde a bheith oiriúnach don chomhthéacs agus measfar iad de réir fiúntais an mholadh agus faoi réir ag dea-dhearadh, géilliúntas do chaighdeáin cháilíochta agus chainníochta, suíomh cumas an láithreáin agus an bhonneagar glacadh leis an bhforbairt, carachtar reatha an cheantair, an dlús atá bunaithe i láithreáin atá i dtadhall, cosaint fóntas cónaitheacha, fogasacht i leith iompar poiblí, srl. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála a lánrogha féin a úsáid chun na caighdeáin dlúis seo a athrú.
Léirítear sna táblaí thíos an raon dlúis a mheastar go ginearálta a bheith oiriúnach i gcriosanna éagsúla talamhúsáide agus i láithreacha éagsúla cónaitheacha i gCeantar an Phlean.

| Crios Talamhúsáide | Cóimheas Achar Ceapaí | Uaschumhdach Suímh | Uasmhéid Spás Oscailte Poiblí |
|---|---|---|---|
| **Crios C1** | 1.00 go 1.25 PAR | 80% | Suíomhoiriúnaithe |
| **Crios R** | 0.10 go 0.50 PAR | 50% | 15% |
| **Crios I** | 0.40 go 1.00 PAR | 60% | 15% |
| **Crios BE** | 0.40 go 1.00 PAR | 60% | 15% |
| **Crios CF** | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe | 15% |
| **Crios OS** | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe |
| **Crios A** | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe |
| **Crios EM** | N/B | N/B | N/B |
| **Crios PU** | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe | Suíomhoiriúnaithe |
| **Crios TI** | N/B | N/B | N/B |

***Nótaí:***

*1.* **Cóimheas Achar Ceapaí** - tagraíonn cóimheas achar ceapaí d'oll-achar urláir foirgneamh ar shuíomh roinnte ar oll-achar an tsuímh, nuair a chuirtear an t-oll-achar urláir in iúl mar chodán d'oll-achar an tsuímh.

*2.* **Cumhdach Suímh** - tagraíonn cumhdach suímh don chéatadán d'oll-achar urláir lorg an fhoirgnimh ar an suíomh. Féadfar cumhdach méadaithe suímh a bhreithniú ar shuímh ina gcuirtear páirceáil faoi thalamh nó páirt-íoslaigh ar fáil, faoi réir ag ardchaighdeáin deartha, solas sásúil nádúrtha agus cosaint fhóntas fhorbairtí i dtadhall.

3. ***Spás Oscailte Poiblí*** *– Go ginearálta tagraíonn spás oscailte poiblí do réimsí dea-shuite glasa in-úsáidte ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh réimsí faoi phábháil a bheith san áireamh a úsáidtear le haghaidh caitheamh aimsire, le dea-thrídhreachú agus ar dhlúthchuid iad den bhforbairt. Ní bheadh spás oscailte poiblí ag teastáil de ghnáth i bhforbairtí neamhchónaitheacha ná i bhforbairtí aonad iolracha.*

| Dlús Cónaitheach | Aonad Cónaitheach /ha | Aonad Cónaitheach /Acra | Suíomhanna Féideartha Cuí |
|---|---|---|---|
| **Meán go Ard** | 35-50 | 14-20 | Lár an tsráidbhaile nó díreach in aice le moil iompair phoiblí |
| **Íseal go Meán** | 15-35 | 6-14 | Ionaid chomharsanachta (de ghnáth laistigh d'achar siúil 400m ón lárphointe), bruachbhailte uirbeacha istigh. |
| **Íseal** | 5-15 | 2-6 | Forimeall uirbeach, tailte forimeallacha, ceantair le srianta cumais/comhshaoil. |

## Maitris Criosú Talamhúsáide

**Treoirlíne DM LU2 – Maitris Criosú Talamhúsáide**

Léiríonn an maitris criosú talamhúsáide na cineálacha talamhúsáide atá Ceadaithe i bPrionsabal (P), Oscailte le Breithniú (O), agus Neamhcheadaithe de Ghnáth (N), le haghaidh criosanna talamhúsáide atá ainmnithe i Roinn 3.1.2 thuas.. Cé nach dtugtar liosta úsáidí ionchasacha uileghabhálach sa mhaitris, is ceart na húsáidí atá liostaithe sa mhaitris a bhreithniú ag iarratasóirí le léiriú soiléir a sholáthar ar inghlacthacht fhoriomlán talamhúsáide ar leith laistigh d'earnáil shonrach talamhúsáide. Nuair a chuirtear úsáid chun cinn nach bhfuil liostaithe sa mhaitris, déanfar moltaí forbartha a mheas ar a bhfiúntas aonair de réir na treorach ginearálta a chuirtear ar fáil sa mhaitris agus le haird ar nádúr na n-úsáidí reatha agus na n-úsáidí beartaithe, de réir na mbeartas ginearálta agus na gcuspóirí criosaithe sa cheantar sa Phlean Ceantair Áitiúil agus de réir phrionsabail na dea-phleanála agus na forbartha inbhuanaithe. Nuair nach léir aon choimhlint idir úsáidí reatha agus beartaithe, déanfar breithniú fabhrach ar an bhforbairt bheartaithe, faoi réir ag gach gnáthriachtanach eile agus ag prionsabail na pleanála cuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

| Talamhúsáid | C1 | R | I | BE | CF | OS | A | EM | PU | TI |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Úsáid Tráchtála agus Tionsclaíoch** | **C1** | **R** | **I** | **BE** | **CF** | **OS** | **A** | **EM** | **PU** | **TI** |
| Siamsaíocht | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| ATM | P | O | O | O | O | N | N | N | N | N |
| Banc/Cumann Foirgníochta | P | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Beár/Bialann | P | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| B&B (Bia agus Leaba)[1] | O | O[1] | N | N | N | N | O[1] | N | N | N |
| Geallghlacadóir | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Conchró Coinneála | N | N | N | N | N | N | O | N | N | N |
| Caife[2] | P | O | O | O[2] | O | N | N | N | N | N |
| Íoc is Iompair | N | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Corrthrádáil | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Pictiúrlann | P | N | N | N | O | N | N | N | N | N |
| Ionad Comhdhála | P | N | N | O | O | N | N | N | N | N |
| Ionaid Bunachair Sonraí/Ionaid Óstála Gréasáin | P | N | O | P | N | N | N | N | N | N |
| Bialann Tiomáint Tríd | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Ionad Fiontraíochta | O | N | O | P | N | N | N | N | N | N |
| Tionscal Eastóscach | N | N | N | N | N | N | O | N | N | N |
| Ionad Garraíodóireachta | O | N | N | O | N | O | O | N | N | N |
| Dochtúir Teaghlaigh agus Seirbhísí Leighis | P | O | N | N | O | N | N | N | N | N |
| Teacht Aíochta[1] | P | O[1] | N | N | N | N | O[1] | N | N | N |
| Ionad Gruagaireachta/Maisiú Pearsanta | P | O | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Gníomhaíocht Eacnamíoch bunaithe sa Bhaile[1] | O | O[1] | N | N | N | N | O[1] | N | N | N |
| Brú | P | O | N | N | O | N | N | N | N | N |
| Óstán | P | O | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Iosta Breosla Tí | N | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Tionsclaíoch | N | N | P | O | N | N | N | N | N | N |
| Aonaid Lóistíochta, Stórála agus Dáileacháin | N | N | P | O | N | N | N | N | N | N |
| Taifeadadh Meán agus Úsáid Ginearálta Meán | O | O | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Seomra Taispeántais Carranna | O | N | N | O | N | N | N | N | N | N |
| Club Oíche | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Oifig (<100m$^2$) | P | O | N | N | O | N | N | N | N | N |
| OIfig (100m$^2$ go 1000m$^2$) | O | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Páirc Oifige (> 1000m 2) | N | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Stáisiún Peitril | O | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Seirbhísí Gairmiúla/Eile | P | O | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Bialann | P | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Gnó bunaithe ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht | O | N | P | P | N | N | N | N | N | N |
| Clós Dramh-mhiotail | N | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Garáiste Seirbhíse | N | N | N | O | N | N | N | N | N | N |
| Siopa - Comparáid | P | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Siopa Áise | P | O | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Siopaí - Mórscála Áise / Ionad Comparáide | P | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Déantúsaíocht Mhionscála | N | N | P | O | N | N | N | N | N | N |
| Iosta Stórála | N | N | P | O | N | N | N | N | N | N |

| Talamhúsáid | C1 | R | I | BE | CF | OS | A | EM | PU | TI |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mearbhia | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Iosta Iompair | N | N | O | P | N | N | N | N | O | N |
| Clinic Tréidliachta | O | O | O | O | N | N | O | N | N | N |
| Trádstóráil (Mórdhíol san áireamh) | N | N | P | O | N | N | N | N | N | N |
| Trádstóráil (Miondíol/Neamh-Bhia <700m$^2$)[3] | O | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Trádstóráil (Miondíol/Neamh-Bhia/Earraí Toirtiúla Tí700m$^2$ – 5,000m$^2$)[3] | N | N | N | O | N | N | N | N | N | N |
| **Úsáidí Cónaitheacha** | **C1** | **R** | **I** | **BE** | **CF** | **OS** | **A** | **EM** | **PU** | **TI** |
| Árasáin[1] | P | O[1] | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Láithreán Stad | N | O | N | N | O | N | O | N | N | N |
| Cónaitheach (Seachas Árasáin) 1 | O | P[1] | N | N | N | N | O[1] | N | N | N |
| Teach Scoir | O | P | N | N | O | N | N | N | N | N |
| **Úsáidí Poiblí, Pobail agus Institiúideacha** | **C1** | **R** | **I** | **BE** | **CF** | **OS** | **A** | **EM** | **PU** | **TI** |
| Foirgnimh le haghaidh Sláinte, Sábháilteacht agus Leas an Phobail | P | O | N | O | P | O | O | N | O | N |
| Reilig | N | O | N | N | P | O | P | N | N | N |
| Saoráidí Cúram Leanaí (Creis/Naíolann | P | O | O | O | P | N | N | N | N | N |
| Clubtheach agus Saoráidí Gaolmhara | O | O | N | N | P | O | O | N | N | N |
| Saoráid Phobail | P | O | N | O | P | O | O | N | O | N |
| Créamatóiriam | N | O | O | O | O | N | O | N | N | N |
| Foirgneamh Cultúrtha/Caitheamh Aimsire | P | O | N | O | O | O | N | N | N | N |
| Oideachas - Bun-, Meán- | O | O | O | N | P | O | O | N | N | N |
| Oideachas - Oideachas Eile/Oiliúint | P | O | O | O | P | N | O | N | N | N |
| Teach Tórraimh | P | O | N | O | O | N | N | N | N | N |
| Fóillíocht | P | O | N | O | P | O | O | N | N | N |
| Leabharlann | P | O | N | N | P | N | N | N | N | N |
| Ionad Adhradh Poiblí | O | O | N | O | O | N | N | N | N | N |
| **Spás Oscailte, Caitheamh Aimsire agus Úsáid Fóntais** | **C1** | **R** | **I** | **BE** | **CF** | **OS** | **A** | **EM** | **PU** | **TI** |
| Galfchúrsa | N | N | N | N | N | O | O | N | N | N |
| Gníomhaíochtaí Caitheamh Aimsire/Cultúrtha | O | O | O | O | O | O | O | N | N | N |
| **Úsáid Talmhaíochta** | **C1** | **R** | **I** | **BE** | **CF** | **OS** | **(a)** | **EM** | **PU** | **TI** |
| Seamlas | N | N | O | N | N | N | O | N | N | N |
| Foirgneamh Talmhaíochta | N | O | O | O | O | O | P | N | N | N |
| Aonach/Comharchumann | N | N | P | N | N | N | P | N | N | N |
| **Ginearálta/Úsáid Seirbhísí agus Bonneagair** | **C1** | **R** | **I** | **BE** | **CF** | **OS** | **A** | **EM** | **PU** | **TI** |
| Fógraíocht Saorsheasaimh | O | N | O | O | O | N | N | N | O | O |
| Carrchlós (seachas Ilstórach) | P | O | P | O | O | N | N | N | N | O |
| Carrchlós Ilstórach | P | N | O | O | N | N | N | N | N | N |
| Ionad Páirceála agus Taistil | O | O | P | P | P | O | O | N | N | O |
| Saoráidí Athchúrsála/Banc 'Fág anseo' | N | N | O | O | O | N | O | N | O | N |
| Líonadh Talún Bruscair | N | N | N | N | N | N | O | N | N | N |
| Bonneagar Fóntas & Gléasra Seirbhíse Poiblí | O | O | O | O | O | O | O | O | P | O |
| Fuinneamh Gaoithe/Inathnuachana | O | O | O | O | O | O | O | N | O | N |

**Nótaí Ginearálta maidir leis an Maitris Criosú Talamhúsáide:**

1. **Céimniú Cónaitheach** ([1]) – Breithneofar an úsáid seo faoi réir ag Beartas RD1 agus Cuspóir RD1 nó RD9, mar is cuí.
2. **Caife** ([2]) – Breithneofar an úsáid seo nuair a bhíonn sé ina choimhdeach ag forbairt chomhoiriúnach fhoriomlán agus ag freastal ar riachtanais an cheantair áitiúil.
3. **Trádstóráil** ([3]) – Ní cheadófar stóir a fhorbairt ná a fho-roinnt níos lú ná 700m 3 ní cheadófar de ghnáth ar shuíomhanna ar imeall an láir agus lasmuigh den lár, de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola 2012 (nó aon cháipéis nuashonraithe nó a thagann ina ionad).
4. **Ionad Sonraí** – Is féidir é a shainmhíniú mar shaoráid, ina bhfuil trealamh teicneolaíocht faisnéise suiteáilte agus á oibriú, chomh maith le sonraí leictreonacha a stóráil agus a dháileadh.
5. Crios R: Cónaitheach – Tá Céim 1 céimnithe mar fhorbairt chónaitheach laistigh de shaolré an Phlean seo (achar iomlán neamhfhorbartha: 11.78ha);
   -go ginearálta níl Céim 2 infhorbartha le linn saolré an Phlean seo, faoi réir ag forálacha agus eisceachtaí atá leagtha amach in Alt 3.2.2.
6. Achair - is ollachair urláir iad gach achar atá luaite sa mhaitris thuas.

**Nótaí maidir le hAicmí Talamhúsáide sa Mhaitris Criosú Talamhúsáide:**
Tá na haicmí talamhúsáide a luaitear sa mhaitris criosú talamhúsáide sainmhínithe mar seo a leanas:

1. **Ceadaithe i bPrionsabal (P)** – Is ionann Ceadaithe i bPrionsabal agus ceann a nglacann an tÚdarás Áitiúil leis i dteoiric sa chrios ábhartha, faoi réir ag géilliúlacht do na beartais, cuspóirí, caighdeáin agus riachtanais ábhartha atá leagtha amach sa Phlean Ceantair Áitiúil agus prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.
2. **Oscailte le haghaidh Breithniúcháin (O)** – Is ionann úsáid atá rangaithe mar Oscailte le haghaidh Breithniúcháin agus ceann is féidir leis an Údarás Pleanála a cheadú nuair atá sé sásta go mbeadh an fhorbairt atá molta comhleanúnach leis na beartais agus na cuspóirí don chrios, nach mbeidh sé i gcoimhlint le húsáidí ceadaithe agus go mbeidh sé ag cloí le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Ceantair Áitiúil..
3. **Ní Cheadaítear de Ghnáth (N)** – Is ionann úsáid a rangaítear mar Ní Cheadaítear de Ghnáth agus úsáid nach gceadóidh an tÚdarás Pleanála ach i gcúinsí eisceachtúla. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh mar gheall ar an tionchar a bhraitear a bheadh aige ar úsáidí reatha agus ceadaithe, a neamhoiriúnacht i leith beartais, cuspóirí, caighdeáin agus riachtanais an Phlean Ceantair Áitiúil nó go mbeadh sé neamhchomhleanúnach le pleanáil cuí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair.

Tá na criosanna talamhúsáide a luaitear sa mhaitris criosú talamhúsáide comhdhéanta díobh seo a leanas:

1. **Crios C1**– Lár an tSráidbhaile/Tráchtáil
2. **Crios R** – Cónaitheach
3. **Crios I** – Tionsclaíoch
4. **Crios BE** – Gnó agus Fiontraíocht
5. **Crios CF** – Saoráidí Pobail
6. **Crios OS** – Spás Oscailte/ Caitheamh Aimsire agus Fóntas
7. **Crios A** – Talmhaíocht
8. **Crios EM** – Bainistiú Comhshaoil
9. **Crios TI** – Bonneagar Iompair
10. **Crios PU** – Fóntais Phoiblí

### Tábla LU1: Ceantair Criosanna Talamhúsáide laistigh de Phlean Cheantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013-2019.

| Crios Talamhúsáide | Achar Talún Forbartha (ha) | Achar Talún Neamhfhorbartha (ha) | Achar Iomlán (ha) |
|---|---|---|---|
| **Crios C1 - Lár an Bhaile/Tráchtáil** | 9.761 | 5.559 | 15.32 |
| **Crios R – Cónaitheach (Reatha)** | 32.419 | 0 | 32.419 |
| **Crios R – Cónaitheach (Céim 1)** | 0 | 11.47 | 11.47 |
| **Céim R – Cónaitheach (Céim 2)** | 7.762 | 43.005 | 50.767 |
| **Crios R – Cónaitheach (Iomlán)** | 40.181 | 54.475 | 94.656 |
| **Crios I – Tionsclaíoch** | 1.521 | 9.989 | 11.51 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Crios BE – Gnó agus Fiontraíocht** | 1.19 | 3.901 | 5.091 |
| **Crios CF – Saoráidí Pobail** | 1.772 | 18.288 | 20.06 |
| **Crios OS – Spás Oscailte/Caitheamh Aimsire agus Fóntais** | 0.565 | 40.535 | 41.1 |
| **Crios A – Talmhaíocht** | 24.025 | 71.915 | 95.94 |
| **Crios EM – Bainistiú Comhshaoil** | 0 | 0.179 | 0.179 |
| **Crios PU - Fóntais Phoiblí** | 0.93 | 0 | 0.93 |
| **Crios TI – Bonneagar Iompair** | – | – | 31.814 |
| **Achar Iomlán Criosaithe** | | | 316.6 |
| | | | |
| **Achar Iomlán an Phlean** | – | – | 316.6 |

Nóta: Tógadh na ceantair thuas ó Léarscáil 1A/1B Criosú Talamhúsáide CFG. Meastacháin atá sna mapaí

## 3.2 Forbairt Chónaitheach

### 3.2.1 Comhthéacs

Ní prionsabail cáilíochta agus inbhuanaithe a bheith chun tosaigh i bhforbairt chónaitheach sa todhchaí i gceantar an phlean, lena n-áirítear tograí tithíochta príobháideacha, sóisialta, inacmhainne agus deonacha. Cuirtear treoir ar fáil sa Phlean Ceantair Áitiúil maidir le suíomh, cineálacha agus dearadh fhorbairt nua cónaitheach, chomh maith le creat céimnithe do thailte criosaithe cónaitheacha, le géilliúntas do Chroí-Straitéis Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a chinntiú agus de réir na treoirach atá i Forbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha 2009 na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

### 3.2.2 Beartais agus Cuspóirí

**Beartais Forbartha Cónaitheach**

**Beartas RD 1 - Forbairt Chónaitheach**

Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú le pobail inbhuanaithe agus ceantair chónaitheacha d'ardcháilíocht a chruthú i suímh cuí, le raon de roghanna tithíochta agus seirbhísí, saoráidí agus fóntais tacaíochta sásúla, le haird ar an treoir atá sna cáipéisí treoracha/beartais seo a leanas nó aon leagan nuashonraithe/leasaithe díobh:

- Comh-Straitéis Tithíochta Comhairle Chomhairle Contae na Gaillimhe agus Bhéal Átha na Slua 2009-2015.
- Forbairt Inbhuanaithe Chónaitheach i gCeantair Uirbeacha:: Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2009.
- Lámhleabhar don Dearadh Uirbeach: Treoir don Chleachtas is Fearr - Doiciméad a Ghabhann leis na Treoirlínte d'Údaráis Pleanála maidir le Forbairt Inbhuanaithe Chónaitheach i gCeantair Uirbeacha, 2009.
- Treoirlínte Tithíocht Bhraislithe na Gaillimhe, nuair is cuí, nuair atá tograí le haghaidh forbairtí nua tithíochta le haonaid iolracha i gceantar Phlean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn á measúnú.
- Clár Cóiríochta Chomhairle Contae na Gaillimhe don Lucht Siúil.
- Taisteal níos Cliste - Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe - Beartas nua Iompair d'Éirinn 2009-2022 lena n-áiritear an Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta agus aon cháipéis náisiúnta gaolmhar.
- Treoir Chreat Uisce an AE agus An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte, Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla 2009.
- Tithíocht Inbhuanaithe Uirbeach: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2007.

**Beartas RD2 - Forbairt Chéimnithe ar Thailte Criosaithe Cónaitheacha**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe forbairt chónaitheach ordúil sheicheamhach chéimiúil a spreagadh de réir An Straitéis Forbartha is oiriúnaí agus de réir na forálacha talamhúsáide agus criosaithe atá leagtha amach sa Phlean Ceantair Áitiúil seo. Áireofar anseo toimhde dhearfa i bhfabhar forbair sheicheamhach thailte le seirbhísí oiriúnacha (Céim 1) d'fhonn an Plean Ceantair Áitiúil a ailíniú leis an gCroí-Straitéis/ Straitéis Lonnaíochta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, faoi réir ag comhlíonadh na mbeartas agus na bprionsabal atá sa Phlean Ceantair Áitiúil agus prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe. Beidh toimhde ghinearálta ann i gcoinne forbairt chónaitheach ar thailte le criosú Cónaitheach (Céim 2) laistigh de shaolré an Phlean Forbartha Áitiúil, faoi réir ag eisceachtaí atá faoi fhoráil ag an gCuspóir Forbartha Cónaitheach RDI.

## Cuspóirí Forbartha Cónaitheacha

**Cuspóir RD1 – Forbairt Chéimiúil Chónaitheach (Féach Léarscáil 1A/1B Criosú Talamhúsáide)**
Tacaíoch d'fhorbairt talún atá aimnithe mar Cónaitheach (Céim 1) laistigh de shaolré an Phlean Ceantair Áitiúil faoi réir ag gnáthriachtanais pleanála, rochtana agus seirbhíse, agus tailte atá ainmnithe mar Cónaitheach (Céim 2) a choinneáil siar le haghaidh riachtanais fáis fhadtéarmacha an tsráidbhaile. Go ginearálta ní féidir tailte Cónaitheacha (Céim 2) a fhorbairt laistigh de shaolré an Phlean seo, seachas na forbairtí seo a leanas, ar féidir leis an Údarás Pleanála iad a bhreithniú laistigh de shaolré an Phlean Ceantair Áitiúil ach cás oiriúnach a bheith déanta don togra:

1. Forbairtí tithe aonair do bhaill den teaghlach ar thalamh teaghlaigh.
2. Forbairtí neamhchónaitheacha atá oiriúnach do chomhthéacs an tsuímh, aon fhóntas cónaitheach atá ann cheana agus an patrún forbartha atá sa cheantar cheana.
3. Nuair is léir nach féidir tailte Cónaitheacha (Céim 1) a fhorbairt nó nach bhforbrófar iad laistigh de thréimhse an phlean, féadfar forbairt chónaitheach a bhreithniú ar thailte áirithe Cónaitheacha (Céim 2).

Beidh na heisceachtaí thuas faoi réir ag géilliúlacht don Chroí-Straitéis i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, beartais agus cuspóirí an Plean Ceantair Áitiúil seo, prionsabail na deaphleanála agus na forbartha inbhuanaithe agus gnáthchoinníollacha pleanála, rochtana agus seirbhíse a chomhlíonadh. Ní cheadófar forbairtí ach nuair a bhíonn cás substaintiúil déanta chun sástacht an Údarás Pleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte le haghaidh riachtanais fáis fhadtéarmacha an tsráidbhaile.

**Cuspóir RD 2 - Timpeallachtaí Tithíochta d'Ardchaighdeán**
Forbairt phobail chónaitheacha inbhunanaithe a spreagadh trí dhearadh foirgnimh nuálach d'ardchaighdeán agus leagan amach cuí a chur chun cinn, a thabharfaidh tosaíocht do roghanna siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí agus a dhéanfaidh soláthar le haghaidh ardleibhéal tréscaoilteachta, inrochtaineachta agus comhcheangaltachta chuig an timpeallacht thóga, na seirbhísí agus na saoráidí atá ann cheana.. Maidir leis seo, beidh tograí forbartha cónaitheacha sa todhchaí á ndéanamh de réir na bprionsabal atá leagtha amach i gcáipéis na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil '*Sustainable Residential Development in Urban Areas 2009'* sa cháipéis a ghabhann léi '*Urban Design Manual: A Best Practice Guide for Planning Authorities 2009'*, nó aon leagan nuashonraithe de na cáipéisí seo a fhoilseofar le linn saolré an Phlean seo.

**Cuspóir RD 3 – Roghanna Tithíochta**
A éileamh go gcuirtear meascán agus éagsúlacht de chineálacha agus de mhéideanna áitribh ar fáil i bhforbairtí le freastal ar riachtanais éagsúla, le haird ar dheimeagrafaíocht agus athruithe sóisialta, iniamh sóisialta, athraithe saoil, teaghlaigh níos lú, aois fhoirmithe níos ísle, inimirce, srl.

**Cuspóir RD 4 – Spás Oscailte i Limistéir Chónaitheacha**
Limistír shásúla spáis oscailte d'ardchaighdeán, sábháilte agus infheicthe a chinntiú i bhforbairtí cónaitheacha agus tacú le limistéir súgradh agus siamsaíochta a chur ar fáil i ngach forbairt mór nua cónaitheach.

**Cuspóir RD 5 – Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne**
A éileamh go gcuirtear 20% de gach suíomh nua cáilithe ar leataobh le haghaidh aonaid nua shóisialta inacmhainne a fhorbairt, mura ndéantar socrú eile le comhaontú leis an Údarás Pleanála, de réir *Straitéis Tithíochta 2009-2015* Chomhairle Contae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe).

**Cuspóir RD 6 – Cóiríocht don Lucht Siúil**
Cóiríocht shásúil a sholáthar don Lucht Siúil de réir *Clár Cóiríochta an Lucht Siúil 2009-2013*, nó aon leagan nuashonraithe den cháipéis seo.

**Cuspóir RD 7 – Forbairt Chomhoiriúnach**
Forbairt úsáidí chuí, chomhoiriúnacha a éascú i limistéir chónaitheacha, agus a chinntiú freisin go gcoinneofar go leor tailte criosaithe Cónaitheacha agus gur féidir iad a fhorbairt le haghaidh úsáidí cónaitheacha le freastal ar riachtanais fáis an tsráidbhaile laistigh de thréimhse an phlean. I measc úsáidí nach mbeadh comhoiriúnach tá úsáidí a chruthódh an-chuid tráchta, astúcháin, truailliú, gleo, boladh srl, nó úsáidí a mbeadh tionchar diúltach acu ar fhóntas cónaitheach.

**Cuspóir RD 8 – Forbairt Chónaitheach Eile**
Beidh toimhde ghinearálta ann i leith tithe altranais agus saoráidí scoir agus ionaid chúram pobail/lae a fhorbairt ar thailte criosaithe cónaitheacha nó in aice le lár seanbhunaithe an tsráidbhaile nó amr athúsáid oiriúnach le haghaidh struchtúir chosanta nó foirgnimh eile (m.sh. foirgnimh institiúideacha nó oideachasúla) a mbeadh a gcumas athfhorbartha teoranta mar gheall ar a méid agus a gcarachtar ailtireachta, faoi réir ag gnáthriachtanais pleanála, rochtana agus seirbhíse.

**Cuspóir RD9 – Tailte le Criosú Talmhaíochta**
Beidh toimhde ghinearálta ann in aghaidh fhorbairt chónaitheach ar thailte criosaithe Talmhaíochta (A), seachas forbairtí aon tí do bhaill teaghlaigh ar thailte teaghlaigh, ar féidir iad a bhreithniú a bheith faoi réir ag géilliúlacht do Bheartas RD1, mar is cuí, gnáthriachtanais pleanála, rochtana agus seirbhíse agus prionsabail na deaphleanála agus na forbartha inbhuanaithe. Ní cheadófar forbairtí ach má dhéantar cás substaintiúil chun sástacht an Údarás Pleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte sa todhchaí le haghaidh riachtanais fhadtéarmacha an tsráidbhaile. Cuirfear clásal feidhme i bhfeidhm i gcás aon chead le haghaidh forbairtí aon tí do bhaill teaghlaigh ar thailte teaghlaigh.

**Cuspóir RD10 – Comhcheangailteacht idir Tailte Céimithe Cónaitheacha (Féach Léarscáil 2A/2B)**
A chinntiú go mbreithneofar agus go ndéanfar soláthar le haghaidh rochtain feithiclí, coisithe agus rothar in aon togra forbartha le haghaidh tailte R-Cónaitheacha (Céim 1) taobh thoir de lár an tsráidbhaile, mar is cuí le haghaidh tailte R-Cónaitheacha (Céim 2) ar an taobh ó dheas agus thoir. Is ceart soláthar a dhéanamh freisin i dtograí forbartha le haghaidh naisc spásanna glasa idir tailte R-Cónaitheacha (Céim 1) agus tailte R-Cónaitheacha (Céim 2) sa cheantar.

**Cuspóir RD11 – Forchoimeád Pointí Rochtana ar Thailte Cónaitheacha**
Na pointí rochtana mar a léirítear iad ar Léarscáil na gCuspóirí Sonracha, agus aon phointí rochtana eile is féidir a aithint le forchoimeád ag an Údarás Pleanála i rith tréimhse an Phlean, le rochtain imleor feithiclí, coisithe agus rothaithe chuig cúltailte a chinntiú agus nascacht agus inrochtaineacht ar thailte le héadanas teoranta bóthair a chinntiú. **(Féach Cuspóir TI 27 & Léarscáil 2A/2B)**

**Cuspóir RD 12 – Slánachar Forbartha (Féach Léarscáil 2A/2B)**
A chinntiú go mbeidh slánachar sa líne tógála in aon fhorbairt ar an suíomh seo i dtreo chúl an tsuímh, d'fhonn radharcanna ó Bhóthar an Spidéil thar an sráidbhaile, na lochanna agus na radharcanna níos faide siar a chosaint.

**Féach Léarscáil 2A/2B – Cuspóirí Sonracha .**

### 3.2.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbairtí

**Treoirlínte um Bhainistiú Fhorbairtí Cónaitheacha**

**Treoirlínte DM RD1 - Duchtra Snáithín Rochtana Oscailte**
Iarrtar go mbeadh ceangail snáithín rochtana oscailte suiteáilte le haghaidh teicneolaíochtaí ardluais i ngach forbairt nuathógtha chónaitheach, mar is infheidhme, de réir cháipéis na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Recommendations for Open Access Fibre Ducting and Interior Cabling for New Residential Buildings 'Making Homes Fibre Ready', 2011.

## 3.3 Forbairt Shóisalta agus Pobail

### 3.3.1 Comhthéacs

**Iniamh Sóisialta**

Tagraíonn iniamh sóisialta do shraith gníomhartha dearfacha le comhionannas rochtana a bhaint amach ar sheirbhísí agus earraí, d'fhonn cabhrú le daoine a bheith rannpháirteach ina bpobal agus ina sochaí, le gach duine a spreagadh lena gcion a dhéanamh sa saol sóisialta agus cultúrtha agus a bheith eolach faoi gach cineál idirdhealú agus dúshlán a thabhairt fúthu.. San iniamh sóisialta déantar iarracht sochaí chóir iniatach a chruthú, agus dul i ngleic le héagothroime, eisiamh sóisialta agus bochtaineacht.

**Saoráidí Pobail**

Tá saoráidí éagsúla ag Maigh Cuilinn ar fóntais thábhachtacha iad don cheantar ar nós clós súgradh do leanaí, bunscoil, séipéal agus reilig, saoráidí leighis, stáisiún na nGardaí, oifig phoist agus roinnt saoráidí spóirt. Cruthaíonn fás an daonra, mar atá i Maigh Cuilinn, méadú ar an éileamh ar sholáthar seirbhísí agus tá sé inmhianaithe go mbeadh na saoráidí riachtanacha seo ar fáil i gcomhar le forbairt nua agus de réir mar a thagann pobail nua chun cinn. Maidir leis seo, is é ról Chomhairle Contae na Gaillimhe soláthar sásúil de limistéir le criosú cuí, chun freastal ar éilimh ar shaoráidí pobail sa todhchaí i limistéar an phlean, agus creat a sholáthar chun na húsáidí seo a fhorbairt trí na beartais agus na cuspóirí atá sa Phlean Ceantair Áitiúil.

### 3.3.2 Beartais agus Cuspóirí

**Beartais um Iniamh Sóisialta agus Rochtain Uilíoch**

**Beartas CF 1 – Iniamh Sóisialta agus Rochtain Uilíoch**

Is é beartas Chomhairle Contae na Gaillimhe tacú le prionsabail an iniamh shóisialta agus na rochtana uilíche, a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach duine aonair ar earraí, seirbhísí agus foirgnimh, d'fhonn cuidiú leo a bheith rannpháirteach i saol sóisialta agus cultúrtha Mhaigh Cuilinn agus a gcion féin a dhéanamh ar a shon.

**Beartas CF 2 – Saoráidí agus Fóntais Pobail**

Is é beartas na Comhairle tacú le saoráidí agus fóntais i gceantar an phlean a sholáthar go sásúil agus go cothrom  a dhéanann na nithe seo a leanas:

- A fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail áitiúil mar a thagann siad chun cinn agus mar is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil.
- Atá lonnaithe in ionaid chuí, inrochtana le freastal ar an daonra cónaitheach i gceantar an phlean.
- Atá braislithe nó nasctha le chéile cibé áit a bhfuil saoráidí agus fóntais comhlíontach agus mar a mbíonn sé infheidhme sin a dhéanamh, ar mhaithe le saoráidí a chomhroinnt agus il-úsáid a bhaint astu.

Éascófar tionscadail saoráidí agus fóntais pobail in ionaid oiriúnacha tar éis measúnú a dhéanamh ar gach togra, agus, mar is cuí, faoi réir ag comhoibriú agus comhairliúchán leis an bpobal áitiúil agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna agus acmhainní áitiúla.

**Cuspóirí Iniaimh Shóisialta agus Rochtana Uilíoch**

**Cuspóir CF1 - Iniamh Sóisialta**

Tacú le feidhmiú **Phlean Iniamh Sóisialta Chomhairle Contae na Gaillimhe  2010** agus **Clár Oibre Iniamh Sóisialta 2011** agus aon nuashonrú a dhéantar ar na cáipéisí seo.

**Cuspóir CF 2 – Rochtain Uilíoch**

A chinntiú go dtugann forbairtí tithíochta, saoráidí pobail, spásanna poiblí, bóithre poiblí, cosáin phoiblí agus seirbhísí iompair an aird is cuí ar riachtanais daoine le míchumais nó le deacrachtaí gluaiseachta agus ar riachtanais an *Acht um Míchumas  2005*, Plean Gníomhaíochta 2007-2015na Comhairle , agus *Treoirlínte Bainistiú Tráchta 2003* (agus aon athbhreithniú/nuashonrú ar na cáipéisí seo).

## Cuspóirí Saoráidí Pobail agus Cuspóirí Fóntas

**Cuspóir CF 3 – Tailte le haghaidh Saoráidí Pobail agus Fóntas (Féach Léarscáil 1A/1B)**

A chinntiú go mbíonn go leor tailte criosaithe agus seirbhísithe ann chun soláthR a dhéanamh le haghaidh saoráidí oideachais, pobail, caitheamh aimsire agus fóntais a bhunú, a fheabhsú nó a mhéadú i gceantar an Phlean. Beidh siad seo a leanas san áireamh:

a) Tailte a choimeád le haghaidh saoráidí pobail atá ann cheana agus le haghaidh saoráidí breise pobail a leathnú agus a sholáthar in aice le tailte saoráidí pobail atá ann cheana.
b) Tailte a choimeád le saoráidí poibail a sholáthar in aice le bloic mhóra tailte criosaithe cónaitheacha le freastal ar riachtanais na n-áitreabhach atá ann agus a bheidh ann amach anseo.

**Cuspóir CF 4 - Saoráidí Oideachais**

Tacú le saoráidí sásúla oideachais a sholáthar don phobal áitiúil d'fhonn freastal ar riachtanas an réimse is leithne áitreabhach laistigh de Mhaigh Cuilinn agus dá chomharsanacht.

**Cuspóir CF 5 – Saoráidí Cúram Leanaí**

Forbairt saoráidí cúram leanaí a áisiú agus chur chun cinn in ionaid oiriúnacha agus de réir beartais náisiúnta agus na cáipéise ón Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*'Saoráidí Cúram Leanaí - Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla',* (Nó aon leagan nuachóirithe nó leasaithe den cháipéis seo).

**Cuspóir CF 6 - Spásanna Oscailte (Féach Léarscáil 2A/2B)**

Spásanna oscailte atá ann a chosaint ó fhorbairt mhíchuí, ar mhaithe lena ról spásanna a sholáthar le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach agus neamhghníomhach, idirchaidreamh sóisialta agus gníomhaíochtaí sibhialta, faoiseamh radhairc ón timpeallacht thógtha , agus fóntas cónaitheach agus carachtar foriomlán Mhaigh Cuilinn a choinneáil. Forbairt spásanna oscailte a éascú, lena n-áirítear páirceanna, spásanna sibhialta agus limistéir fóntais áitiúla, ag láithreacha oiriúnacha i gCeantar an Phlean.

**Cuspóir CF 7 – Saoráidí Spóirt, Súgradh agus Caitheamh Aimsire**

Tacú le soláthar saoráidí nua spóirt, súgradh agus caitheamh aimsire le freastal ar riachtanais an phobail áitiúil, soláthar saoráidí súgradh/caitheamh aimsire a éileamh i bhforbairtí nua móra cónaitheacha, agus forbairt na nithe céanna a éascú i suímh chuí sa sráidbhaile, lena n-áirítear tacú le tograí poiblí/pobail a leithéidí de shaoráidí a sholáthar.

**Cuspóir CF 8 – Saoráidí Pobail, Caitheamh Aimsire agus Fóntais atá ann cheana & Tailte Criosaithe**

Saoráídí pobail, caitheamh aimsire agus fóntais atá ann cheana, agus tailte atá criosaithe do na húsáidí seo, a choinneáil agus athrú úsáide nó athfhorbairt a chosc, munar féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht an Údarás Pleanála nach bhfuil an tsaoráid/talamh ag teastáil níos mó agus go gcuirfidh an fhorbairt nó an úsáid nua le riachtanais fhoriomlána an phobail agus le riachtanais caitheamh aimsire agus fóntais cheantar Mhaigh Cuilinn.
**(Féach Léarscáil 1A/1B)**

**Cuspóir CF 9 – Líonra Fóntais**

Tacú le líonra inrochtana naisc ghlasbhealaí agus fóntas a bhunú a chuirfidh bealaí sábháilte tarraingteacha cúrsaíochta ar fáil do choisithe agus do rothaithe ar mhaithe le húsáid thaitneamhach agus caitheamh aimsire don phobal go léir. Is ceart go ndéanfadh an líonra seo nasc idir saoráidí pobail, fóntais agus gnéithe na timpeallachta tógtha i gCeantar an Phlean agus sna limistéir máguaird. Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe iarracht feidhmiú na líonraí glasbhealaí a chur chun cinn mar chonairí fiadhúlra agus mar ghnáthóga, d'fhonn an bhithéagsúlacht agus an dúlra a bhreisiú.

**Cuspóir CF 10 – Suíomh Leabharlainne**

Suíomh aithint le haghaidh leabharlann a sholáthar agus tacú le forbairt saoráide dá leithéid.

**Cuspóir CF 11 – Líonraí Coisithe agus Rothaíochta (Féach Léarscáil 2A/2B)**

Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shraith bealaí coisithe agus rothaíochta i gceantar Mhaigh Cuilinn, mar is indéanta agus ar bhealach íogair, ag cur srutháin, aibhneacha, lochanna, coillte, canáil agus an tseanlíne traenach san áireamh. Breithneofar an tionchar a bheadh ag gníomhaíochtaí caitheamh aimsire dá leithéid ar an oidhreacht nádúrtha agus ar limistéir aimnithe caomhnaithe agus pléifear leo mar chuid d'aon togra.

### 3.3.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

Déan tagairt do na Caighdeáin agus na Treoirlínte Bainistiú Forbartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

## 3.4 Forbairt Eacnamaíoch

### 3.4.1 Comhthéacs

Aithnítear Maigh Cuilinn mar cheann de na 'Sráidbhailte Eile ' agus mar cheann de na 'Bailte Leibhéil Iseal' i bPlean Forbartha reatha Chontae na Gaillimhe. . Ciallaíonn sé seo go gcuirtear réimse teoranta seirbhísí ar fáil ann do chúlcheantair bheaga, mar a mbíonn réimse de sheirbhísí miondíola agus oideachais ar fáil ach seirbhísí teoranta airgeadais, sláinte agus pobail. Feidhmíonn Maigh Cuilinn mar shráidbhaile comaitéireachta do Gheata na Gaillimhe ach tá sé ar a chumas a bheith imleor trí dheiseanna nua fostaíochta a chruthú, agus soláthar a dhéanamh do ghnólachtaí mionscála agus tionscnamhacha, agus an earnáil miondíola san áireamh. Aithnítear an ról seo agus cumas Mhaigh Cuilinn agus tacaítear leis sa Phlean Ceantair Áitiúil. Soláthraítear creat talamhúsáide sa Phlean mar aon le beartais agus cuspóirí le réimse gníomhaíochtaí tráchtála, tionsclaíocha, fiontraíochta agus turasóireachta a chur chun cinn, ar mhaithe le deiseanna éagsúla fostaíochta a spreagadh agus a bhuanú i gceantar an Phlean.

**Úsáid Miondíola agus lár an tSráidbhaile - Forbairt Thionsclaíoch, Gnó agus Fiontraíochta**
Aithnítear go leor tailte criosaithe tionsclaíocha sa Phlean (I) le freastal ar fhorbairt thionsclaíoch agus tailte atá ar fáil le haghaidh Gnó/Fiontraíocht ar féidir a úsáid le haghaidh fiontair agus gnólachtaí éagsúla. Déantar soláthar i gcrios lár an tSráidbhaile/Tráchtála (C1) le haghaidh réimse de shaoráidí oiriúnacha miondíola agus seirbhíse ar fud an tsráidbhaile, a chosnaíonn beogacht agus inmharthanacht lár an tsráidbhaile, agus a sholáthraíonn bunáit láidir le haghaidh deiseanna fostaíochta. Beidh tionchar ag an mbealach atá beartaithe don seachbhóthar le trácht a bhaint as lár an tsráidbhaile ar an fhorbairt a thiocfaidh ar ghníomhaíocht miondíola/tráchtála. Ní mór aon fhorbairt ar sheirbhísí miondíola agus neamh-mhiondíola sa sráidbhaile a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú go cúramach ar mhaithe le carachtar eisceachtúil an tsráidbhaile a chosaint agus a bhreisiú agus beogacht eacnamaíocht lár an tsráidbhaile a chur chun cinn ag an am céanna d'fhonn bunáit láidir a sholáthar le haghaidh deiseanna fostaíochta.

**Údarás Na Gaeltachta**
Tá Maigh Cuilinn sa Ghaeltacht. Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is é an cuspóir foriomlán atá acu a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta trí scéimeanna fostaíochta a chur chun cinn agus acmhainní, scileanna agus cumais fiontraíochta áitiúla a fhorbairt. Tugann an tÚdarás tacaíocht do thionscadail áirithe i gcomharsanacht Mhaigh Cuilinn.

**Turasóireacht**
Tá an turasóireacht tábhachtach don eacnamaíocht áitiúil agus do chaomhnú agus breisiú na hoidhreachta áitiúla. Tá go leor ionad spéisiúil do thurasóirí i Maigh Cuilinn, lena shuíomh tarraingteach in aice le Loch Coirib agus mar bhealach isteach i gConamara, mar a bhfuil ionaid spéisiúla seandálaíocha agus ailtireachta chomh maith leis an oidhreacht nádúrtha agus caitheamh aimsire ar uisce.

### 3.4.2 Beartais agus Cuspóirí

## Beartas um Fhorbairt Eacnamaíoch

**Beartas ED 1 – Forbairt Eacnamaíoch**

Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus le cruthú na fostaíochta i Maigh Cuilinn trí thailte oiriúnacha le seirbhísí sásúla a aithint le haghaidh forbairtí gnó agus fiontraíochta, miondíola, tionsclaíochta, tráchtála agus turasóireachta, infheistíocht sa bhonneagar iompair agus eile a chur chun cinn agus timpeallacht d'ardcháilíocht a chruthú d'fhonn an infheistíocht eacnamaíoch a spreagadh. Tabharfar an treoir chuí do chur chun cinn na forbartha eacnamaíochta ionas go gcosnófar fóntais chónaitheacha, an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, carachtar tírdhreacha/sráidbhaile/sráide agus beogacht agus inmharthanacht lár an tsráidbhaile.

Tacaíocht do na haidhmeanna, cuspóirí agus moltaí seo a leanas, mar a oireann i gcomhthéacs Mhaigh Cuilinn:

- Straitéis Chontae na Gaillimhe don Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha dar teideal *'Ar Scáth a Chéile Ár dTodhchaí á Mhúnlú" 2002 – 2012* (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit).
- Straitéis Turasóireachta Bhord Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe dar teideal *Turasóireacht Inbhuanaithe i nGaillimh: Creat Gníomhaíochta 2003-2012* (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit.
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010-2022.

## Cuspóirí Forbartha Eacnamaíocha

**Cuspóir ED1 - Fostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch**

Tacú leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnach do Réigiún an Iarthair 2010-2022 agus do na beartais agus na cuspóirí forbartha eacnamaíocha agus turasóireachta atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit).

**Cuspóir ED 2 – Forbairt Gnó/Fiontraíochta agus Tionsclaíochta**

Bunú forbairtí gnó, fiontraíochta agus tionsclaíochta a mheastar a bheith comhoiriúnach do na húsáidí mórthimpeall a éascú agus a spreagadh ar shuímh le criosú agus seirbhísí oiriúnacha. IN áiteanna ina mbeidh úsáidí dá leithéid á bhforbairt in aice le limistéir chónaitheacha nó le saoráidí pobail, cuirfear criosanna maolánacha ar fáil chomh maith le sciathadh sásúil i bhfoirm phlandáil agus tírdhreachú mar is cuí. Díreofar ar chriosú Gnó agus Fiontraíocht (BE) agus Tionsclaíoch (I) ar dtús le haghaidh na n-úsáidí seo, faoi réir ag an treoir atá sna Treoirlínte DM LU 2 - Maitris Criosú Talamhúsáide.

**Cuspóir ED 3 – Forbairt Miondíola**

Tacú le cineálacha, scálaí agus patrúin forbartha miondíola cuí in ionaid oiriúnacha laistigh den sráidbhaile agus le hardcháilíocht deartha mar a leanas:

- Tacú le beogacht agus inmharthanacht lár an tsráidbhaile mar atá agus na príomhshráideanna a bhaineann leis gan baint díobh.
- Infheistíocht i mbóithre straitéiseacha agus i mbonneagar a chosaint agus iad a bheith inrochtana go héasca, go háirithe d'iompar poiblí.
- Na *Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla - Pleanáil Miondíola 2012* (agus aon cháipéis nuashonraithe a bheadh ina áit) a chomhlíonadh, lena n-áirítear an gá atá le cur chuige seicheamach i leith fobairt miondíola, agus beartais agus cuspóirí aon Straitéis Miondíola do Ghaillimh a ghlacfaí le linn saolré an Phlean Ceantair Áitiúil seo agus an treoir atá sa *Retail Design Manual – A Good Practice Guide Companion Document to the Guidelines for Planning Authorities Retail Planning 2012* (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit).
- Páirt a ghlacadh i dtimpeallacht miondíola d'ardchaighdeán a chruthú.

Beidh criosú Lár an tSráidbhaile ag leanúint ar aghaidh mar phríomhfhócas le haghaidh aon fhorbairt nua miondíola a lonnú. Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go mbeidh ionad aon fhorbairt miondíola amach anseo ag réiteach le prionsabail thábhachtacha beartais agus in ord tosaíochta mar a atá leagtha amach sna Treoirlínte d'Údaráis Pleanála - Pleanáil Miondíola 2012 (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit) agus go mbeidh Measúnuithe Tionchar Miondíola riachtanach, lena n-áirítear sonraí an chur chuige sheicheamhach, agus Measúnuithe Ráiteas Deartha agus Tionchar Iompair, mar is cuí, le haghaidh forbairtí miondíola de réir Treoirlínte Deartha Miondíola agus Treoirlínte DM ED1 agus ED2.

**Cuspóir ED 4 – Forbairt Turasóireachta**
Forbairt inbhuanaithe an chumas turasóireachta a spreagadh i Maigh Cuilinn agus cabhrú léi ar bhealach a léiríonn meas ar oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile agus ar na fóntais áitiúa i gceantar an Phlean, agus a bheidh ag tógáil uirthi, á cosaint agus á breisiú. Tabharfar tacaíocht do thionscadail/tograí tábhachtacha mar seo a leanas:
a) Ionad faisnéise do thurasóirí a fhiosrú agus saoráidí leithris phoiblí a chur i láithreacha oiriúnacha sa sráidbhaile.
b) Iarracht a dhéanamh straitéis le haghaidh comharthaíocht faisnéise a fhorbairt do Mhaigh Cuilinn.

**Cuspóir ED 5 – Timpeallachtaí Oibre d'Ardcháilíocht**
Soláthar dearthaí d'ardcháilíocht a spreagadh (lena n-áirítear éagsúlacht i ndearadh agus i scála), leagan amach, cóireáil teorainn agus radharcanna rochtana ar fhorbairt sna criosanna Tionsclaíocha (I) agus Gnó agus Fiontraíochta (BE), ar mhaithe le cur go dearfach le carachtar agus fóntas radhairc an cheantair.

**Cuspóir ED 6 – Úsáidí Neamhchomhréire**
Nuair nach mbíonn úsáidí reatha i gcomhréir le cuspóirí criosú talamhúsáide nó le maitis an phlean, éascóidh/tacóidh an tÚdarás Pleanála lena n-athlonnú go tailte criosaithe níos inbhuanaithe agus níos oiriúnaí.

**Cuspóir ED 7 – Iomadú aon Úsáid Aonair**
Beogacht agus inmharthanacht lár an tsráidbhaile a chosaint agus a bhreisiú trí chinntiú go mairfidh sé mar phríomhionad miondíola, tráchtála agus úsáide measctha an tsráidbhaile agus cosc a chru le hiomadú aon úsáid aonair nach gcuirfeadh le beogacht agus inmharthanacht lár an tsráidbhaile dar leis an Údarás Pleanála.

### 3.4.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

**Treoirlínte um Bhainistiú Forbairtí Eacnamaíocha**

**Treoirlínte ED1 - Measúnuithe ar Thionchar Miondíola**
Beidh Measúnuithe Tionchar Miondíola riachtanach le hiarratais pleanála le haghaidh forbairtí móra miondíola (ar nós ionaid siopadóireachta nó siopaí sraithe bia/grósaeirí), forbairtí úsáide measctha le hionaid mhóra miondíola, forbairtí a mbeadh tionchar mór acu ar bheogacht agus ar inmharthanacht lár an tsráidbhaile mar a mheasfadh an tÚdarás Pleanála iad a bheith cuí nó a mhalairt. Beidh na Measúnuithe Tionchar Miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola, lena n-áirítear sonraí an tástáil sheicheamhach.

**Treoirlínte DM ED2 – Ráitis Deartha**
Féadfar Ráitis Deartha a éileamh le haghaidh iarratais pleanála do thograí móra miondíola, tograí miondíola atá suite laistigh de limistéar íogair nó mar a mheasann an tÚdarás Pleanála a bheith cuí. Pléifidh Ráitis Deartha na saincheisteanna a thógtar in Alt 5.3 de na *Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Áitiúla 2012* (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit), lena n-áirítear measúnú ar charachtar an limistéir atá i dtadhall leis an suíomh agus moltaí le haghaidh dearadh d'ardcháilíocht ar féidir é a shuiteáil go rathúil sa chomhthéacs. Beidh aird ag Ráitis Deartha freisin ar threoir faoi dhearadh agus leagan amach mar atá sonraithe sa Retail Design Manual – A Companion Document to the Retail Planning Guidelines for Planning Authorities 2012.

## 3.5 Bonneagar Iompair

### 3.5.1 Comhthéacs

**Taisteal níos Cliste**
Aithníonn an Plean Ceantair Áitiúil tábhacht an iompair inbhuanaithe agus tacaíonn sé leis, lena n-áirítear comhtháthú talamhúsáide agus iompair agus aistriú cóir iompair ó iompar príobháideach go hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht a spreagadh. Tugadh an aird chuí ar an reachtaíocht agus ar bheartais ábhartha náisiúnta, lena n-áirítear Taisteal níos Cliste: Beartas nua Iompair d'Éirinn 2009-2020, Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, 2012 agus Treoirlínte Bainistiú Tráchta 2003.

**Iompar Poiblí**
Níl ach seirbhísí bus ar fáil mar iompar poiblí i Maigh Cuilinn, le seirbhís áitiúil a bhfuil ról an-tábhachtach aici ó thaobh Maigh Cuilinn agus a chomharsanacht a nascadh le Cathair na Gaillimhe agus le ceantar Chonamara i gcoitinne. Cuireann Bus Éireann seirbhís phoiblí ar fáil agus tá comhlacht príobháideach ag freastal ar an sráidbhaile chomh maith.

**Siúl agus Rothaíocht**
Tá an líonra siúil i Maigh Cuilinn comhdhéanta de chosáin atá ann cheana i dtadhall le bóithre poiblí agus bealaí siúil fóntais, lena n-áirítear cosáin sna coillte máguaird. Níl aon líonra dílsithe rothaíochta i Maigh Cuilinn agus tá an rothaíocht teoranta do na bóithre atá ann a úsáid; ach tá an sráidbhaile suite ar lúb fada rothaíochta a bhfuil an-tóir air ó Chathair na Gaillimhe trí Maigh Cuilinn, An Spidéal agus Bearna. Is cuid de chuspóirí an phlean i gcónaí athfhorbairt a dhéanamh ar nó in aice leis an seanbhóthar iarainn mar chosán siúil/rothaíochta agus d'fhéadfaí é a chur i gcrích amach anseo, agus bheadh sé mar chomhlánú ar an mBealach Glas atá molta ón Chlochán go Uachtar Ard, a bheadh ina dheis iontach fóntais don phobal áitiúil agus ina fhóntas do thurasóirí.

Ó tharla go bhfuil foirm uirbeach measartha dlúth ag Maigh Cuilinn tá neart ionchais ann le haghaidh cóir iompair aistrithe ón charr príobháideach go siúl agus rothaíocht mar mhodh taistil, go háirithe má fheabhsaítear na naisc idir lár an tsráidbhaile agus limistéir chónaitheacha agus má dhírítear ar nascacht, inléiteacht agus tréscaoilteacht. I Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe, déantar iarracht tábhacht an tsiúil agus na rothaíochta mar mhodhanna inbhuanaithe iompair a spreagadh agus a chur chun cinn, lena n-áirítear líonra de bhealaí comhtháite a chur chun cinn. Beidh tacaíocht ar fáil ón bPlean Ceantair Áitiúil le líonra siúil agus rothaíochta Mhaigh Cuilinn a fheabhsú agus le aistriú cóir iompair ó iompar príobháideach mótair go siúl agus rothaíocht.

**Bóithre, Bainistiú Tráchta agus Páirceáil**
Tá sé d'aidhm ag Comhairle Contaet na Gaillimhe tacú le feabhsú an líonra sráide uirbeach, éifeachtúlacht an timthriall agus an bhainistiú tráchta a chur chun cinn timpeall ar Mhaigh Cuilinn agus soláthar cuí páirceála a bheidh áisiúil do lár an tsráidbhaile a éascú. Tá Maigh Cuilinn suite mar a dtagann an bealach náisiúnta N59 agus an Bóthar ón Spidéal go dtí An Cnoc (L-1320 & L-1313) le chéile, rud a chruthaíonn brú tráchta go háirithe ag an acomhal tábhachtach seo sa sráidbhaile. Nuair a bheidh Scéim Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn déanta, ba chóir go ndéanfadh sé athrú drámatúil ar ghluaiseacht na tráchta i gceantar an Phlean agus ina chomharsanacht. Tá sé i gceist chomh maith bealach Faoisimh Istigh a sholáthar ar an taobh thiar den phríomhshráid, le rochtain a fheabhsú agus trácht a bhaint amach ón bPríomhshráid, agus freastal ar fhorbairt sa todhchaí. Ba chóir go bhfeabhsódh an laghdú i dtrácht tríd an sráidbhaile cáilíocht agus tarraingteacht lár an tsráidbhaile le haghaidh cuspóirí infheistíochta agus caitheamh aimsire agus deiseanna níos fearr a thabhairt le haghaidh iompar inbhuanaithe sa sráidbhaile agus mórthimpeall air agus éascaíocht rochtana a chruthú do chách a úsáideann an ceantar seo.

### 3.5.2 Beartais agus Cuspóirí

## Beartais Inbhuanaithe Iompair

**Beartas TI 1 – Iompar Inbhuanaithe, Siúl agus Rothaíocht**

Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe úsáid iompar poiblí, siúl agus rothaíocht a chur chun cinn mar mhalairt áisiúil atá inbhuanaithe sa chomhshaol in áit iompar príobháideach agus na príomhspriocanna treoracha beartais agus gníomhartha ábhartha atá leagtha amach i gcáipéis beartais na Roinne Iompair 'Taisteal níos Cliste: Iompar Inbhuanaithe don Todhchaí - Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020' agus an Creat Náisiúnta do Bheartas Rothaíochta 2009-2020 (agus aon leasú nó nuashonrú dá éis), aon treoir atá ag teacht maidir le dearadh sráid agus saoráidí rothaíochta agus aon Phlean Taisteal níos Cliste a ghlacfadh Comhairle Contae na Gaillimhe.

## Cuspóirí Inbhuanaithe Iompair

**Cuspóir TI 1 – Talamhúsáid agus Iompar Comhtháite**

A chinntiú go ndéanfar pleanáil talamhúsáide a chomhtháthú le pleanáil iompair agus an riachtanas taistil, in iompar príobháideach go háirithe, a laghdú:

Trí fhorbairt chomhdhlúite a chur chun cinn;

Treisiú agus meascadh úsáid na forbartha ar chonairí poiblí iompair agus ag moil agus nóid iompair phoiblí a spreagadh.

Tosaíocht a thabhairt don siúl, rothaíocht agus iompar poiblí i dtograí nua forbartha, mar is cuí;

A chinntiú go mbíonn talamhúsáid agus criosú comhtháite go hiomlán trí líonra cuimsitheach, inbhuanaithe, éifeachtúil, ardcháilíochta iompair a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais gluaiseachta áitritheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí.

**Cuspóir TI 2 – Iompar Inbhuanaithe**

An tograí Taistil níos Cliste a fheabhsóidh an t-iompar inbhuanaithe i gCeantar an Phlean a áisiú agus roghanna inbhuanaithe iompair a áisiú lena n-áirítear iompar poiblí, feithiclí leictreacha, clubanna gluaisteán, scéimeanna poiblí rothar, páirceáil agus taisteal, páirceáil agus siúl, saoráidí feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe, mar is cuí.

**Cuspóir TI 3 – Iompar Poiblí**

Tacú le saoráidí agus seirbhísí feabhsaithe iompair poiblí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí bus, stadanna agus scáthláin bus, aon seirbhísí de chuid an Togra Iompair Tuaithe, páirceáil agus taisteal/ páirceáil agus siúl agus gach riachtanas cúntach, i gcomhairle leis na soláthraithe ábhartha iompair poiblí.

**Cuspóir TI 4 - Siúl**

Feabhsúcháin ar thimpeallacht agus ar líonra na gcoisithe a éascú ionas go mbeidh sé sábháilte agus rochtain ag cách air, tríd an bonneagar riachtanach - cosáin, soilsiú, trasrianta coisithe srl a sholáthar. Déanfar siúl a chur chun cinn agus tabharfar tosaíocht dó i bhforbairtí nua, beidh sé scagach, le naisc shásúla agus i dtadhall le ceantair sa chomharsanacht, le lár an tsráidbhaile, le cinn scríbe oideachais, cónaitheacha agus fostaíochta agus beidh siad ag cloí leis na prionsabail atá sa cháipéis náisiúnta Taisteal níos Cliste: Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe - Polasaí Iompair nua d'Éirinn 2009-2010 (agus aon cháipéis nuashonraithe a thagann ina áit). Cinnteoidh Comhairle Contae na Gaillimhe go mbeidh soilsiú nua i limistéir íogair, in aice le huisce nó le crainn leathandhuilleacha mar shampla, go ndéarfar iad a dhearadh go híogair ionas nach gcuirfear isteach ar ialtóga ag sealgaireacht ná ar fhiadhúlra oíche eile.

**Cuspóir TI 5 – Rothaíocht**

Feabhsú an timpeallacht agus an líonra rothaíocht a éascú ionas go mbeidh sé sábháilteachta agus in-rochtain, trí bhainistiú. imleor tráchta agus an bonneagar riachtanach a sholáthar, ar nós cóireáil dromchla, cóireáil acomhail, rian(ta) rothar, lána(í) rothar, soilsiú, crosairí srl. Beidh an rothaíocht á cur chun cinn agus tosaíocht á tabhairt di, beidh sí scagach, le naisc imleor le limistéir sa chomharsanacht, le lár an tsráidbhaile, le cinn scríbe caitheamh aimsire, oideachais, cónaitheacha agus fostaíochta agus beidh sí ag cloí leis na prionsabail atá sna cáipéis náisiúnta beartais Taisteal níos Cliste - Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009-2020, agus an Creatlach an pholasaí Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020, (agus aon cháipéis nuashonraithe a thiocfaidh ina n-áit). Éascófar freisin feidhmiú/seachadadh na mBealaí Náisiúnta Rothaíochta atá aitheanta sa Cháipéis Scóipe don Líonra Náisiúnta Rothaíochta Lúnasa 2010 (agus aon leagan a thagann ina áit), a bhaineann le limistéar an Phlean, le haird ar na gnéithe riachtanacha comhshaoil

**Cuspóir TI 6 – Páirceáil Rothar**

A chinntiú go mbeidh leibhéil imleor páirceáil rothar in ionaid chuí ar fáil mar is gá i gceantar an Phlean, de réir na gcaighdeán atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus a chinntiú go gcuirfidh forbairtí nua príobháideacha saoráidí sábháilte, slána faoi fhoscadh ar fáil.

**Cuspóir TI 7 – Straitéis Siúil agus Rothaíochta**

Tacú le Straitéis Siúil agus Rothaíochta don Chontae a ullmhú agus aon chuspóir sonrach do shráidbhaile Mhaigh Cuilinn agus dá chomharsanacht a fheidhmiú de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

**Cuspóir TI 8 – Trasrianta Coisithe**

Soláthar trasrianta coisithe chuig scoileanna agus ionaid chuí eile a éascú i gCeantar an Phlean de réir mar is gá.

**Cuspóir TI 9 – Pleananna Bainistiú Soghluaisteachta**

Pleananna Bainistiú Soghluaisteachta a éileamh i ngach forbairt cónaitheach, tráchtála, úsáide meascaithe nó gnó/fiontraíochta, tionsclaíocha a éileamh mar is cuí.

**Cuspóir Ti 10 - Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha**

Soláthar agus seachadadh pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a éascú i gcarrpháirceanna poiblí agus in ionaid chuí eile i Maigh Cuilinn le haghaidh taistil teaghlaigh, trasdúla agus deireadh aistir.

**Cuspóir TI 11 – Cosán ó Dhroichead Chlaidhdeach go Lár an tSráidbhaile (Féach Léarscáil 2A/2B)**

Soláthar cosáin ó Dhroichead Chlaidhdeach go lár an tsráidbhaile a éascú, faoi réir ag gnáthriachtanais pleanála agus comhshaoil, lena n-áirítear éifeachtaí teaglama faoi Mheasúnú Treoir an AE um Ghnáthóga mar is cuí.

**Cuspóir TI 12 – Feabhsúcháin ar Dhroichead Chlaighdeach (Féach Léarscáil 2A/2B)**

Feabhsúcháin chuí a éascú do Dhroichead Chlaighdeach, faoi réir ag gnáthriachtanais pleanála agus comhshaoil, lena n-áirítear éifeachtaí teaglama faoi Mheasúnú Treoir an AE um Ghnáthóga mar is cuí.

**Cuspóir TI 13 – Saoráidí agus Seirbhísí Bus (Féach Léarscáil 2A/2B)**

Tacú le feabhsú saoráidí agus seirbhísí bua i Maigh Cuilinn, lena n-áirítear iad seo a leanas:

a) Nuachóiriú ar bhustadanna a éascú, scáthláin bus agus Faisnéis Fíor-ama a sholáthar ag na stadanna atá cheana féin i lár an tsráidbhaile agus ag aon stad bus a chuirfí ar fáil amach anseo.
b) Dul i gcomhairle le hoibritheoirí bus maidir le stadanna bus breise a bheadh ag freastal ar Mhaigh Cuilinn a sholáthar.

**Cuspóir TI 14 – Mórlána Bus (QBC) (Féach Léarscáil 2A/2B)**

Tacú le QBC a sholáthar idir Maigh Cuilinn agus Cathair na Gaillimhe.

## Beartais Bóithre, Sráideanna agus Páirceála

**Beartas TI 2 – Bóithre, Sráideanna agus Páirceáil**

Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe a chinntiú go mbeidh an líonra bóithre agus sráideanna sábháilte agus áisiúil, go mbeidh go leor cumais ann le soláthar don trácht mótair agus neamh-mhótair, go mbeidh ardcháilíocht comhshaoil aige le forbairt chóngarach chuí agus foirm thógála, go háirithe i gcás sráideanna agus sráid-dhreacha uirbeacha, agus go gcuirfear saoráidí imleor páirceála ar fáil le freastal ar riachtanais an tsráidbhaile. Beidh an beartas seo agus na cuspóirí a ghabhann leis faoi threoir ag an mbeartas náisiúnta ábhartha lena n-áirítear *Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta 2012*, the *Treoirlínte maidir le Forbairt Inbhuanaithe Chónaitheach i gCeantair Uirbeacha 2009* agus an *Lámhleabhar Deartha Uirbeach 2009* a ghabhann leis, *Treoirlínte Bainistiú Tráchta 2003*, *Treoirlínte maidir le Measúnú Tráchta agus Iompair* 2007 (agus aon cháipéisí nuashonraithe a ghlacfaidh a n-áit)) agus Treoirlínte Measúnú Comhshaoil Údarás na mBóithre Náisiúnta mar is cuí, agus aon treoirlínte a dhéanfar amach anseo maidir le dearadh sráideanna agus saoráidí rothaíochta..

## Cuspóirí Bóithre, Sráideanna agus Páirceála

**Cuspóir TI 15 – An Líonra Bóithre Náisiúnta**

An líonra náisiúnta bóithre agus éifeachtúlacht, sábháilteacht, cumas agus infheistíocht straitéiseach sa bhealach náisiúnta agus an Seachbhóthar beartaithe N59 Maigh Cuilinn a chosaint,agus aird a thabhairt ar *Na Treoirlínte don Phleanáil Spásúil agus na Treoirlínte Náisiúnta Bóithre d'Údaráis Áitiúla 2012*. Is ceart rochtain nua dhíreach ó fhorbairt nua ar na bóithre náisiúnta seo a sheachaint lasmuigh de chriosanna luasteorann an tsráidbhaile agus cuirfear in aghaidh ionaid mhóra miondíola a lonnú i bhfogas nó in aice le bóithre atá ann cheana nó bóithre nua nó bóithre náisiúnta atá beartaithe. Beidh ar thograí forbartha mórscála Measúnuithe Tráchta agus Iompair a chur faoi bhráid, mar is cuí le measúnú ar thionchar na forbartha atá beartaithe agus na ngluaiseachtaí gaolmhara tráchta ar éifeachtúlacht, sábháilteacht agus cumas an líonra náisiúnta bóithre.

**Cuspóir TI 16 – An Líonra Sráide Uirbeach**

Tacú le breathnú ar an líonra bealaí i limistéir thógtha an tsráidbhaile mar shráideanna uirbeacha a thugann tosaíocht do riachtanais coisithe, a éascaíonn rothaithe mar is féidir agus a thacaíonn le gluaisteachtaí iompair, le stopadh agus páirceáil, mar is cuí Nuair is cuí, éileofar ar fhorbairtí nua síneadh an líonra uirbeach sráideanna a éascú agus/nó nascacht agus inrochtaineacht fheabhsaithe a sholáthar, go háirithe do choisithe agus do rothaithe.

**Cuspóir TI 17 - Feabhsúcháin ar an Líonra Iompair (féach Léarscáil Cuspóirí Sonracha 2A/2B)**
Tacú le feabhsú ar an líonra bóithre agus sráideanna i gCeantar an Phlean agus mórthimpeall air, faoi réir ag gnáthriachtanais pleanála agus breithnithe comhshaoil, lena n-áirítear éifeachtaí teaglaim faoi Mheasúnú Threoir an AE um Ghnáthóga mar is cuí. Beidh na bealaí agus na nuachóirithe seo a leanas, agus aon scéimeanna/feabhsúcháin fhaofa chuí eile ar bhóithre agus sráideanna i gceantar an Phlean agus mórthimpeall air:

a) An Seachbhóthar nua N59 Maigh Cuilinn ó dheisceart cheantar an phlean go tuaisceart Cheantar an Phlean, soir ó lár an tsráidbhaile, lena n-áirítear an bealach agus na hacomhail a luaitear ar Léarscáil na gCuspóirí Sonracha a chaomhnú, le cosc ar fhorbairt a chuirfeadh isteach ar na tailte seo agus ar fhorbairt an bhealaigh.

b) Bealach nua Faoisimh Istigh ag nascadh na rochtana thuaidh den N59 le rochtain theas an N59, taobh thiar de lár an tsráidbhaile, agus pointí tábhachtacha rochtana ar an N59 mar atá a chaomhnú. Déanfar aon mholadh nua don bhealach seo a dhearadh le pointí rochtana imleor a sholáthar chuig tailte atá i dtadhall leo, le forbairt sráide atá i dtadhall agus cuirfidh siad deiseanna le feabhsúcháin taistil níos clite a sholáthar sa bhaile.

c) Uasghrádú an L-53732 agus a acomhal leis an N59.

d) Athailíniú Bhóthar Rochtana na Gaillimhe go Maigh Cuilinn

e) Lintéir agus draenáil cois bóthair a fheabhsú, pábháil a chothabháil agus a athnuachan, bóithre atá ann a leathnú agus a fheabhsú, comharthaíocht bóithre a fheabhsú agus soláthar bóithre/sráideanna nua i Maigh Cuilinn a éascú, de réir mar a bheidh gá leo agus acmhainní ar fáil.

f) Forálacha aon Phlean Bainistiú Tráchta a ullmhaítear do Mhaigh Cuilinn a chur i bhfeidhm.

A éileamh ar fhorbairt bheartaithe soláthar a dhéanamh le haghaidh bealaí bus, cosáin agus bealaí rothar mar a mbíonn maoin i dtadhall le mórbhealaí artaireacha, le bealaí nua nasctha nó le bealaí eile a dheimhneoidh Údarás na mBóithre.
Cuirfear cosc ar fhorbairtí ar thailte atá coinnithe siar le haghaidh conairí bóithre/sráideanna beartaithe agus criosanna maolánacha agus mar a mbeadh tionchar ag forbairt ar bhealach, líne nó leibhéal nó leagan amach aon bhóthar nua a bheadh beartaithe nó aon acomhal a bheadh ag teastáil idir bóthar beartaithe agus bóthar atá ann cheana.

**Cuspóir TI 18 - Beartais, Cuspóirí agus Treoirlínte Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe**
A chinntiú go ndéanfar measúnú, mar is cuí, ar shonraí lena n-áirítear bealaí sábháilte isteach agus amach, páirceáil do charranna agus do rothair, soláthar bá lódála, foirgnimh suite siar ó bhealaí/bóithre srl de réir beartais, cuspóirí agus caighdeáin bainistíochta agus treoirlínte an Phlean Forbartha Contae i ngach forbairt nua, lena n-áirítear forbairtí a bheidh beartaithe ar agus in aice le bóithre rialaithe Náisiúnta agus Aicme II.

**Cuspóir TI 19 – Scéimeanna Bóithre/ Feabhsúcháin Bóithre**
Tacú le forbairt scéimeanna/feabhsúcháin fhaofa chuí ar bhóithre i gCeantar an Phlean.

**Cuspóir TI 20 – Iniúchadh Sábháilteacht Bóithre, Measúnú Tionchar Tráchta**
Beidh ar gach forbairt tráchtála, tionsclaíoch agus miondíola a bhíonn beartaithe (nó athruithe móra ar fhorbairtí tráchtála, tionsclaíocha nó miondíola atá ann cheana) agus forbairtí cónaitheacha le níos mó ná 4 aonad **Iniúchadh Sábháilteachta** agus **Measúnú Tionchar Tráchta** a chuir isteach mar chuid dá gcáipéisí iarratas pleanála

**Cuspóir TI 21 – Torann**
Beidh ar gach forbairt nua laistigh de 300m de bhóithre le toirt tráchta níos mó ná 8220AADT nó mar a éilíonn an tÚdarás Pleanála, measúnú torainn agus bearta maolaithe a chur isteach lena gcáipéisí iarratas pleanála (beidh ar an bhforbróir aon chostas a bhaineann leis na bearta maolaithe a íoc).

**Cuspóir TI 22 – Comharthaíochar ar Bhóithre Náisiúnta nó le Feiceáil astu**
Iomadú comharthaíocht nach mbaineann le trácht ar agus in aice le bóithre náisiúnta a sheachaint lasmuigh den limistéar teoradh luais 50-60 c.s.u ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus taitneamhacht radhairc, de réir Treoirlínte Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Áitiúla 2012. Cuirfear cáipéis an ÚNB Beartas agus Soláthar le haghaidh Comharthaíocht Turasóireachta agus Siamsaíochta ar Bhóithre Náisiúnta Márta 2011 san áireamh freisin agus na forbairtí ábhartha á mbreithniú.

**Cuspóir TI 23 – Scoileanna**
Éascaíocht ghluaiseacht tráchta agus bealaí sábháilte a chur chun cinn agus a éascú chuig scoileanna, i bpáirt le scoileanna áitiúla, agus a chinntiú go mbeidh saoráidí sábháilte ann le leanaí agus foireann scoileanna a scaoileadh amach as carranna, agus go mbeidh páirceáil chuí imleor ann do lucht foirne agus rothaithe.

**Cuspóir TI 24 - Saoráidí Páirceála (Féach Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe)**
A chinntiú go ndéanfar bainistiú cuí ar na háiseanna páirceála atá i lár an tsráidbhaile cheana féin agus go gcuirtear breis áiseanna páirceála ar fáil in ionaid oiriúnacha i gCeantar an Phlean le freastal ar riachtanais an tsráidbhaile de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte atá infheidhme.. Áiseanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar in áiteanna oiriúnacha ar fud an bhaile agus a chinntiú go mbíonn páirceáil imleor carrana, páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas agus áiseanna rothaíochta i ngach forbairt nua. Tá riachtanais páirceála ar fáil i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

**Cuspóir TI 25 – Sábháilteacht agus Rochtain Tráchta (Féach Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe)**
A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua lonnaithe mar is ceart ó thaobh sábháilteacht tráchta agus aird imleor acu ar ghnóthaí sábháilteacht agus rochtain tráchta:

a) Áiseanna imleor a chur ar fáil le riachtanais speisialta soghluaisteacha le timpeallacht shábháilte in-rochtain a chruthú trí áiseanna páirceála a sholáthar ag leibhéal urlár na talún, le pointí trasnaithe tadhlacha, áiseanna fuaime ar shoilse tráchta agus colbhaí le rampaí a chur ar fáil.
b) Forbairtí nua a spreagadh chun acomhla rochtana atá ann cheana théann isteach i mórbhealaí tráchta a úsáid seachas pointí iomadúla nua rochtana a cheadú.
c) A éileamh ar fhorbróirí costas feabhsúcháin ar acomhla. leathnú bóithre agus soláthar cosán a ghlacadh orthu féin, chomh maith le riachtanais soilsithe mar a mbeidh siad siad áisiúil nó tairbheach don fhorbairt bheartaithe.
d) A éileamh, nuair is féidir, go gcuirtear páirceáil imleor as an mbóthar ar fáil, agus saoráidí lódála agus dílódála, mar chuid de gach forbairt ionas nach mbeidh feithiclí páirceáilte ina nguais tráchta, nach gcuirfidh siad bac ar ghluaiseacht feithiclí ná coisithe ná nach gcruthóidh siad tionchar diúltach radhairc. Breithneofar ar pháirceáil faoi thalamh i gcrios C1 i lár an tsráidbhaile, áit nach gcuirfí isteach ar fhóntas cónaitheach, ar oidhreacht gheolaíocht, nádúrtha ná sheandálaíoch ná ar shábháilteacht tráchta.

**Cuspóir TI 26 – Scéim Sheachbhóthar Beartaithe N59 Mhaigh Cuilinn (Féach Léarscáil 2A/2B)**
Cumas agus taitneamhacht radhairc Scéim Seachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn a chosaint agus a bhreisiú:

a) An bealach atá beartaithe do Scéim Sheachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn atá lonnaithe i gceantar an Phlean a chosaint ar fhorbairt mhíchuí agus aon rochtain nua ar bhealach an tSeachbhóthair ar bhealach an tSeachbhóthair mólta a chosc mura bhfuil soláthar déanta dóibh i ndearadh na Scéime, ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.
b) A chinntiú go mbeidh forbairtí nua ar feadh an tSeachbhóthair molta ag freagairt go dearfach do bhealach ó thaobh dearthaí tógála d'ardcháilíocht agus cóireálacha airde/tírdhreacha/críocha, mar is cuí a bheidh ag amharc amach ar bhealach an tSeachbhóthair.
c) A chinntiú nach gcuirfidh forbairtí nua ar an Seachbhóthar molta nó ina fhogas, isteach ar aon bhearta maolú éiceolaíocha atá sonraithe i Scéim Sheachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn agus nach mbeidh siad ina mbac ar bhearta nascachta ialtóga nó mamach mar atá imlínithe mar chuid den scéim bóthair seo.

**Cuspóir TI 27 – Forchoimeád Pointí Rochtana**
Pointí rochtana a fhorchoimeád le haghaidh forbairtí sa todhchaí agus forbairt na gcúltailte lena n-áirítear iad sin atá luaite ar Léarscáil na gCuspóirí Sonracha 2A/2B agus aon phointe rochtana eile a d'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála a aithint le linn tréimhse an Phlean.
**(Féach Léarscáil 2A/2B & Cuspóir RD11)**

### 3.5.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

Déan tagairt do na Caighdeáin agus na Treoirlínte Bainistiú Forbartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

## 3.6 Fóntais agus Bonneagar Comhshaoil

### 3.6.1 Comhthéacs

Tá fás inbhuanaithe Mhaigh Cuilinn ag brath ar sholáthar sásúil bonneagair fóntais agus comhshaoil, lena n-áirítear soláthar uisce, diúscairt fuíolluisce, draenáil uisce dromchla agus líonraí fuinnimh agus cumarsáide. Is gá a chinntiú go mbíonn infhaighteacht agus seachadadh imleor ar an mbonneagar fóntas agus comhshaoil d'fhonn tacú le forbairtí sa todhchaí ar bhealach a bheith cuí ó thaobh an chomhshaoil, éifeachtúil ó thaobh costais agus go gcosnaíonn sé an tsláinte phoiblí.

**Soláthar Uisce**
Faigheann Maigh Cuilinn a sholáthar uisce ó Scéim Soláthar Bhaile Uachtar Ard agus ó Sholáthar Uisce Chomharsanacht Thiar Chathair na Gaillimhe. Ní mór feabhsú/uasghrádú a dhéanamh ar an soláthar uisce atá ann le freastal ar na riachtanais forbartha a bhfuiltear ag súil leo i saolré an phlean agus le freastal ar riachtanais fáis an bhaile.

**Diúscairt Fuíolluisce**
Tá gléasra cóireála fuíolluisce poiblí ag freastal ar Mhaigh Cuilinn agus tá bogach tógtha suite i mBaile Uí Chuirc Thiar. Tá an bogach suite lasmuigh de theorainn an phlean. Scaoiltear cuid den eisilteach chóirithe deiridh amach ar screamhuisce agus cuid de i gCanáil Bhaile Uí Chuirc, agus ar aghaidh as sin go Loch Bhaile Uí Chuirc agus go Loch Coirib. Aithnítear go mbeidh gá le huasghrádú ar an sceith seo amach anseo. Bailíonn an gléasra fuíolluisce eisilteach teaghlaigh agus tráchtála agus déanann cóireáil air ó choibhéis daonra de 3,337 agus screamhuisce ón gcomhchóras séarachais. Tá roinnt áitreabh/forbairtí sna limistéir lasmuigh den sráidbhaile ceangailte le humair séarachais aonair nó le córais dhílsithe cóireáil fuíolluisce.

**Draenáil Uisce Dromchla**
Ó tógadh córas nua dromchla uisce séarachais i Maigh Cuilinn i 2008, tá scarúint áirithe déanta ón gcomhchóras dromchla agus bréan séarachais. D'fhonn a chinntiú go ndéantar uisce dromchla a dhiúscairt ar bhealach rialaithe inbhuanaithe, éileofar ar fhorbairtí sa todhchaí uisce dromchla a dhiúscairt trí chórais ar an láthair (ag brath ar thréithe na láithreach) nó eisileadh a dhéanamh chuig uisce dromchla atá i bhfogas (nuair a bhíonn a leithéid ar fáil), nó eisileadh a dhéanamh chuig séarachas uisce dromchla atá ann cheana má tá ar fáil)
Áiseoidh an Plean Ceantair Áitiúil uasghrádú an bhonneagar uisce dromchla mar is gá agus cuirfear úsáid Chórais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SuDS) chun cinn i bhforbairtí, ar nós dromchlaí scagacha agus sábháil uisce báistí, le srian a chur le rith chun srutha i bhforbairtí nua go leibhéil pháirceanna glasa agus baol tuilte agus tionchair ionchasacha a íoslaghdú. Beidh na moltaí le haghaidh SuDs ag teacht leis na moltaí mar atá sa cháipéis EPA dar teideal 'Guidance on Authorisation of Discharges to Groundwater 2011' (nó aon leagan nuashonraithe a thiocfaidh ina áit).

**Bainistiú agus Measúnú Baol Tuilte**
D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Bord na nOibreacha Poiblí (OPW) treoirlínte bainistiú baol tuilte i 2009 dar teideal An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte: Treoirlínte d'Údaráis Pleanála 2009. Éilítear sna Treoirlínte seo ar Údaráis Phleanála a chinntiú, mar is ábhartha, go dtabharfar aird ar leith ar bhaol tuilte agus pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúla á n-ullmhú, agus iarratais phleanála á measúnú. Tá na Treoirlínte ann le baol tuilte a sheachaint nuair is féidir, úsáid nach bhfuil chomh híogair a bhaint as talamh nuair nach féidir tuilte a sheachaint agus bainistiú a dhéanamh ar an mbaol nuair nach féidir seachaint ná ionadú a dhéanamh.

Tugann na Treoirlínte treoir le limistéir ina bhfuil baol ard tuilte dóchúil (Crios Tuilte A), meánach (Crios Tuilte B) agus Íseal (Crios Tuilte C) agus aithnítear na cineálacha talamhúide atá oiriúnach i ngach Crios Tuilte.. Cuirtear béim chomh maith sna Treoirlínte ar an ngá atá le tionchair ionchasacha athrú aeráide a mheasúnú mar chuid den Mheasúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuilte le haghaidh plean. Dar leis na Treoirlínte, nuair nach mbíonn samhlacha matamaiticiúla ar fáil, gur féidir achar baol tuilte

in athrú aeráide a mheasúnú trí imlíne Chrios Tuilte B a úsáid mar ionadaí le haghaidh Crios Tuilte A le lamháltas le haghaidh tionchar ionchasacha athrú aeráide.

Tá léarscáileanna tuilte déanta ag an OPW mar chuid den Réamh-Mheasúnú Baol Tuilte (PFRA) ina n-aithnítear limistéir atá i mbaol tuilte, lena n-áirítear tuilte abhann, cósta, báistí agus uisce dromchla, don tír go léir. Tá Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte déanta ag Comhairle Contae na Gaillimhe do Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear measúnú sonrach le haghaidh Ceantar Phlean Mhaigh Cuilinn. Mar chuid den Measúnú Straitéiseach, aithníodh na limistéir thraidisiúnta baol tuilte agus rinneadh roinnt measúnuithe áitiúla, inar cuireadh san áireamh eolas áitiúil faoi leithead tuilte agus siúlóidí ar an láthair. Deimhníonn an Measúnú Straitéiseach leithead na dtuilte go ginearálta mar atá aitheanta i léarscáilíocht Réamh-Mheasúnú Baol Tuilte do Mhaigh Cuilinn agus tá mionsonraí breise tugtha le haghaidh limistéar áirithe ar nós tuilte báistí i mBaile Uí Chuirc Thiar.

Breithnítear an cháipéis *The Planning System and Flood Risk Management: Guidelines for Planning Authorities 2009,* , an léarscáilíocht baol tuilte atá ar fáil ón PFRA agus na moltaí a eascraíonn as an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte do Chontae na Gaillimhe sa Phlean Ceantair Áitiúil.. Sa Phlean Ceantair Áitiúil aithnítear Criosanna Tuilte de réir na dTreoirlínte ag úsáid sonraí ón PFRA agus an SFRA (léirithe ar ***Léarscáil 3A/3B – Bainistiú Baol Tuilge***), ainmnítear criosanna talamhúsáide (féach ***Léarscáil 1A/1B – Criosú Talamhúsáide***) a mheastar a bheith oiriúnach do gach limistéar tuilte agus áirítear ann beartais agus cuspóirí a phléann le measúnú agus bainistiú baol tuilte (féach freisin***Léarscáil 2A/2B – Cuspóirí Sonracha***). Is iad na Criosanna Tuilte atá aitheanta:

| Crios Tuilte | Dóchúlacht Tuilte | Limistéir Baol Tuilte san Áireamh |
|---|---|---|
| **Crios Tuilte A** | Ard | > 1:100 le haghaidh tuilte abhann<br>(Limistéir baol tuilte SFRA sab áireamh) |
| **Crios Tuilte B** | Measartha | 1:100 to 1:1000 le haghaidh tuilte abhann |
| **Crios Tuilte C** | Íseal | < 1:1000 le haghaidh tuilte abhann |

Cuireann an Plean Ceantair Áitiúil úsáid Chórais Inbhuanaithe Draenála (SuDS) chun cinn chomh maith, a chuidíonn le coinneáil uisce dromchla agus le tuilte a laghdú agus a chosc.

**Cáilíocht Uisce**

Éilítear i dTreoir Creat Uisce an AE 2000/60/EC ar bhallstáit a chinntiú go mbeidh a gcuid uiscí go léir (lena n-áirítear uisce dromchla agus uisce talún) ag stádas 'maith' ar a laghad faoi 2015 agus a chinntiú nach n-éiríonn an stádas láithreach níos measa in uiscí ar bith. De réir riachtais an Treoir Chreat Uisce, tá Clár Ceantar Cosanta an Treoir Chreat Uisce atá comhdhéanta d'fhardal de láithreáin ceantair chosanta a sheasann d'earnálacha limistéir ina n-áirítear uiscí a úsáidtear le fíoruisce a bhaint amach, limistéir atá ainmnithe le speicis uisce a mbaineann tábhacht eacnamaíoch leo a chosaint, uiscí caitheamh aimsire, limistéir íogair chothaitheacha agus limistéir atá ainmnithe le gnáthóga agus speicis a chosaint. Tá Maigh Cuilinn in Aonad Bainistiú UIsce na Coiribe i Limistéar Abhanntrach an Iarthair (WRBD) agus i bPlean Bainistiú Abhantraí an Iarthair (WRMBP) aithnítear an gá atá le bearta cosaint uisce a chomhtháthú le pleanáil talamhúsáide ag an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, mar go bhfuil gach comhlacht poiblí a bhfuil tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí ar cháilíocht an uisce nó a rialaíonn na gníomhaíochta sin freagrach as bearta a ghlacadh laistigh den phlean.

Tá meascán stádais ag na príomhuiscí dromchla i gCeantar an Phlean nó in aice leis i bPlean Bainistiú Abhanntraí an Iarthair. Tá stádas deacháilíochta ag Abhainn AN Chip i ndeisceart cheantar an Phlean; ach tá droch-cháilíocht ag Sruthán Loch Bhaile Uí Chuirc/Canáil Bhaile Uí Chuirc agus tá stádas meánach ag Loch Bhaile Uí Chuirc díreach lasmuigh de cheantar an Phlean.

Dar leis an Scéim Chosanta Uisce Talún tá aolchloch faoi Mhaigh Cuilinn taobh thoir den N59, a rangaítear mar uiscíoch carst a mbaineann tábhacht réigiúnach leis, agus ar an taobh thiar tá cloch éibhir faoi, a rangaítear mar uisceach buncharraige lagfhorbarthach. Aithnítear gur ceantar fíoríogair é ceantar an Phlean le pócaí ardíogaireachta i bhformhór cheantar an phlean ó thaobh na Scéime le hUisce Talún a chosaint. Tá sé riachtanach mar sin go dtabharfaí cosaint go leor don acmhainn seo de réir anTreoir Uisce Talún agus an Treoir Creat Uisce.

**Bainistiú Dramhaíola**
Cuirtear treoir bheartais ar fáil i bPlean Bainistiú Dramhaíola Chonnacht maidir le bainistiú dramhaíola i gContae na Gaillimhe. Molann an cleachtas is fearr ó thaobh bainistiú dramhaíola go ndéileáiltear an oiread agus is féidir le dramhaíl trí laghdú, athúsáid agus athchúrsáil, agus go mbeadh an oiread is lú is féidir fágtha le diúscairt agus tabharfar tacaíocht don chur chuige seo sa Phlean Ceantair Áitiúil. Cuireann Comhairle Contae na Gaillimhe bearta, tograí agus feachtais feasacht chomhshaoil chun cinn sa phobal áitiúil trí rannpháirtíocht le grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla agus trí chlár na Scoileanna Glasa a fheidhmiú - clár idirnáisiúnta atá deartha le gníomhaíocht scoile iomlán don chomhshaol a spreagadh agus aithint.

**Bonneagar Fuinnimh agus Teileachumarsáide**
Tá seirbhísí cumhachta, fuinnimh agus teileachumarsáide imleor riachtanach le haghaidh forbairtí, lena n-áirítear leictreachas, soláthar gáis, seirbhísí teileafóin agus banda leathan, a bhíonn á soláthar ag soláthraithe éagsúla seirbhísí. Tá forbairt fuinnimh inbhuanaithe agus banda leathan ardluais aitheanta mar phríomhghnéithe le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus infheistíochta isteach. Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe ar aghaidh ag cur Plean Gníomhaíochta Fuinnimh na Comhairle maidir le héifeachtúlacht uasta agus caomhnú i bhfoirgnimh chónaitheacha, tráchtála agus tionsclaíocha atá i Maigh Cuilinn faoi láthair agus sa todhchaí.

**Athrú Aeráide**
Tagraíonn athrú aeráide d'athruithe i gcoinníollacha aeráide, a tharlaíonn mar gheall ar athruithe nádúrtha nó de bharr tionchar an duine. Baineann baol an-tromchúiseach le tionchair an athrú aeráide ar fud an domhain agus is bagairt é do bhunchomhábhair na beatha, lena n-áirítear sláinte, rochtain ar uisce, táirgeacht bia agus talamhúsáid. Is bagairt é an t-athrú aeráide chomh maith ó thaobh dóchúlacht agus déine tuilte agus tionchar ar acmhainní uisce, bithéagsúlacht, gnáthóga nádúrtha agus dáileadh speiceas.

Sa *Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide 2007-2012* leagtar amach na bearta tras-earnála atá riachtanach le ceangaltais na hÉireann i leith Prótacal Kyoto a bhaint amach. Is é an sprioc náisiúnta faoi Phrótacal Kyoto astuithe ceaptha teasa a theorannú do 2008-2012 go 13% os cionn leibhéal 1990 mar chuid den cheangaltas do sprioc foriomlán an AE.

Ag an leibhéal áitiúil, ní mór do Chomhairle Contae na Gaillimhe a cion a dhéanamh le astuithe gás ceaptha teasa náisiúnta a chobhsú agus a laghdú agus oiriúnú athrú aeráide san áireamh trí fhoinsí athnuachan fuinnimh agus caomhnú fuinnimh a chur chun cinn don chomhshaol, don tithíocht agus don bhonneagar. Beidh na beartais agus na cuspóirí sa Phlean Ceantair Áitiúil ag cur leis an gceangaltas náisiúnta maidir le tionchar an athrú aeráide a theorannú agus caiteachas fuinnimh agus astú gás ceaptha teasa a laghdú. Tá bearta le héileamh ar thaisteal a laghdú trí thalamhúsáid agus iompar a chomhtháthú, comhroinnt mhódúil modhanna taistil a éascú, dearadh neamhghníomhach gréine a spreagadh agus foirgnimh éifeachtúla ó thaobh fuinnimh, níos mó úsáide a bhaint as fuinneamh in-athnuachana agus fuinneamh a chaomhnú, an stoc tithíochta atá ann a athúsáid agus déileáil leis na rioscaí nua tuilte a eascraíonn as athrú aeráide san áireamh.

**Cáilíocht Aeir agus Gás Radóin**
Tugadh *Treoir CAFE* isteach i reachtaíocht na hÉireann leis *Na Rialacháin um Chaighdeáin Aercháilíochta 2011 (SI No. 180 of 2011)*. Go ginearálta tá cáilíocht an Aeir i gceantar Mhaigh Cuilinn go maith. Tá beartais agus cuspóirí éagsúla sa Phlean atá dírithe ar aerchaighdeán, lena n-áirítear cloí le haerchaighdeáin ábhartha agus plandáil agus tírdhreachú, iompar breisithe poiblí agus foirgnimh éifeachtúla ó thaobh fuinnimh a chur chun cinn.

Is gás nádúrtha raidighníomach agus carcanaigineach é radón a thagann as úráiniam i gcarraigeacha agus in ithreacha. Níl boladh, dath ná blas ag radón agus ní féidir é a bhrath ag le brathadóirí speisialta. Tá Maigh Cuilinn aitheanta ag An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch mar cheantar ard-radóin, agus meastar go bhfuil níos mó ná 20% de na tithe os cionn an Leibhéal Tagartha. Cuireann An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch béim ar an mbaol a bhaineann le nochtadh i leith radón, lena n-áirítear baol méadaithe ailse scámhóige. Tugtar sonraí ina suíomh idirlín maidir le tithe a mheasúnú (www.rpii.ie).

### 3.6.2 Beartais agus Cuspóirí

## Beartas Soláthar Uisce, Fuíolluisce, Uisce Dromchla

**Beartas UI 1 – Soláthar Uisce, Fuíolluiscea agus Bonneagar Uisce Dromchla**

Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú le soláthar agus cothabháil ar dhiúscairt imleor fuíolluisce, soláthar uisce agus bonneagar draenála uisce dromchla, de réir Treoracha an AE, reachtaíocht náisiúnta agus caighdeáin infheidhme. Beidh soláthar cumais imleor sa líonra poiblí fuíolluisce, sa ghléasra cóireála fuíolluisce agus sa líonra séarachais uisce stoirme, cainníocht agus cáilíocht imleor sa soláthar usice agus cur chun cinn agus teicnící le haghaidh Córais Inbhuanaithe Draenála i gCeantar an Phlean san áireamh.

## Cuspóirí Uisce, Fuíolluisce, Uisce Dromchla

**Cuspóir UI 1 – Bonneagar Seirbhísí Uisce** **(Féach Léarscáil 2A/2B)**

Tacú le cothabháil, feabhsúchán agus monatóireacht ar an soláthar poiblí uisce, ar dhiúscairt fuíolluisce agus ar an mbonneagar draenála uisce dromchla mar is gá le dul i ngleic le heasnamh ar bith i gcumas an bhonneagair agus/nó freastal ar riachtanais forbartha an bhaile. Beidh na tionscadail seo a leanas agus aon tionscadal eile a fhaomhaítear le linn tréimhse an phlean san áireamh:

a) Nuachóiriú líonra Soláthar Uisce Chomharsanacht Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn agus a áisiú faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce a bhaineann le Ceantar an Phlean.
b) Aon nuachóiriú riachtanach cuí atá faofa don ghléasra cóireála.
c) Líonra draenála uisce dromchla a éascú agus a sholáthar.
d) Soláthar príomhphíopa trunca a éascú as ar féidir príomhphíopa dáileacháin a fhorbairt.
e) A chinntiú go mbeidh gach forbairt nua a fhaigheann freastal ón séarach poiblí tógtha le séaraigh éagsúla uisce dromchla agus uisce bréan d'fhonn cuidiú le húsáid an chóras bailiúcháin atá ann cheana agus an chóras séarachais fuíolluisce agus iad a bharrfheabhsú.
f) Monatóireacht a dhéanamh ar thoilleadh an ghléasra cóireála fuíolluisce de réir mar a théann forbairt ar aghaidh.
g) Córas imleor draenáil uisce dromchla a fheabhsú agus a chothabháil ar fud an Phlean.
h) A chinntiú ndéanfar bainistiú ceart ar eisilteach trádála ó fhorbairt nua agus go n-eisiltear é de réir na gceadúnach eisilteacha ábhartha.

**Cuspóir UI 2 – Seirbhísí Uisce d'Fhorbairtí Nua**

Éileofar ar gach forbairt nua seirbhísiú imleor soláthar uisce, diúscairt fuíolluisce agus draenáil uisce dromchla a sholáthar de réir na reachtaíochta, na gcaighdeán agus na dtreoirlínte infheidhme, agus an doiciméadúchán riachtanach a chur isteach lena n-iarratais pleána d'fhonn iad sin a dheimhniú. Gan ach forbairt a spreagadh ar féidir soláthar a dhéanamh ar a son, ó thaobh cainníocht agus cineál na forbartha, bunaithe ar na seirbhísí fóntais atá ar fáil agus cosc a chur ar aon fhorbairt bheartaithe nach féidir seirbhísiú imleor a dhéanamh uirthi, a mbeadh tionchair shuntasacha acu ar an gcomhshaol nó a a bheadh ina mbagairt dho-ghlactha do chumas an bhonneagar uisce, fuíolluisce nó uisce dromchla i gceantar an Phlean.

**Cuspóir UI 3 – Soláthar Uisce agus Caomhnú Uisce**

A chinntiú go mbíonn seirbhís imleor ag forbairtí nua le soláthar uisce de chainníocht agus de cháilíocht oiriúnach, caomhnú uisce a chur chun cinn leis an gcailliúint fhoriomlán uisce sa soláthar poiblí a laghdú agus a éileamh go ndéanfar soláthar le haghaidh méadrú soláthar uisce i bhforbairtí nua cónaitheacha.

**Cuspóir UI 4 – Diúscairt Fuíolluisce**

Ní cheadófar forbairtí nua ach nuair is féidir a thaispeáint go soiléir gur féidir seirbhísiú a dhéanamh orthu agus go bhfuil cumas imleor sa bhonneagar diúscairt fuíolluisce de réir riachtanas agus caighdeán infheidhme, lena n-áirítear caighdeáin diúscartha chóireáil fuíolluisce, d'fhonn Ceantar Speisialta Caomhnaithe Loch Coirib, láithreacha Eorpacha eile sa timpeallacht, agus a leasanna incháilithe faoi seach a chosaint.

**Cuspóir UI 5 – Forbairt nach bhfuil ceangailte leis an Séarachas Poiblí**

Forbairt nach bhfuil ceangailte leis an séarach poiblí a shrianadh agus iomadú umair aonair séarachais agus gléasraí cóireála a dhíspreagadh, d'fhonn uiscí talún a chosaint, struchtúr an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus forbairt ribíneach a rialú ar na bóithre isteach go Maigh Cuilinn.

**Cuspóir UI 6 – Maolán Gléasra Cóireáil Fuíolluisce** **(Féach Léarscáil 2A/2B)**

Maolán 100 méadar a sholáthar agus a chosaint timpeall ar láthair an ghléasra cóireáil fuíolluisce agus criosanna maoláin timpeall ar ghléasraí cóireála eile i gceantar an Phlean a chosaint mar is cuí.

**Cuspóir UI 7 – Draenáil Uisce Dromchla agus Córais Inbhuanaithe Draenála**
An córas draenáil uisce dromchla atá ann cheana a chothabháil agus a bhreisiú ar fhud Cheantar an Phlean agus a chinntiú go mbeidh bonneagar imleor draenála d'uisce dromchla i bhforbairtí nua agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn i bhforbairtí nua. Déanfar rith uisce dromchla chun srutha a theorannú go leibhéil réamhfhorbartha agus beidh ar iarratais phleanála le haghaidh forbairtí nua sonraí a chur ar fáil de mholtaí draenála d'uisce dromchla agus de Chórais Inbhuanaithe Draenála.

## Beartas Tuilte

**Beartas UI 2 – Bainistiú Baol Tuilte**
Is é beartas Chomhairle Contae na Gaillimhe tacú, i gomhar leis an OPW le Treoir Baol Tuilte an AE (2007/60/EC) , na Rialacháin Baol Tuilte (IR Uimh 122 cde 2010) agus foilseachán na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus RÁ An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistiú Baol Tuilte d\Údaráis Áitiúla 2009 (nó aon reachtaíocht nó treoir bheartais a thiocfaidh ina áit) a fheidhmiú. Beidh aird ag Comhairle Contae na Gaillimhe chom hmaith ar Phleananna Bainistiú Baol Tuilte an OPW (CFRAM), Réamh-Mheasúnú Baol Tuilte (PFRA) agus an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte do Chontae na Gaillimhe 2012 agus aon mholadh nó aschur a eascraíonn astu sin a bhaineann le Ceantar an Phlean nó a mbíonn tionchar acu air.

## Cuspóirí Tuilte agus cuspóirí a bhaineann le tuilte

**Cuspóir UI 8 – Bainistiú agus Measúnú Baol Tuilte**
A chinntiú go ndéanfar foilseachán na Roinne Comhshaoil Oidhreachta agus RÁ *An Córas Pleanála agus Treoirlínte um Bhainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009* (nó aon cháipéis nuachóirithe a thiocfaidh ina áit) maidir le bainistiú baol tuilte i gCeantar an Phlean a fheidhmiú. Beidh siad seo a leanas san áireamh:

1. An baol tuilte sna ceantair baol tuilte a léirítear ar Léarscáil 3A/3B - Bainistiú Baol Tuilte a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, mar is cuí de réir na Treoirlínte um Bhainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009, lena n-áirítear tuilte abhann, cósta/taoide, báistí agus uisce talún, agus aon limistéar baol tuilte a aithnítear le linn tréimhse an Phlean nó maidir le haon iarratas pleanála.

2. D'fhéadfaí a éileamh ar mholtaí forbartha i limistéir ina bhfuil baol tuilte aitheanta nó ionchasach nó a d'fhéadfadh baol tuilte a spreagadh i limistéar eile Measúnú Baol Tuilte suíomhoiriúnaithe a dhéanamh, agus Tástáil Fírinnithe mar is cuí, de réir forálacha 'An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte Treoirlínte Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Phleanála 2009', (nó aon cháipéis a thiocfaidh ina áit). Is ceart go mbeadh measúnú ar thionchair ionchasacha athrú aeráide san áireamh in aon mheasúnú ar bhaol tuilte, ar nós méadú i réim nó i ndóchúlacht tuilte, mar aon le haon bheart a bheidh riachtanach le dul i ngleic leis na tionchair sin.

3. Ni cheadófar de ghnáth aon fhorbairt a bheadh faoi bhaol mí-oiriúnach tuilte nó a bheadh ina chúis le baol a chruthú nó a mhéadú i limistéir eile.

4. Más dócha go mbeidh tionchair shuntasacha ag bearta áirithe a mholtar le baol tuilte a mhaolú nó a bhainistiú ar an gcomhshaoil nó ar shuímh Natura 2000 atá le sruth, déanfar measúnú comhshaoil agus Measúnú Treoir Ghnáthóga ar na bearta sin mar is cuí.

**Cuspóir UI 9 – Criosanna Tuilte agus Talamhúsáíd Chuí (Féach Léarscáil 3A/3B)**
Crios Tuilte A agus Crios Tuilte B a chosaint ó fhorbairt mhí-oiriúnach agus talamhúsáid nó forbairtí a stiúradh isteach sa Chrios Tuilte cuí de réir an Chóras Pleanála agus Treoirlínte Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009 (nó aon cháipéis a thiocfaidh ina áit) agus na treorach atá i dTreoir DM UI 1 - Criosanna Tuilte agus Talamhúsáid Chuí. Nuair a mholtar forbairt/talamhúsáid mhíchuí sa Chrios Tuilte, ní mór Tástáil Fírinniú Bainistiú Forbarhta agus Measúnú Suíomhoiriúnaithe Baol Tuilte a chur leis an togra forbartha de réir na gcritéar atá leagtha amach sa Chóras Pleanála agus sna Treoirlínte Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla 2009. I gCrios Tuilte C, mar a bhfuil dóchúlacht íseal tuilte (níos lú ná 0.1% i gCrios Tuilte C), sásóidh an forbróir é/í féin go bhfuil an dóchúlacht tuilte cuí don bhforbairt atá beartaithe.

**Cuspóir UI 10 – Dobharlaigh agus Sruthchúrsaí (Féach Léarscáil 2A/2B agus Léarscáileanna 3A/3B)**
Dobharlaigh agus sruthchúrsaí, lena n-áirítear lochanna, aibhneacha, canálacha, srutháin, stráicí bruachánacha neamhfhorbartha gaolmhara, bogaigh agus tuilemhánna nádúrtha a chosaint ó fhorbairt mhíchuí laistigh de Cheantar an Phlean. Beidh maolán cosanta 10 méadar ó aibhneacha/canálacha i gCeantar an Phlean nó in aice le Ceantar an Phlean san áireamh, mar is cuí, a thomhasfar ón mbruach abhann/canálach is cóngaraí. Bainistiú Inbhuanaithe agus úsáid dobharlach a chur chun cinn agus lintéireacht nó athailíniú na ngnéithe seo a sheachaint.

**Cuspóir UI 11 – Láithreacha le Baol Sonrach Tuilte (Féach Léarscáil 3A/3B)**
Beidh Measúnú Sonrach Suíomhoiriúnach Baol Tuilte curtha isteach le hiarratais pleanála ar thailte báistiúla lasmuigh de Chrios Táscach Chrios Tuilte A ar Léarscáil 3A/3B, a bheidh comhfhreagrach leis sin atá imlínithe faoi Chaibidil 5 ' Tuilte agus Bainistiú Forbartha *An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte: Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla 2009*). Beidh na measúnaithe seo ullmhaithe ag saineolaithe leis na cáilíochtaí cuí, le taithí hidreolaíoch agus déanfar cainníochtú ar na baoil agus ar thionchair aon mhaolú riachtanach, chomh maith leis na bearta a bheidh riachtanach nó molta le baol iarmharacha a bhainistiú.

**Cuspóir UI 12 - Tailte le Traschriosanna Tuilte**
I gcás tailte le traschriosanna ar an gcríoch lasmuigh de Chrios Táscach Tuilte A nó B, nuair is féidir a léiriú chun sástacht an Údarás Pleanála nach léiriú ar thosca áitiúla topagrafacha agus/nó casán tuilte í an chríoch lasmuigh, féadfaidh an tÚdarás Pleanála breithniú a dhéanamh ar chrios atá lasmuigh den limistéar táscach tuilte a shíneadh amach sa limistéar seo, sa mhéid go bhfuil sé go ginearálta níos lú ná an limistéar atá ann cheana, faoi réir ag Measúnú Baol Tuilte sonrach don láthair a bheith curtha isteach maille le Tástáil Fírinnithe mar is cuí agus go sásaíonn an forbróir an tÚdarás Pleanála agus é nó í féin go bhfuil an dóchúlacht tuilte oiriúnach don bhforbairt atá beartaithe agus nach méadófar baol tuilte in áit eile dá bharr.

## Beartas Cáilíocht Uisce

**Beartas UI 3 - Cáilíocht Uisce**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe cáilíocht an uisce a fheabhsú sna huiscí go léir, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile de réir Treoir Creat Uisce an AE (2006/60/EC), Treoir Screamhuisce an AE (2006/118/EC) agus na Treoracha ábhartha eile ón AE, lena n-áirítear reachtaíocht agus treoracha beartais náisiúnta (agus aon leagan a thiocfaidh ina n-áit), agus tacú le feidhmiú Phlean Bainistíochta Abhantrach Ceantar an Iarthair, lena n-áirítear gníomhartha agus bearta Phlean Gníomhaíochta Aonad Bainistiú Uisce na Coiribe. Beidh aird ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar na riachtanais thuas le cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú nuair a bheidh tograí nua forbartha á meas.

## Cuspóirí Cáilíocht Uisce

**Cuspóir UI 12(b) – Plean Bainistíochta agus Cosaint Uisce Cheantar Abhantrach an Iarthair**
Tacú le cáilíocht uisce a chosaint de réir Treoir Creat Uisce an AE (2006/60/EC) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Beartas Uisce ) 2003 (IR Uimh. 722 de 2003) agus mar atá leasaithe (nó aon reachtaíocht nuashonraithe), lena n-áirítear na moltaí agus na mbearta atá imlínithe i bPlean Bainistíochta agus Cosaint Uisce Cheantar Abhantrach an Iarthair 2009-2015, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Bhainistiú Uisce na Coiribe (agus aon cháipéis nuachóirithe a thiocfaidh ina áit). Ní cheadófar forbairt ach nuair is féidir a thaispeáint go soiléir nach mbeidh tionchar neamhinghlactha ag an togra ar an timpeallacht uisce, lena n-áirítear uisce dromchla, cáilíocht agus cainníocht screamhuisce, conairí abhann agus bogaigh ghaolmhara. Tá dualgas reachtúil ar Chomhairle na Gaillimhe stádas maith cáilíochta na n-uiscí a chosaint.

**Cuspóir UI 13 – Screamhuisce agus Uiscíoch**
Tacú le hacmhainní screamhuisce agus fiadhúlra/gnáthóga spleácha a chosaint de réir Treoir Screamhuisce an AE 2006/118/EC agus Rialacháin Cuspóirí Comhshaoil na gComhphobal Eorpacha (Screamhuisce) 2010 (IR. Uimh. 9 de 2010) nó aon reachtaíocht nuashonraithe. An t-uiscíoch taobh thoir den N59, a bhfuil tábhachtach réigiúnach aige, agus na huiscígh laga taobh thiar den N59 atá mar fholeathadh faoi Cheantar an Phlean a chosaint ó bhaol truailliú comhshaoil agus aird a thabhairt ar aon scéimeanna cosanta agus criosanna cosaint fhoinsí do screamhuisce atá curtha ar fáil ag Suirbhé Geolaíoch na hÉireann.

## Beartas Bainistiú Dramhaíola

**Beartas UI 4 - Bainistiú Dramhaíola**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú le bainistiú inbhuanaithe dramhaíola trí dhramhaíl a chosc, a laghdú agus a athchúrsáil agus trí bhonneagar imleor dramhaíola a sholáthar, ar nós bainc 'fág anseo', ag ionaid nach gcuirfidh isteach ar shaoráidí cónaitheacha.

## Cuspóirí Bainistiú Dramhaíola

**Cuspóir UI 14 – Dramhaíl a Chosc, a Laghdú agus a Athchúrsáil**
Cosc, laghdú agus athchúrsáil dramhaíola i bhforbairtí nua a chur chun cinn. Beidh ar thograí nua forbartha moltaí a chur isteach lena n-iarratais phleanála a léireoidh conas a bhainfear é seo amach.

**Cuspóir UI 15 – Saoráid Banc 'Fág Anseo'**
Suiteáil bainc 'fág anseo' a áisiú in ionaid oiriúnacha i gCeantar an Phlean agus in áiteanna nach gcuirfidh siad isteach go dochrach ar shaoráidí cónaitheacha.

## Beartas Fuinnimh agus Cumarsáide

**Beartas UI 5 - Fuinneamh agus Cumarsáid**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú le bonneagar imleor fuinnimh agus cumarsáide a sholáthar le freastal ar fhorbairtí, lena n-áirítear seirbhísí gáis, leictreachais, banda leathan agus teileafóin. Tacaíonn Comhairle Contae na Gaillimhe go háirithe le húsáid fuinnimh inathnuaite a fhorbairt agus a mhéadú agus tacaíonn sí freisin le haidhmeanna úsáid inbhuanaithe fuinnimh agus caomhnaithe i ndearadh agus i dtógáil foirgneamh.

## Cuspóirí Fuinnimh agus Cumarsáide

**Cuspóir UI 16 - Soláthar Gáis agus Leictreachais**
Soláthar imleor leictreachais (agus gáis, mar bhíonn sé ar fáil sa cheantar) chuig forbairtí i gCeantar an Phlean a éascú, de réir riachtanais an tsoláthraí seirbhísí ábhartha, agus de réir phrionsabail na deaphleanála agus na forbartha inbhuanaithe.

**Cuspóir UI 17 - Caomhnú agus Éifeachtúlacht Fuinnimh**
Leanúint ar aghaidh le feidhmiú Phlean Gníomhaíochta Fuinnimh Chomhairle Contae na Gaillimhe, maidir le héifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh agus foirgnimh chónaitheacha, tráchtála agus tionsclaíocha i Maigh Cuilinn mar atá agus mar a bheidh sa todhchaí. A chinntiú go mbeidh foirgnimh nua inbhuanaithe ó thaobh suímh, treoshuímh, dearadh agus tógála. Spreagfar teicnící neamhghníomhacha dearadh gréine, modhanna tógála le héifeacht íseal, greanmheallta athchúrsáilte agus ceardaíocht áitiúil le cinntiú go mbeidh an tionchar comhshaoil agus costais fhadtéarmacha fhorbairtí nua chomh híseal agus is féidir.

**Cuspóir UI 18 – Banda Leathan agus Teileachumarsáid**
Soláthar bonneagar imleor teileachumarsáide a éascú i gCeantar an Phlean, lena n-áirítear seirbhísí teileafóin agus banda leathan, de réir riachtanas na soláthraithe seirbhísí agus de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

**Cuspóir UI 19 – Fuinneamh Inathnuachana**
Forbairt agus úsáid foinsí fuinnimh inathnuachana agus an bonneagar a ghabhann leo a chur chun cinn agus a áisiú i gCeantar an Phlean agus comhtháthú foinsí micrea-inathnuachana fuinnimh a spreagadh i ndearadh agus i dtógáil forbairtí nua, mar is cuí.

## Athrú Aeráide agus Aerchaighdeán

**Beartas UI 6 – Athrú Aeráide agus Aerchaighdeán**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, tacú le tograí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le astuithe gáis ceaptha teasa a theorannú/a laghdú agus forbairt fuinneamh inathnuaite a spreagadh de réir an Straitéis Náisiúnta Athrú Aeráide 2007-2012, Treoir an AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Aer níos Glaine don Eoraip (CAFÉ) (2008/50/EC) agus Na Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta, 2011 (SI Uimh. 180 de 2011) (nó aon cháipéis nuashonraithe a thiocfaidh ina n-áit).

## Cuspóirí Athrú Aeráide, Aerchaighdeáin agus Radóin

**Cuspóir UI 20 - Athrú Aeráide**
Tacú le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta ar Athrú Aeráide 2007-2012 (nó aon cháipéis nuashonraithe a thiocfaidh ina áit) agus leanúint ar aghaidh le feidhmiú Plean Gníomhaíochta Fuinnimh Chomhairle Contae na Gaillimhe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus caomhnú i bhfoirgnimh atá ann agus i bhfoirgnimh nua, in úsáid fuinnimh agus i ngníomhaíochta soláthair agus i bhfeasacht a mhúscailt agus gníomh a spreagadh i bpobail áitiúla.

**Cuspóir UI 21 – Aerchaighdeán**
An aercháilíocht chomhthimpeallach is fearr a bheadh comhoiriúnach le forbairt inbhunaithe a chaomhnú i gCeantar an Phlean de réir *Treoir an AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Aer níos Glaine don Eoraip (CAFÉ) (CAFE) (2008/50/EC)* trí iarracht a dhéanamh na caighdeáin rialála in *Aercháilíocht in Éirinn 2009: Príomhthéascairí Cáilíocht Aer Mórthimpeallach 2010*, an EPA (nó aon cháipéis nuashonraithe a thiocfaidh ina áit) agus a chinntiú go mbeidh gach astú aeir a bhainfidh le forbairtí nua laistigh de na Caighdeáin Cháilíochta Comhshaoil mar atá leagtha amach *sna Rialacháin Aerchaighdeáin 2011* (SI 180 de 2011) (nó aon cháipéis nuashonraithe a thiocfaidh ina áit)*.*

**Cuspóir UI 22 – Íonú Aeir**
Tírdhreachú agus plandáil crainn shilteacha a spreagadh ar bhealach atá íogair ó thaobh comhshaoil i gCeantar an Phlean mar bhealach le haer a íonú, cáithníní crochta a scagadh agus micrea-aeráid Mhaigh Cuilinn a fheabhsú.

**Cuspóir UI 23 – Radón**
De réir a ról reachtúil faoin Acht um Rialú Foirgníochta 2007, beidh aird ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar threoir shonrach maidir le bearta cosc radóin do thithe nua mar atá sonraithe sna Rialacháin Foirgníochta.

### 3.6.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

## Teoirlíne Bainistiú Baol Tuilte

**Treoirlíne DM UI 1 - Criosanna tuilte agus Talamhúsáid Chuí**
Léirítear sa tábla thíos na cineálacha talamhúsáide atá oiriúnach in gach ceann de na Criosanna Tuilte atá aitheanta i gCeantar an Phlean, de réir An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Pleanála (2009). Má mholtar forbairtí/talamhúsáid a mheastar a bhí mí-oiriúnach don Chrios Tuilte, beidh Tástáil Fírinnithe Bainistiú Forbartha agus Measúnú Baol Tuilte Suíomhoiriúnaithe riachtanach de réir An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Pleanála (2009)

| Talamhúsáid | Crios Tuilte A | Crios Tuilte B | Crios Tuilte C |
|---|---|---|---|
| **FAÍ - Forbairt Ard-Íogair** | Mí-oiriúnach (má mholtar é beidh Tástáil Fírinnithe agus FRA mionsonraithe riachtanach) | Mí-oiriúnach (má mholtar é beidh Tástáil Fírinnithe agus FRA mionsonraithe riachtanach) | Oiriúnach (scagthástáil le haghaidh baol tuilte) |
| **FNÍ - Forbairt nach bhfuil chomh hÍogair** | Mí-oiriúnach (má mholtar é beidh Tástáil Fírinnithe agus FRA mionsonraithe riachtanach) | Mí-oiriúnach mar gheall ar athrú aeráide (má mholtar é beidh Tástáil Fírinnithe agus FRA mionsonraithe riachtanach) | Oiriúnach (scagthástáil le haghaidh baol tuilte) |
| **FCU - Forbairt Chomhoiriúnach d'Uisce** | Oiriúnach (d'fhéadfadh FRA mionsonrach a bheith ag teastáil) | Oiriúnach (d'fhéadfadh FRA mionsonrach a bheith ag teastáil) | Oiriúnach (scagthástáil le haghaidh baol tuilte) |

Tá na Nótaí ag tagairt do An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistiú Baol Tuilte d'Údaráis Áitiúla (2009) mar a bhfuil breis sonraí.

1. FAÍ - Tithe, scoileanna, ospidéil, institiúidí cónaitheacha, seirbhísí éigeandála, bonneagar riachtanach, srl
2. FNÍ - Úsáid eacnamaíoch (miondíol, caitheamh aimsire, trádstóráil, tráchtáil, tionsclaíocht, institiúidí neamhchónaitheacha, srl), talamh agus foirgnimh úsáidte le haghaidh talmhaíocht nó foraoiseacht, bonneagar iompair áitiúil, srl.
3. FCU - Duganna, mairíne, céanna, caitheamh aimsire ar uisce agus turasóireacht (seachas cóiríocht codlata) spás oscailte fóntais, spóirt agus caitheamh aimsire, bonneagar rialú tuilte srl.

**Féach an cháipéis tacaíochta ar leith *'Condlúidí maidirle Criosanna Táscacha Baol Tuilte i Maigh Cuilinn '*, ar cuid é den *Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte do Chontae na Gaillimhe 2012*.**

**Treoirlíne Bainistiú Forbartha Cáilíocht Uisce**

**Treoirlínte DM UI 2 Dobharlaigh agus Sruthchúrsaí**
A éileamh ar gach iarratas ábhartha, atá suite in aice le dobharlaigh nó sruthchúrsaí bearta a chur faoi bhráid le truailliú a chosc agus a laghdú sa dobharlach/sruthchúrsa, le linn tógála agus tar éis an scéim a chur i gcrích.

**Treoirlíne Bainistiú Forbartha Líonra Uisce Dromchla**

**Treoirlíne DM UI 3 – Líonra Uisce Dromchla**
A éileamh ar gach iarratas ábhartha séaraigh éagsúla uisce dromchla agus uisce bréan a sholáthar le cabhrú le húsáid an chóras bailiúcháin agus an córas séarach fuíolluisce atá ann agus é a bharrfheabhsú.

**Treoirlíne Bainistiú Forbartha Fuinnimh agus Cumarsáide**

**Treoirlíne DM UI 4 – Ráitis Fuinnimh**
D'fhéadfaí a éileamh ar gach togra le haghaidh forbairtí nua neamhchónaitheach le hachar urláir 1,000 m2 nó níos mó ná agus ar fhorbairtí chónaitheacha de 10 n-aonad nó níos mó Ráiteas Fuinnimh a chur faoi bhráid le himlíniú faoi na modhanna atá beartaithe le húsáid fuinnimh sa bhforbairt a íoslaghdú, ar nós treoshuíomh foirgneamh agus dearadh neamhghníomhach gréine, comhábhair agus insliú, foinsí inathnuachana/malartacha fuinnimh srl.

Déan tagairt do na Caighdeáin agus na Treoirlínte Bainistiú Forbartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

## 3.7 Dearadh Uirbeach agus Tírdhreach

### 3.7.1 Comhthéacs

**Dearadh agus Déanamh Áite Uirbeach**

Tagraíonn dearadh uirbeach do theoiric agus do chleachtas cruthú áiteanna uirbeacha agus tá foirgnimh i gceist ach dírítear go háirithe ar na spásanna idir foirgnimh, lena n-áirítear sráideanna, éadanais, spásanna sibhialta agus áitdhéanamh go ginearálta, ar nós cineálacha foirgneamh agus socruithe, cineálacha bloc uirbeacha, meascán úsáide agus gníomhaíochta, srl. Tá dearadh rathúil uirbeach riachtanach le timpeallachtaí tarraingteacha inbhuanaithe cónaithe agus oibre a chruthú agus le féiniúlacht agus ómós áite a bhunú don sráidbhaile.

lTá sé tábhachtach carachtar eisceachtúil an tsráidbhaile a chosaint agus cáilíocht na timpeallachta tógtha a bhreisiú ionas go mbeidh daoine ina ann leanúint ar aghaidh ag cónaí i dtimpeallacht tharraingteach shábháilte, agus le cinntiú go mbeidh an caighdeán céanna ag na glúine atá le teacht. Is féidir é seo a bhaint amach trí fhorbairtí, áiteanna agus spásanna nua d'ardcháilíocht a chur chun cinn, a chothaíonn slí bheatha inbhuanaithe, a bhfuil scála cuí iontu, atá ag freagairt don timpeallacht, do shaoráidí, oidhreacht, comhshaol agus tírdhreach comhthéacsúil an tsráidbhaile, agus a chuireann le cumas an cheantair sa todhchaí.

**Tírdhreach, Dreach an tSráidbhaile agus Taitneamhacht Radhairc**
Maidir le híogaireacht tírdhreacha, tá aicmiú déantar i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe ar thírdhreacha i gCeantar an Phlean ó Aicme 1 go 5. Aicme 1 - Íogaireacht Íseal, Aicme 2 - Íogaireacht Mheasartha, Aicme 3 - Íogaireacht Ard, Aicme 4 - Speisialta agus Aicme 5 - Uathúil Tá formhór an cheantair sa Phlean in aicme íogaireachta 3 agus an limistéar ó thuaidh ag Coill Dhroim Conga in Aicme 4. Tá dhá Phointe Fócais cosanta i gceantar an phlean a thugann cosaint do radharcanna ar Loch Coirib agus Loch Bhain Ui Chnoic. Is cuid thábhachtach de thaitneamhacht radhairc an cheantair é dreach an tsráidbhaile i Maigh Cuilinn agus ní mór breithniú ar dhreach an tsráidbhaile a chosaint agus a bhreisiú ó thaobh caomhnú agus forbairt an tsráidbhaile amach anseo.

### 3.7.2 Beartais agus Cuspóirí

**Beartas um Dhearadh Uirbeach agus Tírdhreach**

**Beartas UD 1 – Dearadh Uirbeach agus Tírdhreach**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe prionsabail inbhuanaithe dearadh uirbeadh agus cur chuige a chabhróidh le timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha d'ardcháilíocht a thógáil atá oiriúnach do chomhthéacs agus do shuiteáil tírdhreacha an tsráidbhaile mar atá sa cháipéis *Sustainable Residential Development in Urban Areas Guidelines 2009* and the accompanying *Urban Design Manual 2009* (nó aon cháipéis nuashonraithe treorrach a thiocfaidh ina áit). Díreofar ar thimpeallacht thógtha d'ardcháilíocht le tírdhreachú maith agus scála cuí, le croí láidir sibhialta agus tráchtála, éadanais fhreagracha foirgneamh, foirmeacha, airde, dearthaí agus comhábhair foirgneamh cuí, agus saoráidí sibhialta, pobail, caitheamh aimsire agus fóntais d'ardcháilíocht. Tabharfar tacaíocht do chruthú timpeallachta d'ardcháilíocht trí íogaireachtaí an tírdhreacha, na radharcanna agus na léargas sa sráidbhaile a chosaint, agus forbairt líonra glas agus tírdhreachú d'ardcháilíocht a chur chun cinn.

**Cuspóirí Dearadh Uirbeach agus Déanamh Áite**

**Cuspóir UD 1 – Dearadh d'Ardcháilíocht atá Íogair i leith Comhthéacs**
A chinntiú go mbeidh forbairtí nua freagrach do chomhthéacs an tsuímh ina bhfuil siad agus ag réiteach le carachtar, taitneamhacht, oidhreacht, comhshaoil agus tírdhreach an cheantair. Éileofar ar thograí nua forbartha a bheith ag réiteach le carachtar lár an tsráidbhaile / an cheantair ó thaobh scála, airde, maise, líne tógála, grán agus sainmhíniú uirbeach, le tograí le dearadh ardcháilíochta le haghaidh éadanais foirgneamh/struchtúr/siopaí, le comhábhair d'ardcháilíocht d'ábhair chuí, agus comharthaíocht, moltaí tírdhreacha agus sonraí eile dá leithéid a chur ar fáil. Go ginearálta déanfar soilsiú seachtrach agus sileadh solais a íoslaghdú agus seachnófar úsáid soilse i limistéir íogair comhshaoil agus/nó íoslaghdófar iad nuair is féidir.

**Cuspóir UD 2 – Spásanna Poiblí agus Sráideanna**
Forbairt spásanna ardcháilíochta poiblí a chur chun cinn, ar nós sráideanna, cearnóga, páirceanna agus fóntais nasctha le líonra bealaí coisithe agus rothaíochta. Is ceart go mbeadh ardchaighdeán deartha ag spásanna poiblí, agus troscán sráide a chruthóidh carachtar comhleanúnach don cheantar. Chuirfí san áireamh binsí páirce le dearadh agus suíomh oiriúnach, saoráidí le rothair a stóráil, áraid bruscair, comharthaíocht, dealbhóireachta sráide srl, ach sheachnófaí iomadú gnéithe éagsúla agus/nó plódú spásanna poiblí.

**Cuspóir UD 3 – Sainmhíniú agus Beochan Spásúil**
A chinntiú go mbíonn forbairtí nua deartha le sainmhíniú spásúil agus beochan a sholáthar do spásanna poiblí agus sráideanna trí úsáid a bhaint as línte oiriúnacha foirgneamh agus foirmeacha tógtha, le héadanais fhreagracha foirgneamh agus faireachas neamhghníomhach agus sráid-dhreacha d'ardcháilíocht agus/nó imill tírdhreachaithe le spásanna poiblí a imfhálú agus a bhéimniú Cuireann tiopeolaíochtaí bloic imlínigh cur chuige úsáideach ar fáil le sainmhíniú maith spásúil, imfhálú imleor agus réimse poiblí ardcháilíochta agus cabhraíonn cruthú pointí fócais, ar nós foirgnimh agus geataí suntasacha, leis an sainmhíniú spásúil agus lena inléiteacht, agus spreagfar iad sna hionaid chuí.

**Cuspóir UD 4 – Líonra agus Tírdhreachú Glas**
Tacú le gréasán fóntas, spásanna oscailte agus limistéir nádúrtha a thacaíonn leis an mbithéagsúlacht a fhorbairt, a ghlacann le gnéithe atá ann cheana ar nós aibhneacha, srutháin, ballaí cloiche agus fálanna, a chuireann naisc ar fáil do choisithe agus do rothaithe agus deiseanna gníomhacha agus neamhghníomhacha caitheamh aimsire, le cabhrú le struchtúr agus faoiseamh a thabhairt ón timpeallacht thógtha agus atá in ann limistéir a chur ar fáil le huisce dromchla a thanú agus baol tuilte a bhainistiú.

**Cuspóir UD 5 – Forbairt Sráidbhunathe agus Éadanais Fhreagracha**
Forbairt shráidbhunaithe a chur chun cinn sa líonra sráide uirbeach i limistéir thógtha an tsráidbhaile agus fan na mbealaí isteach sa sráidbhaile. Cuirfear san áireamh saoráidí feabhsaithe do choisithe, do rothaithe agus don iompar poiblí mar is cuí agus cuirfear imill foirgneamh nó tírdhreacha d'ardcháilíocht leis na bealaí seo. Is ceart foirgnimh agus spásanna a dhearadh le scála daonna a chur ar éadanais sráide trí airde cuí a thabhairt d'fhoirgnimh agus trí chóireáil fhreagrach a dhéanamh ar urláir talún. Go ginearálta spreagfar forbairtí dlútha mínghránacha d'fhonn éagsúlacht foirmeacha foirgneamh agus spásanna poiblí a sholáthar.

**Cuspóir UD 6 – Ráitis Dheartha**
Éileofar ráitis dheartha le gach togra forbartha mórscála nó a bheidh suite i láthair íogair, ar nós fogasacht do struchtúr cosanta, ionad aimnithe oidhreachta náisiúnta, fóntas suntasach poiblí, suíomh ardaithe nó limistéir íogair radhairc, agus i gcás aon togra forbartha eile mar a mheasann an t-údarás pleanála a bheith riachtanach. Is ceart do ráitis dheartha na nithe seo a leanas a chur san áireamh: measúnú ar an suíomh, comhthéacs, tírdhreach, dreach an tsráidbhaile, inrochtaineacht, gnéithe agus tréithe an láthair forbartha; le húsáid mar threoir le foirmeacha forbartha agus freagairtí deartha cuí a roghnú agus aon ghnéithe tábhachtacha den tírdhreach a úsáid agus a sholáthar i leagan amach agus i ndearadh na forbartha. Beidh na ráitis dheartha ina gcáipéisí gonta le téacs agus léaráidí a léireoidh conas ar cuireadh comhthéacs an tsuímh agus tréithe agus prionsabail dheartha, beartais agus cuspóirí san áireamh i leagan amach agus i ndearadh an togra forbartha.

**Cuspóir UD 7 – Tírdhreach, Dreach an tSráidbhaile, Radharcanna agus Léargais**
Carachtar, luachanna, íogaireachta, pointí fócais agus radharcanna an tírdhreacha a chosaint i gCeantar an Phlean lena n-áirítear iad siúd atá aitheanta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe *An Tírdhreach agus Measúnú Charachtar Tírdhreacha do Chontae na Gaillimhe 2002*. A chinntiú go mbeidh forbairtí nua ag freagairt do thírdhreacha le híogaireacht ard agus speisialta i gCeantar an Phlean, do limistéir íogair radhairc, limistéir ardaithe nó comhthéacsanna i ndreach an tsráidbhaile a mbaineann tábhacht áitiúil leo.

a) Measúnú Tionchar Radhairc a éileamh le haghaidh forbairtí a d'fhéadfadh cur isteach ar charachtar, luach nó íogaireacht tírdhreacha, idir ghnéithe uirbeacha agus nádúrtha, dreacha suntasacha sráidbhaile agus foirgnimh stairiúla mar is cuí.
**b)** Cosc a chur ar fhorbairt a bheadh sa bhealach ar phointe fócais nó radharc suntasach. Má mheastar go bhféadfadh forbairt cur isteach ar phointí fócais nó radharcanna, tabharfar aird ar thábhacht aon tionchair mar seo agus ar aon bheart maolaithe cuí is ceart a dhéanamh. **(Féach Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe)**

### 3.7.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

Déan tagairt do na Caighdeáin agus na Treoirlínte Bainistiú Forbartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

## 3.8 Oidhreacht Thógtha agus Oidhreacht Chultúrtha

### 3.8.1 Comhthéacs

Cuireann an oidhreacht thógtha agus chultúrtha i Maigh Cuilinn le carachtar agus le héagsúlacht áitiúil an cheantair. Tá oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta san oidhreacht thógtha agus tá roinnt gnéithe suntasacha díobh ar aon ag Maigh Cuilinn, ar cuid de charachtar agus de stair an tsráidbhaile iad.

**Oidhreacht Ailtireachta**

Is baile beag dlúth é Maigh Cuilinn le crosbhóthar ar an bpríomhshráid a bhfuil carachtar dá chuid féin aige, a eascraíonn as meascán foirgneamh le hailtireacht shimplí dhúchasach agus dearadh comhaimseartha. Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe an luach a chuireann an oidhreacht thógtha seo le carachtar agus beogacht Mhaigh Cuilinn. Tá an Chomhairle tiomanta don oidhreacht seo a chosaint agus a bhreisiú trí bhearta sa reachtaíocht pleanála, trí bheartais chuí caomhnaithe a fheidhmiú, chomh maith le cuspóirí íogair talamhúsáide, prionsabail deartha uirbeacha agus caighdeáin forbartha, a chuirfidh go mór leis an suíomh ailtireachta i Maigh Cuilinn. Tá roinnt struchtúr faoi chosaint i measc príomhghnéithe ailtireachta Mhaigh Cuilinn, agus tá siad luaite sa Taifead de Struchtúir atá faoi Chosaint (RPS) i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, agus tá struchtúir eile ann a mbaineann sainpéis áitiúil leo. Déanfar tagairt do Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe maidir le struchtúir atá faoi chosaint.

Tugtar liosta san RPS de na struchtúir a mheastar a bheith speisialta ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíona, cultúir, eolaíochta, sóisialta, spéis theicniúil nó luacha. Tá creat reachtúil san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe) le sráidbhailte stairiúla a chosaint, a bhainistiú agus a bhreisiú. Faoi Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe tugtar cosaint do struchtúir atá i liosta an RPS, ach ní bhacfaidh sé sin úsáid ná forbairt chuí. Tá roinnt struchtúr faoi chosaint i gceantar ***Phlean*** Mhaigh Cuilinn; is sampla é Foirgneamh an Chomharchumainn ar an bPríomhshráid.

Is ionann struchtúir le sainspéis áitiúil agus foirgnimh atá tábhachtach go háitiúil a choinníonn a ngnéithe traidisiúnta agus a chuireann le saincharachtar agus le féiniúlacht na háite. Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe tábhacht na struchtúr le sainspéis áitiúil agus na hoidhreachta.

**Oidhreacht Seandálaíochta**

Tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta ag Maigh Cuilinn fianaise ar lonnaíocht luath an cheantair. Déantar foráil sna *hAchtanna Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004* le cosaint a thabhairt don oidhreacht sheandálaíoch lena n-áirítear ***Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna***, a dhéanamh, fardal náisiúnta de shuímh seandálaíochta agus séadchomharthaí, faoi Alt 12 d' Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994. D'fhéadfadh suímh agus séadchomharthaí seandálaíochta áirithe a bheith luachmhar ó thaobh oidhreacht ailtireachta chomh maith agus cosaint faoi dhó acu mar Shéadchomhartha Taifeadta/Náisiúnta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus mar Struchtúr Cosanta faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha.

Aithnítear neas-suímh láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta sa Léarscáil Srianadh Seandálaíoch a ullmhaíodh do Chontae na Gaillimhe agus tugtar tuairim faoi mhéid an tsuímh nó an tséadchomhartha, cé go bhféadfadh an suíomh mórthimpeall an láithreáin nó an tséadchomhartha a bheith tábhachtach ó thaobh na seandálaíochta freisin. Dá réir sin, tagraíonn an Plean Ceantair Áitiúil do Chriosanna le hAcmhainneacht Sheandálaíoch timpeall ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna Taifeadta (de ghnáth 30m ón imlíne a léirítear ar na Léarscáileanna Srianadh Seandálaíocha Sula ndéantar aon fhorbairt nua ar shuíomh tábhachtach seandálaíoch nó laistigh de Chrios le hAcmhainneacht Sheandálaíoch, ní mór dul i gcomhairle le Seirbhís Séadchomharthaí na Roinne Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta. Déantar soláthar i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, i

gcás forbairtí atá suite laistigh de chumas seandálaíoch nó i bhfogas Séadchomhartha taifeadta, go mb'fhéidir go mbeadh gá le breis measúnú seandálaíoch agus/nó maolú.

Tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as ár n-oidhreacht sheandálaíoch a chosaint, lena n-áirítear ceadúnais a thabhairt le haghaidh tochailtí seandálaíocha faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Nuair a bhíonn sé á bheartú ag úinéir nó sealbhóir maoine, nó ag aon duine eile, aon obair a dhéanamh ag nó maidir le Séadchomhartha nó Áit Thaifeadta ní mór dóibh fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire dhá mhí sula dtosaítear an obair sin.

Déanfar tagairt do Léarscáil Srianta Seandálaíochta Chontae na Gaillimhe agus suíomh idirlín Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (www.archaeology.ie) maidir le Séadchomharthaí agus Áiteanna Taifeadta ar an RMP.

**An Oidhreacht Chultúrtha agus An Ghaeltacht**
Is téarma ginearálta é oidhreacht chultúrtha ceantair ina n-áirítear seirbhísí cultúrtha, ar nós foirgnimh phoiblí (m.sh. leabharlanna agus musaeim) agus cuimsíonn sé chomh maith réimse tréithe a chabhraíonn le ceantar agus a dhaonra a shainmhíniú, lena n-áirítear nósanna agus traidisiúin, teanga agus litríocht áitiúil. Tá sé tábhachtach an fhéiniúlacht uathúil atá le taispeáint ag sráidbhaile cosúil le Maigh Cuilinn a aithint agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht dó sin agus go gcomhlánaítear é in aon fhorbairt nua.

Tá Maigh Cuilinn lonnaithe laistigh de Ghaeltacht Chontae na Gaillimhe, an ceantar Gaeltachta is mó sa tír. Breathnaítear air mar cheantar Gaeltachta atá faoi bhagairt mar nach maireann an Ghaeilge mar theanga pobail níos mó. Tá raon tacaí ag teastáil ó Mhaigh Cuilinn le cabhrú leis an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar theanga bheo. Is féidir an próiseas pleanála a úsáid sa chomhthéacs seo. Tá cosaint na Gaeilge neadaithe mar aidhm náisiúnta san Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe. Tá beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae ar mhaithe le hoidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail agus spreagadh chun seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Luaitear i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe gurb é Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2014 (mar atá nuashonraithe) na cáipéisí is tábhachtaí ó thaobh forbairt a threorú agus a rialú sa Ghaeltacht agus meastar na cuspóirí talamhúsáide atá leagtha amach i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta (mar atá nuashonraithe) a bheith mar chuspóirí talamhúsáide Phlean Forbartha an Chontae.

Cuirtear creat reachtúil ar fáil in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Is é príomhchuspóir an Achta go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán na seirbhísí trí chéile níos airde. Bainfear é seo amach den chuid is mó trí dhualgas reachtúil a chur ar Ranna Stáit agus ar sheirbhísí poiblí. Le haird ar an reachtaíocht agus ar shuíomh Mhaigh Cuilinn i gceantar Gaeltachta na Gaillimhe, cuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe an Plean Ceantair Áitiúil do Mhaigh Cuilinn trí Ghaeilge.

### 3.8.2 Beartais agus Cuspóirí

**Beartais don Oidhreacht Thógtha agus don Oidhreacht Chultúrtha**

**Beartas HC 1 – An Oidhreacht Thógtha**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú le caomhnú na hoidhreachta ailtireachta agus seandálaíochta, lena n-áirítear Struchtúir faoi Chosaint, Séadchomharthaí agus Áiteanna Taifeadta agus gnéithe tábhachtacha eile den oidhreacht ailtireachta nó seandálaíochta i gCeantar an Phlean. Cinnteoidh Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuirfear i bhfeidhm na forálacha reachtacha, reachtúla agus beartais atá ábhartha maidir leis an oidhreacht thógtha a chaomhnú lena n-áirítear iad seo a leanas (agus aon cháipéisí nuashonraithe a thiocfaidh ina n-áit):

- Forálacha reachtacha san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe) agus in Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (mar atá leasaithe).
- Forálacha reachtúla i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint.
- Treoir beartais i mBeartas Ailtireachta an Rialtais 2009-2015, Treoirlínte um Chosaint an Oidhreacht Ailtireachta 2004, Seandálaíocht agus Forbairt: Treoirlínte Deachleachtais d'Fhorbróirí' a chur i bhfeidhm.

**Beartas HC 2 – An Oidhreacht Chultúrtha**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe feasacht faoi bhunús, forbairt stairiúil agus oidhreacht chultúrtha an tsráidbhaile a aithint agus a chur chun cinn, agus tacú go ginearálta le forbairtí d'ardcháilíocht a bhfuil gaol acu leis an oidhreacht áitiúil agus a chinntiú go léirítear meas agus freagracht i leith oidhreacht chultúrtha Mhaigh Cuilinn i bhforbairtí nua.

**Beartas HC 3 – An Ghaeltacht**
Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe aird a thabhairt ar ionad Mhaigh Cuilinn sa Ghaelacht, leanúint le cosaint agus cur chun cinn stádas na Gaeilge i Maigh Cuilinn agus a chion i leith oidhreacht teanga na Gaeltachta, córas éifeachtúil a fheidhmiú trína mbeidh gnéithe éagsúla de shainmheon na Gaeltachta á meas agus á gcosaint mar chuid den phróiseas pleanála agus a chinntiú go léireofar meas ar charachtar an cheantair agus ar an nGaeilge, go gcomhlánaítear iad agus go gcuirtear leo.

## Cuspóirí don Oidhreacht Thógtha agus don Oidhreacht Chultúrtha

**Cuspóir HC 1 – An Oidhreacht Ailtireachta agus Struchtúir Chosanta**
Cosaint oidhreacht ailtireachta Cheantar an Phlean a chinntiú, go háirithe trí na forálacha ábhartha reachtacha san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe) maidir leis an oidhreacht ailtireachta agus an treoir bheartais atá sna *Treoirlínte um Chosaint na hOidhreachta 2004,* (nó aon cháipéis a thiocfaidh ina áit).

**Cuspóir HC 2 – Struchtúir faoi Chosaint (Féach Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe)**
Cosaint agus breisiú báúil na struchtúir atá san áireamh agus molta le háireamh i dTaifead na Struchtúr faoi Chosaint , a mbaineann spéis speisialta ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil leo, chomh maith le sláinte a gcarachtar agus a suíomh, a chinntiú.

**Cuspóir HC 3 – Forbairt/OIbreacha a bhaineann le Struchtúir faoi Chosaint**
A chinntiú go mbíonn aon fhorbairt/oibreacha, athruithe, nó síneadh a mbíonn tionchar ábhartha acu ar charachtar struchtúir atá faoi chosaint, nó struchtúir atá i dtadhall le struchtúir faoi chosaint, suite agus deartha go cuí agus nach mbeidh sé dochrach do charachtar nó do shuíomh an struchtúir faoi chosaint. Beidh siad seo a leanas san áireamh:

- Beidh cead pleanála riachtanach le haghaidh oibreacha a mbeidh tionchar ábhartha acu ar charachtar Struchtúir atá faoi Chosaint.
- Beidh aon oibreacha a dhéantar ar struchtúr faoi chosaint de réir na gcleachtas caomhnaithe is fearr agus bainfear úsáid as comhábhair inbhuanaithe cuí.
- Beidh an aird chuí ag tograí nua ar scála, plota, foirm, mais, dearadh, comhábhair, dathanna agus feidhm.

**Cuspóir HC 4 – Scartáil**
Cuirfear cosc ar thograí forbartha, in iomlán nó i bpáirt, le struchtúir faoi chosaint a scartáil, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

**Cuspóir HC 5 – Ailtireacht Dhúchasach agus Struchtúir le Spéis Áitiúil**
Aitheantas a thabhairt do thábhacht na hailtireachta dúchasaí do charachtar Mhaigh Cuilinn agus cosaint, coinneáil, agus athbheochan agus úsáid chuí na hoidhreachta dúchais, lena n-áirítear struchtúir a mbaineann spéis áitiúil leo agus a chuireann le heisceachtúlacht na háite, leis an oidhreacht thógtha agus/nó le carachtar dreach sráide Mhaigh Cuilinn agus cur in aghaidh scartáil na struchtúr dúchais seo.

**Cuspóir HC 6 – Oidhreacht Seandálaíochta**
Oidhreacht seandálaíochta Cheantar an Phlean a chosaint agus a bhreisiú go báúil, go háirithe trí fhorálacha ábhartha an Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe), Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (mar atá leasaithe) agus 'Seandálaíocht agus Forbairt: Treoirlínte Deachleachtais d'Fhorbróirí' a chur i bhfeidhm.

**Cuspóir HC 7 – Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna**
Cosaint agus breisiú báúil na séadchomharthaí agus na nÁiteanna atá áirithe agus molta le háireamh sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna a chinntiú, chomh maith le haon séadchomharthaí a d'fhéadfadh a bheith ainmnithe mar Shéadchomhartha Náisiúnta, mar aon le sláinte a gcarachtair agus a suímh, trí na forálacha ábhartha san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe) agus 'Seandálaíocht agus Forbairt: Treoirlínte Deachleachtais d'Fhorbróirí' a chur i bhfeidhm. Beidh cosaint na Séadchomharthaí atá ar an liosta atá curtha ar fáil ag Seirbhis na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a bhfuil freagracht reachtúil acu sa réimse seo, san áireamh.

**Cuspóir HC 8 – Measúnú Seandálaíoch**
A chinntiú go ndéanfar gach iarratas pleanála le haghaidh forbartha in aice (30m) le Séadchomharthaí agus Áiteanna Taifeadta agus aon séadchomhartha a d'fhéadfaí a ainmniú mar Shéadchomhartha Náisiúnta, agus laistigh de Criosanna Ionchas Seandálaíochta a atreorú chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus go gcuirfidh siad oidhreacht seandálaíoch an cheantair, aon chomhairle a fhaightear ón Roinn agus an gá atá le measúnuithe seandálaíocha, agus, mar is cuí, bearta maolaithe, san áireamh.

**Cuspóir HC 9 – Oidhreacht Chultúrtha agus Oidhreacht Teanga: Ainmniú Tograí Forbartha**
Logainmneacha áitiúla a chosaint mar chuid thábhachtach den oidhreacht chultúrtha agus de charachtar ar leith Cheantar an Phlean, agus tacú le húsáid ainmneacha oiriúnacha le haghaidh forbairtí nua a léireoidh carachtar/oidhreacht an cheantair agus a chuirfidh le heisceachtúlacht áitiúil an tsráidbhaile. Ainmneofar forbairtí i nGaeilge amháin agus ní mór dul i gcomhairle le Coiste Logainmneacha Chontae na Gaillimhe, le hainm oiriúnach nua a fháil d'fhorbairtí nua a léiríonn carachtar agus oidhreacht áitiúil an cheantair.

**Cuspóir HC 10 – Plean Ceantair na Gaeltachta agus Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe a fheidhmiú (nó mar atá leasaithe)**
Tá Comhairle Contae na Gaillimhe tiomanta do na forálacha, beartais agus cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Ceantair na Gaeltachta 2008-2014 agus i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe mar a bhaineann sé leis an Ghaeltacht (nó mar atá nuashonraithe) a fheidhmiú agus na bearta, beartais agus cuspóirí atá iontu a fheidhmiú chomh fada agus a bhaineann siad le Ceantar Phlean Mhaigh Cuilinn, oidhreacht shóisialta, chultúrtha agus teanga na Gaeltachta a chosaint agus a spreagadh, agus iarracht á dhéanamh ag an am céanna cumas eacnamaíoch agus forbartha na Gaeltachta a bhaint amach thar saolré an Phlean.

**Cuspóir HC 11 – Ráitis Tionchar Teanga**
Beidh Ráiteas Tionchar Teanga riachtanach le haon iarratas le haghaidh dhá theach nó níos mó nó nuair a dhéanann an t-iarratasóir iarratas le haghaidh níos mó ná teach amháin i gceantar, de réir Alt 8.3.4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (nó mar atá nuashonraithe). Beidh RTT ag teastáil chomh maith le haghaidh gach iarratas tráchtála agus úsáide measctha i gceantar nó dóibh siúd a mbeadh tionchar ionchasach acu ar an nGaeilge i Maigh Cuilinn.

**Cuspóir HC 12 – Obair le Gníomhaireachtaí Forbartha Reachtúla**
Tá Comhairle Contae na Gaillimhe tiomanta d'obair go dlúth le gach gníomhaireacht reachtúil forbartha, Údarás na Gaeltachta go háirithe, le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i nGaeltacht na Gaillimhe agus an Ghaeilge á cosaint mar phríomhtheanga pobail an cheantair agus do chomhoibriú go gníomhach le Údarás na Gaeltachta agus leis an bpobal áitiúil chun saoráidí a sholáthar le haghaidh naíonraí agus naíolanna.

**Cuspóir HC 13 – Conraitheoirí**
A chinntiú go mbeidh aird ag gach conraitheoir a fhostaíonn Comhairle Contae na Gaillimhe ar an gcultúr ina mbíonn siad ag obair

**Cuspóir HC 14 – Comharthaíocht**
Is i nGaeilge amháin a bheidh comharthaíocht le siombail aitheanta idirnáisiúnta.

### 3.8.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

Déan tagairt do na Caighdeáin agus na Treoirlínte Bainistiú Forbartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

## 3.9 Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht

### 3.9.1 Comhthéacs

Is ionann an oidhreacht nádúrtha agus an éagsúlacht beatha a fheicimid mórthimpeall orainn gach lá chomh maith leis an tírdhreach agus a dhúshraith gheolaíoch. Tugtar bithéagsúlacht go minic ar éagsúlacht na beatha. Úsáidtear an focal bithéagsúlacht freisin le cur síos ar an saol nádúrtha ina bhfuil daoine, ainmhithe, plandaí, miocróib agus ar na háiteanna ina gcónaíonn siad, ar a dtugtar gnáthóga. Áirítear raon leathan gnéithe agus próiseas nádúrtha san oidhreacht nádúrtha, a bhfuil ionchur riachtanach acu sa cháilíocht chomhshaoil, sa bhithéagsúlacht éiceolaíoch, i gcarachtar an tírdhreacha, i dtaitneamhacht radhairc, i ngníomhartha caitheamh aimsire, i sláinte phoiblí agus in ionchas infheistíochta an bhaile.

**Treoracha Eorpacha, Natura 2000 agus Measúnuithe Comhshaoil**
Ag an leibhéal Eorpach sainordaíonn an Treoir Gnáthóga (92/43/EEC) agus an Treoir Éin (2009/147/EC) aithint agus cosaint Limistéir Caomhantais Speisialta (LCS) agus Limistéir Speisialta Cosanta, a chomhdhéanann líonra de cheantair chosanta fiadhúlra, ar a dtugtar líonra Natura 2000, ar fud an Aontais Eorpaigh. Is cuid de réimse bearta é ainmniú na láithreacha seo atá dírithe ar ghnáthóga agus speicis thábhachtacha nó atá faoi bhagairt a chaomhnú.

Is riachtanas dlíthiúil go mbeidh gach plean talamhúsáide ag comhlíonadh na dTreoracha Éan agus Gnáthóga, go háirithe trí Mheasúnú Treoir Gnáthóga a ullmhú. Éilíonn an Treoir um Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/EC) chomh maith go mbeadh gach plean talamhúsáide géilliúil go dlíthiúil gon Treoir um Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta, lena n-áirítear Measúnú Straitéiseach Timpeallachta a dhéanamh nuair is gá. Tá sonraí breise maidir leis an Treoir um Mheasúnú Gnáthóga agus an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta ar fáil ar leithligh mar cháipéisí tacaíochta don Phlean seo. Tá cuid de shuíomh ainmnithe i nCeantar an Phlean do Mhaigh Cuilinn, i Limistear Caomhantais Speisialta Loch Coirib, agus tá sé suite in aice le Limistéir Caomhantais Speisialta agus Limistéir Speisialta Caomhantais eile.

**Ceantair Oidhreachta Nádúrtha agus Reachtaíocht Ghaolmhar**
Is é an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) an t-ainmniú nádúrtha don bhfiadhúlra, agus tugtar cosaint do Limistéir Oidhreachta Nádúrtha faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2000. Meastar na limistéir seo a bheith tábhachtach mar gheall ar na gnáthóga atá iontu nó na speicis phlandaí agus ainmhithe a bhfuil cosaint de dhíth ar a ngnáthóga faoin reachtaíocht náisiúnta. Tá Coinn Dhroim Conga molta mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha i gceantar Phlean Mhaigh Cuilinn agus tá Limistéar Portaigh Mhaigh Cuilinn i dtadhall le ceantar an phlean ó dheas.

**Líonraí Éiceolaíocha**
Tugtar tacaíocht do líonraí éiceolaíocha trí *Perspeictíocht Spásfhorbartha na hEorpa* agus *Natura 2000* agus tá siad mar bhuntaca don *Straitéis Phan-Eorpach Bhitheolaíoch agus Ilchineálacht Tírdhreacha ,* atá daingnithe ag Éirinn. Is cuid de 'líonra éiceolaíoch' iad gnáthóga éagsúla Mhaigh Cuilinn agus na limistéar mórthimpeall, a áisíonn gluaiseacht speiceas idir limistéir agus a chinntíonn feidhmiú éifeachtúil agus marthanach réimse ilchineálach gnáthóga agus speiceas. Is córais bheo iad uiscebhealaí intíre agus cósta, lena n-áirítear lochanna, aibhneacha agus srutháin, a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu mar gheall ar na gnáthóga a ghabhann leo, agus feidhmíonn siad mar chonairí éiceolaíocha a nascann gnáthóga/suímh ainmnithe, ionas gur féidir le speicis gluaiseacht eatarthu. Tá an fheidhm éiceolaíoch seo ag na srutháin/aibhneacha éagsúla sula sileann siad isteach sa suíomh ainmnithe - Limistéar Caomhantais Speisialta, Limistéar Caomhantais Speisialta, agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Loch Coirib. Tá luach ard bithéagsúlachta ag crainn agus fálta sceach chomh maith agus cuireann siad leis an nascacht éiceolaíoch. Is ceart gnéithe a chuireann le cruthú líonra éiceolaíoch a choinneáil agus iad a áireamh sna pleananna deartha i dtograí forbartha.

**Speicis Ionracha Coimhthíocha**
Is sceicis neamhdhúsacha iad speicis ionracha comhthíocha a tugadh níos faide ná mar is féidir leo taisteal go nádúrtha mar gheall ar ghníomhaíochtaí daonna, agus atá ag cur isteach ar an timpeallacht nua a bhfuil coilíniú déanta acu uirthi. Is féidir le speicis choimhthíocha a bheith ó aon ghrúpa orgánach lena n-áirítear éin, mamaigh, reiptílí, amfaibiaigh, micrea-orgánaigh agus inveirteabraigh. Bíonn tionchar dochrach ag speicis ionracha coimhthíocha ar bhithéagsúlacht Éireannach trí iomaíocht, luibh-ithe, athrú gnáthóige, seadáin nó pataigin a thabhairt isteach agus linn na ngéinte a

chaolú. Liostaítear speicis shrianta neamh-dhúchasacha i Rialacháin Tríú Sceideal na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 agus baineann Rialacháin Uimh. 49 agus Uimh 50 go sonrach le speicis neamh-dhúchasacha.

### 3.9.2 Beartais agus Cuspóirí

**Beartais Oidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta**

**Beartas NH 1 – Oidhreacht Nádúrtha, Tírdhreach agus Comhshaol**

Tá sé de bheartas ag Comhairle Contae na Gaillimhe tacú le caomhantas agus breisiú na hoidhreachta nádúrtha agus na bithéagsúlachta, lena n-áirítear sláinte suímh Natura 2000, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe a chosaint agus forbairt líonra glas/éiceolaíoch a mholadh laistigh de Cheantar an Phlean, ar mhaithe le tacú le feidhmiú agus nascacht éiceolaíoch, deiseanna le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach agus neamhghníomhach a sholáthar in ionaid oiriúnacha agus faoiseamh radhairc a thabhairt ón timpeallacht thógtha. Cuirfear cosaint na hoidhreachta nádúrtha agus na bithéagsúlachta, lena n-áirítear suímh Eorpacha sa líonra Natura 2000, i bhfeidhm de réir treoracha ábhartha comhshaoil an AE agus na reachtaíochta infheidhme náisiúnta, agus de réir beartas, pleananna agus treoirlínte, lena n-áirítear iad seo a leanas (agus aon cháipéis nuashonraithe a thionfaidh ina n-áit):

- Treoracha AE, lena n-áirítear i*An Treoir maidir le Gnáthóga* (92/43/EEC), an *Treoir maidir le hÉin*(2009/147/EC the *An Treoir maidir le IMeasúnú Tionchar Timpeallachta* (85/337/EEC), an *Chreat-Treoir Uisce* (2000/60/EC) agus an *Treoir um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta*(2001/42/EC).
- An reachtaíocht náisiúnta lena n-áirítear *an tAcht um Fhiadhúlra 1976*, *Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 1989* (IR Uimh. 349 de 1989) (ar atá leasaithe), an *Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000*, *Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Beartas Uisce) 2003* (mar atá leasaithe), an *tAcht Pleanála agus Forbartha 2000, (*mar atá leasaithe *)* agus Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR Uimh. 477 de 2011).
- Treoirlínte náisiúnta beartais, lena n-áirítear Dréacht-Theoirlínte um Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha 2000, na Treoirlínte um Mheasúnú Tionchar Timpeallachta maidir le Fo-Thairseach 2003, Treoirlínte um Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta 2004, agus na Treoirlínte maidir le Measúnú Cuí 2010.
- Pleananna bainistíochta dobharcheantair agus acmhainní uisce lena n-áirítear *Plean Bainistíochta Abhantraigh an Iarthair 2009-2015*.
- Pleananna agus treoirlínte bithéagsúlachta lena n-áirítear *Gníomhartha ar son Bithéagsúlachta2011-2016: Plean náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann*, An *Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2008-2013* agus na *Teoirlínte Bithéagsúlachta* atá cumtha ag Comhairle Contae na Gaillimhe.

**Cuspóirí Oidhreachta Náisiúnta agus Bithéagsúlachta**

**Cuspóir CO 1 – Láithreáin Natura 2000**

Láithreáin Eorpacha atá i líonra Natura 2000 a chosaint (lena n-áirítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir Speisialta Caomhantais) de réir riachtnais Threoir an AE um Ghnáthóga (92/43/EEC), Treoir an AE um Éin (2009/147/EC), an tAcht Pleanála agus Forbartha (mar atá leasaithe) 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR Uimh. 477 de 2011) (agus aon leasuithe dá éis nó reachtaíocht nuashonraithe) agus leis an aird chuí ar an treoir sna Treoirlínte Measúnaithe Cuí 2010 (agus aon treoir nuashonraithe a thiocfaidh ina n-áit). Ní dhéanfar údarú ar phlean ná ar thionscadal (m.sh. forbairt bheartaithe) i gCeantar an Phlean go dtí go mbeidh sé deimhnithe ag an údarás inniúil (Comhairle Contae na Gaillimhe), bunaithe ar fhianaise eolaíochta agus ar Mheasúnú Treoir Gnáthóga más gá go bhfuil an plean nó an tionscadal:

1. saor ó thionchair dhíobhálacha indíreacha nó tánaisteacha ar shláine aon láithreán Eorpach (as féin nó i gcomhar le haon phlean nó tionscadal eile); nó

2. Go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean ar shláinte aon láithreán Eorpach (nach bhfuil gnáthóg nádúrtha de phríomhchineál agus/nó speiceas tosaíochta ann) ach nach bhfuil aon toradh malartach ann agus go gcaithfear an plean nó an tionscadal a chur ar bun ar chúiseanna riachtanacha a bhaineann le leas sáraitheach an phobail, lena n-áirítear leas sóisialta nó eacnamaíoch. Sa chás seo beidh sé riachtanach cloí le nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht agus aontú le gach beart cúitimh atá riachtanach le cosaint chomhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú agus iad a chur i gcrích; nó

3. Má bhíonn tionchar suntasach díobhálach ag an bplean nó ag an tionscadal ar aon suíomh Eorpach (ina bhfuil gnáthóg tosaíochta agus/nó speiceas tosaíochta ach nuair nach mbíonn aon réiteach malartach ann agus má chaitear dul ar aghaidh leis an tionscadal mar sin féin mar gheall ar leas sáraitheach an phobail, ar chúiseanna sláinte dhaonna nó sábháilteachta poiblí amháin, d'iarmhairtí leasmhara atá fíorthábhachtach don chomhshaol, nó tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún, mar gheall ar chúiseanna eile atá riachtanach do leas sáraitheach an phobail. Sa chás seo, beidh sé riachtanach nósanna imeachta a leanúint mar atá leagtha síos sa reachtaíocht agus tabhairt faoi gach beart cúiteach atá riachtanach le comhleanúnachas foriomlán Natura 2000 a chosaint.

**Cuspóir NH 2 - Gnáthóga agus Speicis faoi Chosaint.**
Tacú le cosaint a thabhairt do ghnáthóga agus speicis atá faoi chosaint mar atá liostaithe sna hiarscríbhinn do *Threoir an AE um Ghnáthóga 1992* (92/43/EEC), *sa Treoir um Éin (*2009/147/EC) agus d'éin a dhéanann imirce rialta agus dá ngnáthóga, agus do speicis atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2000. Tá cosaint ialtóga agus a bhfaraí, cothabháil coillearnaí, fálta sceach, línte crann, líonraí agus conairí éiceolaíocha a fheidhmíonn mar ionaid chothaithe, conairí eitilte agus bealaí comaitéireachta ialtóga san áireamh.

**Cuspóir NH 3 – Limistéir Oidhreachta Nádurtha agus Limistéir Oidhreachta Nádurtha molta**
Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádurtha molta a chosaint de réir riachtanais *an Acht um Fhiadhúlra 1976*, an Acht *um Fhiadhúlra (Leasú) Act 2000* agus *an Acht Pleanála agus Forbartha 2000* (mar atá leasaithe). Nuair is cosúil go mbeidh tionchair mhóra ag forbairtí beartaithe i gCeantar an Phlean ar aon Limistéar Oidhreacht Nádúrtha nó ar Limistéir Oidhreachta Nádrútha molta d'fhéadfadh Measúnú Tionchar Éiceolaíoch nó Measúnú Tionchar Timpeallachta mar is cuí, a bheith riachtanach.
**(Féach Léarscáil 2A/2B)**

**Cuspóir NH 4 – Measúnuithe Tionchair**
Géilliúntas iomlán do riachtanais *an Treoir um Ghnáthóga (92/43/EEC)*, *an Treoir LST (2001/42/EC)* agus *an Treoir MTT (85/337/EEC)*, agus reachtaíocht/rialacháin ghaolmhara, lena n-áirítear *Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádurtha) 2011 (IR Uimh. 477 de 2011), Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna agus Cláir Áirithe 2004-2011, Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta) 2004-2011 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 1989-2011 (nó aon reachtaíocht nuachóirithe a thiocfaidh ina n-áit).* Ní mór ceann díobh seo a leanas a chur faoi bhráid le hiarratais phleanála le haghaidh forbairtí beartaithe i gCeantar an Phlean a bhféadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu ar an timpeallacht agus/nó ar láithreán ainmnithe ar bith: Ráiteas Tionchar Timpeallachta, Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchar Éiceolaíoch, Scagthuarascáil ar Mheasúnú Treoir Gnáthóga nó Ráiteas Tionchar Natura, mar is cuí. A chinntiú go ndéanfar Ráitis Tionchar Natura agus aon measúnú tionchar timpeallachta nó éiceolaíoch eile a chuirtear faoi bhráid mar thacaíocht le tograí forbartha a chur i gcrích de réir na modheolaíochtaí cleachtais is fearr agus go mbíonn gach measúnú riachtanach bunlíne san áireamh iontu.

**Cuspóir NH 5 – Líonraí Bithéagsúlachta & Éiceolaíocha (Féach Léarscáil 2A/2B)**
Tacú le cosaint na bithéagsúlachta agus le nascacht éiceolaíoch i gceantar an Phlean, lena n-áirítear coillearnaigh, crainn fálta sceach, aibhneacha, canálacha, tobair nádúrtha, bogaigh, ballaí cloiche, seascainn, bratphortaigh, fraoch, lomáin, córais gheolaíocha agus gheomoirfeolaíocha, gnéithe eile tírdhreacha agus an fiadhúlra a ghabhann leo, nuair is cuid iad sin den líonra éiceolaíoch.

a) Iarracht a dhéanamh na gnéithe nádúrtha seo a choinneáil i bhforbairtí, ar mhaithe le bloghadh éiceolaíoch a sheachaint agus conairí éiceolaíocha agus clocha cora a choinneáil.
b) Cáilíocht agus éiceolaíocht uisce Chanáil Bhaile Uí Chuirc agus an limistéar d'Abhainn an Chip atá i gceantar an Phlean a chosaint agus a bhreisiú, agus feidhm a gconairí éiceolaíocha, trí na bruacha agus na cainéil atá ann a chothabháil agus a chinntiú go gcuirfear aon fhorbairt nua i gceantar an Phlean siar 10 méadar ar a laghad ó bhruach barr na sruthchúrsaí.
c) Bithéagsúlacht níos mó a chinntiú trí phlandáil chuí a dhéanamh ar chrainn , toir agus fálta sceach atá dúchasach do cheantar Mhaigh Cuilinn agus de bhunadh na hÉireann i limistéir phoiblí agus phríobháideacha agus i bhforbairtí nua.

**Cuspóir NH 6 – Acmhainní Uisce**
Acmhainní Cheantar an Phlean a chosaint, lena n-áirítear Canáil Bhaile Uí Chuirc agus Abhainn na Cipe fo-aibhneacha agus dobharlaigh, srutháin, aibhneacha eile, uiscí dromchla, agus cáilíocht an uisce talún atá laistigh de cheantar an Phlean, de réir riachtanais agus treorach atá i dTreoir Creat Uisce an AE 2000, (2000/60/EC), Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce) 2003 (mar atá leasaithe) agus Plean Bainistíochta Abhantrach an Iarthair 2009-2015 (agus aon leagan a thiocfaidh ina áit) agus Treoracha ábhartha eile den AE lena n-áirítear reachtaíocht ghaolmhar náisiúnta agus treoir bheartais. Tacú le feidhmiú agus le gníomhú an chur chuige pleanála agus bainistíochta i leith fobairt agus caomhnú dobharcheantair, lena n-áirítear feidhmiú teicnící Córas Inbhuanaithe Draenála le haghaidh forbairt nua i gCeantar an Phlean.

**Cuspóir NH 7 – Ceantar Bainistiú Comhshaoil (Féach Léarscáil 2A/2B)**
A chinntiú go mbeidh measúnú imleor déanta ar thograí nua forbartha ar nó in aice leis an gCeantar Bainistiú Comhshaoil a bhféadfadh tionchar bheith acu ar Cheantar Speisialta Caomhnaithe Loch Coiribe, go ndéantar Measúnuithe comhshaoil agus/nó Treoir Ghnáthóga orthu, lena n-áirítear tionchair charnacha/ i gcumasc agus aon tionchair ar féidir iad a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, mar is cuí, de réir na reachtaíochta agus beartas comhshaoil atá infheidhme sula dtugtar aon chead.

**Cuspóir NH 8 – Crainn, Fearann Páirce/Coillearnach agus Fálta Sceach**
Braislí crann agus fálta sceacha tábhachtacha i gceantar an phlean a chosaint, lena n-áirítear iad siúd atá aitheanta i Léarscáil na gCuspóirí Sonracha 2A/2B agus a chinntiú go mbeidh aird ag tograí forbartha ar chrainn shuntasacha/clampaí crann agus go ndéanfar iarracht críocha nádúrtha lena n-áirítear ballaí cloiche, fálta agus crainn mar theorannacha, a choinneáil nuair is féidir agus cineál teorann atá cosúil leo a chur ina n-áit má chaitear iad a bhaint amach.
**(Féach Cuspóir NH13 agus Léarscáil 2A/2B)**

**Cuspóir NH 9 – Córais gheolaíocha agus gheomoirfeolaíocha**
Córais, láithreáin agus gnéithe geolaíocha agus geomoirfeolaíocha a chosaint agus a chaomhnú ó fhorbairtí míchuí a bhainfeadh óna luach oidhreachtúil agus óna léirmhíniú agus a chinntiú go ndéantar measúnú imleor ar aon phlean nó tionscadal a rachadh i bhfeidhm ar fhoirmeacha carstacha maidir lena dtionchair gheoifisiceacha, hiodreolaíocha, hiodragheolaíocha nó éiceolaíocha ar an gcomhshaol.

**Cuspóir NH 10 – Rialú Speicis Ionracha agus Coimhthíocha**
Iarracht a dhéanamh bearta a chur chun cinn chun scaipeadh speiceas ionracha agus coimhthíocha a chosc. Plean tírdhreachú a éileamh le haghaidh forbairtí in aice le dobharlaigh agus a chinntiú nach mbíonn speicis ionracha san áireamh sna pleananna sin. Nuair a aithnítear an cumas chun speicis ionracha a scaipeadh mar chuid de thogra forbartha éileofar ar an bhforbróir plean bainistiú speiceas ionracha a chur faoi bhráid.

**Cuspóir NH 11 – Scaghtházstáil le haghaidh Measúnú Cuí**
A chinntiú go mbeidh gach moladh forbartha i gceantar an Phlean faoi réir ag Scaghthástáil Measúnú Cuí le deimhniú an mbeidh tionchar suntasach, indíreach nó carnach acu ar ar aon Láthair Eorpach ó thaobh cuspóirí caomhnaithe.  Má bhíonn tionchair shuntasacha dóchúil nó neamhchinnte, féadfaidh an tÚdarás Pleanála aon fhaisnéis a iarraidh ar an iarratasóir a mheastar a bheith riachtanach le cur ar a chumas 'Scagthástáil le haghaidh Measúnú Cuí' a dhéanamh agus/nó Measúnú cuí. Féach 'Measúnú Cuí Pleananna agus Tionscadal in Éirinn: Treoir d'Údaráis Pleanála 2000' (nó aon cháipéis a thiocfaidh ina áít) le treoir a fháil faoin gcineál faisnéise a d'fhéadfaí a lorg.

**Cuspóir NH 12 – Comhairliúchán le hÚdaráis Comhshaoil**
Is ceart d'fhorbróirí atá ag beartú forbairt a dhéanamh in aice le Láthair Eorpacha duil i gcomhairle le Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus aon ghrúpa sainpéise ábhartha eile (m.sh. Iascaigh Intíre, Caomhnú Ialtóga, Birdwatch Ireland)

**Cuspóir NH 13 – Ialtóga agus Gnáthóga Ialtóga a Chosaint**
A chinntiú go mbeidh tograí forbartha i gceantair atá aitheanta a bheith tábhachta d'ialtóga, lena n-áirítear coillearnaigh agus sceacha, agus iad siúd atá aitheanta ar Léarscáil Cuspóirí Sornacha 2A/2B, faoi réir ag measúnú cuí le haghaidh tionchar ionchasach ar ialtóga. Déanfar measúnú ar chailliúint charnach gnáthóige nó an tionchar ar an daonra agus ar ghníomhaíocht ialtóga sa cheantar agus d'fhéadfadh suirbhé sonrach ar ialtóga a bheith i gceist. Déanfaidh gairmeoir leis na cáilíochtaí cuí aon mheasúnú a dhéanfar agus más dócha go mbeidh tionchair mhóra dochacha ag an fhorbairt ar dhaonra nó ar ghníomhaíocht ialtóga sa cheantar, cuirfear cosc ar fhorbairt nó éileofar bearta maolaithe agus/nó cúitimh, mar is cuí.

**(Féach Cuspóir NH 8 agus an Léarscáil 2A/2B)**

### 3.9.3 Treoirlínte um Bhainistiú Forbartha

Déan tagairt do na Caighdeáin agus na Treoirlínte Bainistiú Forbartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.


# 4. Léarscáileanna an Phlean Ceantair Áitiúil

Is cuid den Phlean Ceantair Áitiúil iad na léarscáileanna seo a leanas:

- Léarscáil 1A - Criosú Talamhúsáide
- Léarscáil 1B - Criosú Talamhúsáide (Lár an tSráidbhaile)

- Léarscáil 2A - Cuspóirí Sonracha
- Léarscáil 2B - Cuspóirí Sonracha (Lár an tSráidbhaile)

- Léarscáil 3A - Measúnú Baol Tuilte
- Léarscáil 3A - Measúnú Baol Tuilte ( Lár an tSráidbhaile)




© Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann. Gach ceart ar Cosaint.
Uimhir cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe

## PCÁ MHAIGH CUILINN
## LÉARSCÁIL 1A CRIOSÚ TALAMHÚSÁIDE

| Eochair | |
|---|---|
| Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil | |
| R - Cónaitheach | I - Tionsclaíoch |
| R - Cónaitheach (Céim 1) | CF - Saoráidí Pobail |
| R - Cónaitheach (Céim 2) | OS - Spás Oscailte, Caitheamh Aimsire agus Fóntais |
| C1 - Lár an Bhaile / Tráchtáil | EM - Bainistiú Comhshaoil |
| BE - Gnó agus Fiontraíocht | A - Talmhaíocht |
| | PU - Fóntais Phoiblí |

Crios Maolánach Fóntas Poiblí

TI - Bonneagar Iompair


Aibhneacha / Srutháin / Canáil

Conair Tháscach an tSeachbhóthair

Lochanna

Tá na tailte seo suite laistigh de Chrios A - Riosca i gcás Tuillte agus tá siad i mbaol tuilte mar atá aitheanta san MRTS agus san MST a rinneadh don Phlean. De réir an Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte, caithfear MRT Sonrach don Suíomh a chuir le h-aon iarratas a cuirtear isteach do na tailte seo.

**NÓTA:**
Is ceart an Léarscáil seo a léamhi gcomhar le Léarscáileanna 2A/2B Cuspóirí Sonracha, Léarscáileanna 3A/3B Limistéir Tháscacha Bainistiú Baol Tuilte agus na beartais, cuspóirí agus treoirlínte atá imlínithe le Roinn 2 agus Roinn 3 den phlean, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú agus criosú talamhúsáide.




© Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann. Gach ceart ar Cosaint.
Uimhir cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe

**PCÁ MHAIGH CUILINN**
**LÉARSCÁIL 1B CRIOSÚ TALAMHÚSÁIDE**
**- LAR AN BHAILE -**

**NÓTA:**
Is ceart an Léarscáil seo a léamhi gcomhar le Léarscáileanna 2A/2B Cuspóirí Sonracha, Léarscáileanna 3A/3B Limistéir Tháscacha Bainistiú Baol Tuilte agus na beartais, cuspóirí agus treoirlínte atá imlínithe le Roinn 2 agus Roinn 3 den phlean, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú agus criosú talamhúsáide.

- Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil
- R- Cónaitheach
- R- Cónaitheach (Céim 1)
- R- Cónaitheach (Céim 2)
- C1 – Lár an Bhaile / Tráchtáil
- BE – Gnó agus Fiontraíocht
- I - Tionsclaíoch
- CF- Saoráidí Pobail
- OS – Spás Oscailte, Caitheamh Aimsire agus Fóntais
- A - Talmhaíocht
- PU – Fóntais Phoiblí
- Crios Maolánach Fóntas Poiblí
- TI – Bonneagar Iompair
- Aibhneacha / Srutháin / Canáil
- Conair Tháscach an tSeachbhóthair
- Tá na tailte seo suite laistigh de Chrios A - Riosca i gcás Tuillte agus tá siad i mbaol tuilte mar atá aitheanta san MRTS agus san MST a rinneadh don Phlean. De réir an Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte, caithfear MRT Sonrach don Suíomh a chuir le h-aon iarratas a cuirtear isteach do na tailte seo.




| Cuspóirí Sonracha | |
|---|---|
| Roinn 3.2.2 – Forbairt Chónaitheach | |
| RD 10 | Nascacht idir Tailte Céimithe Cónaitheacha |
| RD 11 | Forchoimeád Pointí Rochtana do Thailte Cónaitheacha |
| RD12 | Slánachar Forbartha |
| Roinn 3.5.2 – Bonneagar Iompair | |
| TI11 | Cosán ó Dhroichead Chlaidhteach go dtí an Sráidbhaile |
| TI12 | Feabhsúcháin ar Dhroichead Chlaidhdeach |
| TI13a | Saoráidí Bus |
| TI14 | Mórlána Bus |
| TI17a | Scéim Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn |
| TI17b | Bealach Faoisimh Istigh |
| TI17c | Uasghrádú ar an L-53732 |
| TI17d | Athailíniú ar Bhóthar Rochtana na Gaillimhe |
| TI 26a | Cosaint Bhealach an tSeachbhóthair |
| TI 26c | Scéim Seachbhóthair agus Bearta Maolú Éiceolaíocha |
| Roinn 3.6.2 – Bonneagar Fóntas agus Comhshaoil | |
| UI1b | Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála |
| UI6 | Maolán Gléasra Cóireála Fuíolluisce |
| UI10 | Dobharlaigh agus Sruthchúrsaí |
| Roinn 3.9.2 – Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht | |
| NH3 | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha faoi Chosaint |
| NH5b | Cáilíocht Uisce/ Cosaint Éiceolaíoch – (Maolán 10m) |
| NH7 | Limistéar Bainistiú Comhshaoil |
| NH8 | Crainn / Fearann Páirce agus Fálta Sceach |
| NH13 | Cosaint Ialtóga agus Gnáthóga |

Nóta: Déan tagairt d'fhoclaíocht níos mionsonraí na gcuspóirí thuas sa roinn ábhartha den Phlean. Is ionadú táscach atá ann do chuspóirí sonracha ar Léarscáil 2 agus bheadh na cuspóirí infheidhme le haghaidh limistéir eile mar is cuí.

© Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann. Gach ceart ar Cosaint.
Uimhir cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe


- Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil
- OS – Spás Oscailte/ Caitheamh Aimsire agus Fóntais
- XX Cuspóirí Sonracha
- Conairí Fóntais/ Líonraí Táscacha Coisithe agus Rothaithe
- Pointí Forchoimeádta Rochtana
- LNO Limistéar Náisiúnta Oidhreachta
- LSC Limistéar Speisialta Caomhantais
- Aibhneacha/Sruthán/Canáil
- Seanlíne Traenach
- Conair Tháscach Seachbhóthair
- Lochanna

## MAIGH CUILINN PCÁ
## LÉARSCÁIL 2A CUSPÓIRÍ SONRACHA

N W E S

**NÓTA:**

Is ceart an Léarscáil seo a léamhi gcomhar le Léarscáileanna 1A/1B Criosú Talamhúsáide, Léarscáileanna 3A/3B Limistéir Tháscacha Bainistiú Baol Tuilte agus na beartais, cuspóirí agus treoirlínte atá imlínithe le Roinn 2 agus Roinn 3 den phlean, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú agus criosú talamhúsáide.




| Cuspóirí Sonracha | |
|---|---|
| Roinn 3.2.2 – Forbairt Chónaitheach | |
| RD 10 | Nascacht idir Tailte Céimithe Cónaitheacha |
| RD 11 | Forchoimeád Pointí Rochtana do Thailte Cónaitheacha |
| RD12 | Slánachar Forbartha |
| Roinn 3.5.2 – Bonneagar Iompair | |
| TI11 | Cosán ó Dhroichead Chlaidhteach go dtí an Sráidbhaile |
| TI12 | Feabhsúcháin ar Dhroichead Chlaidhdeach |
| TI13a | Saoráidí Bus |
| TI14 | Mórlána Bus |
| TI17a | Scéim Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn |
| TI17b | Bealach Faoisimh Istigh |
| TI17c | Uasghrádú ar an L-53732 |
| TI17d | Athailíniú ar Bhóthar Rochtana na Gaillimhe |
| TI 26a | Cosaint Bhealach an tSeacbhóthair |
| TI 26c | Scéim Seachbhóthair agus Bearta Maolú Éiceolaíocha |
| Roinn 3.6.2 – Bonneagar Fóntas agus Comhshaoil | |
| UI1b | Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála |
| UI6 | Maolán Gléasra Cóireála Fuíolluisce |
| UI10 | Dobharlaigh agus Sruthchúrsaí |
| Roinn 3.9.2 – Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht | |
| NH3 | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha faoi Chosaint |
| NH5b | Cáilíocht Uisce/ Cosaint Éiceolaíoch – (Maolán 10m) |
| NH7 | Limistéar Bainistiú Comhshaoil |
| NH8 | Crainn / Fearann Páirce agus Fálta Sceach |
| NH13 | Cosaint Ialtóga agus Gnáthóga |


Nóta: Déan tagairt d'fhoclaíocht níos mionsonraí na gcuspóirí thuas sa roinn ábhartha den Phlean. Is ionadú táscach atá ann do chuspóirí sonracha ar Léarscáil 2 agus bheadh na cuspóirí infheidhme le haghaidh limistéir eile mar is cuí.

© Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann. Gach ceart ar Cosaint.
Uimhir cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe

- Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil
- OS – Spás Oscailte/ Caitheamh Aimsire agus Fóntais
- Cuspóirí Sonracha
- Conairí Fóntais/ Líonraí Táscacha Coisithe agus Rothaithe
- Pointí Forchoimeádta Rochtana
- LNO Limistéar Náisiúnta Oidhreachta
- LSC Limistéar Speisialta Caomhantais
- Aibhneacha/Sruthaín/Canáil
- Seanlíne Traenach
- Conair Tháscach Seachbhóthair

## MAIGH CUILLIN PCÁ
## LÉARSCÁIL 2B CUSPÓIRÍ SONRACHA
## - LÁR AN BHAILE -

**NÓTA:**
Is ceart an léarscáil seo a léamh i gcomhar le Léarscáileanna 1A/1B Criosú Talamhúsáide: Léarscáileanna 3A/3B Bainistiú Baol Tuilte agus na beartais, cuspóirí agus treoirlínte atá imlínithe le Roinn 2 agus Roinn 3 den phlean, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú agus measúnú baol tuilte



**Nóta Tábhachtach don Úsáideoir**

Tá an fhaisnéis tuilte atá curtha i láthair sna Léarscáileanna seo (Léarscáileanna 3A/3B) bunaithe ar thaighde Réamh-mheasúnú Baol Tuilte a rinneadh thar ceann Comhairle Contae na Gaillimhe (Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte: SFRA) agus rinneadh é a thástáil i gcoinne eolais faoi theagmhais tuilte sa cheantar. Tugann siad léargas leathan faoi na limistéir a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte, agus is cuid iad den mheasúnú agus den bhreithniú baol tuilte don Phlean.

Tá raon na dtuilte ar Léarscáileanna an OPW PRFA bunaithe ar anailís shimplí scála leathan agus b'fhéidir nach mbeadh siad cruinn le haghaidh láithreáin/úsáide ar leith.

Tá faisnéis faoi chuspóir, forbairt agus teorannacha na Léarscáileanna OPW PFRA ar fáil sa tuarascáil ábhartha (féach www.cfram.ie). Is ceart d'úsáideoirí comhairle ghairmiúil a lorg má tá sé ar intinn acu brath ar na Léarscáileanna OPW PFRA ar bhealach ar bith.


© Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann. Gach ceart ar Cosaint.
Uimhir cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe

- Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil
- Crios Tuilte Táscach A (PFRA Abhann 100)
- Crios Tuilte Táscach B (PFRA Abhann 1000)
- Crios Tuilte Táscach C (Limistéir nach bhfuil clúdaithe ag A nó B)
- Báistiúil Táscach (PFRA)
- Báistiúil Antoisceach (PFRA)
- Teagmhais Taifeadta/Stairiúla Tuilte
- Aibhneacha/Srutháin/Canáil
- Conair Seachbhóthair Táscach

## MAIGH CUILINN PCÁ
## LÉARSCÁIL 3A – BAINISTIÚ BAOL TUILTE

**Nóta:**

Is ceart an léarscáil seo a léamh i gcomhar le Léarscáileanna 1A/1B Criosú Talamhúsáide: Léarscáileanna 2A/2B Cuspóirí Sonracha agus na beartais, cuspóirí agus treoirlínte atá imlínithe le Roinn 2 agus Roinn 3 den phlean, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú agus measúnú baol tuilte.



© Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann. Gach ceart ar Cosaint.
Uimhir cheadúnais 2010/15CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe

**Nóta Tábhachtach don Úsáideoir:**

Tá an fhaisnéis tuilte atá curtha i láthair sna Léarscáileanna seo (Léarscáileanna 3A/3B) bunaithe ar thaighde Réamh-mheasúnú Baol Tuilte a rinneadh thar ceann Comhairle Contae na Gaillimhe (Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte: SFRA) agus rinneadh é a thástáil i gcoinneeolais faoi theagmhais tuilte sa cheantar.

Tugann siad léargas leathan faoi na limistéir a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte, agus is cuid iad den mheasúnú agus den bhreithniú baol tuilte don Phlean.

Tá raon na dtuilte ar Léarscáileanna an OPW PRFA bunaithe ar anailís shimplí scála leathan agus b'fhéidir nach mbeadh siad cruinn le haghaidh láithreáin/úsáide ar leith.

Tá faisnéis faoi chuspóir, forbairt agus teorannacha na Léarscáileanna OPW PFRA ar fáil sa tuarascáil ábhartha (féach www.cfram.ie). Is ceart d'úsáideoirí comhairle ghairmiúil a lorg má tá sé ar intinn acu brath ar na Léarscáileanna OPW PFRA ar bhealach ar bith.

Teorainn an Phlean Ceantair Áitiúil

Crios Tuilte Táscach A
(PFRA Abhann 100)

Crios Tuilte Táscach B
(PFRA Abhann 1000)

Crios Tuilte Táscach C
(Limistéir nach bhfuil clúdaithe ag A nó B)

Báistiúil Táscach (PFRA)

Báistiúil Antoisceach (PFRA)

Teagmhais Taifeadta/Stairiúla Tuilte

Aibhneacha/Srutháin/Canáil

Conair Seachbhóthair Táscach

## MAIGH CUILINN PCÁ
## LÉARSCÁIL 3B - BAINISTIÚ BAOL TUILTE
## - LAR AN BHAILE -

**NÓTA:**

Is ceart an léarscáil seo a léamh i gcomhar le Léarscáileanna 1A/1B Criosú Talamhúsáide: Léarscáileanna 2A/2B Cuspóirí Sonracha agus na beartais, cuspóirí agus treoirlínte atá imlínithe le Roinn 2 agus Roinn 3 den phlean, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistiú agus measúnú baol tuilte.